# Tuarascáil Bhliantúil 2024

Sláinte agus folláine an phobail a chothú trí shábháilteacht bia agus nósanna sláintiúla itheacháin a chur chun cinn ar oileán na hÉireann.



# Clár Ábhar


Ráiteas an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin 3

Maidir le Safefood 6

Ár bhfeachtais 10

Ár dtaighde 21

Foilseacháin 26

Ár líonraí 30

Ár rialachas 52

Tuarascáil maidir le luach saothair 58

Cuntais 63

Aguisín 1 - Ordachán cuntas 95

# Focal fáilte ónár bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin



**In Safefood, leanaimid de ról gníomhach a imirt i sábháilteacht bia agus nósanna sláintiúla itheacháin a chur chun cinn ar oileán na hÉireann. Téann an fhorbairt agus an chothabháil a dhéanaimid ar chaidrimh bhuana ar fud na sláinte poiblí, ó thuaidh agus ó dheas, chun fíorthairbhe don phobal.**

Agus muid ag féachaint siar ar an mbliain seo, is bliain í ina raibh brúnna domhanda amhail coimhlint, imirce agus an t-athrú aeráide ag leanúint ar aghaidh, ar brúnna iad a raibh tionchar acu ar an saol ar ár n-oileán. Ina theannta sin, bíonn costais fuinnimh ag cur brú ar bhuiséid teaghlaigh go fóill, cé go bhfuil roinnt feabhsuithe tagtha ar bhoilsciú, ar phraghsanna bia agus ar thráchtearraí bia. In Safefood, bímid tiomanta do dhifear a dhéanamh i saol daoine. Trí na feachtais feasachta poiblí agus na cláir phobail a sheolaimid, tríd an oiliúint nuálach a chuirimid ar fáil agus trí na caidrimh a chothaímid le geallsealbhóirí, spreagaimid roghanna bia atá níos sláintiúla, níos sábháilte agus níos inbhuanaithe i measc an phobail agus ina measc sin atá ag obair ar fud an bhiashlabhra.

Tá ról uathúil ag Safefood mar chomhlacht Thuaidh/Theas agus, trí chaidrimh a thógáil ar fud na hearnála bia, is féidir linn cabhrú le sláine bhiashlabhra ár n-oileáin a neartú agus le sláinte an phobail a fheabhsú araon. D’óstáil ár Líonra Eolais um shábháilteacht bia 31 imeacht i mbliana ar thopaicí amhail baictéir nimhithe bia, sláinteachas, bainistíocht ailléirginí, agus pacáistiú bia. Chomh maith leis sin, leathnaigh Safefood ár n-imeachtaí comhairleacha ceardlainne isteach i bpobail áitiúla, agus díriú á leagan ar oideachas gnáthshábháilteachta bia agus ar hipiríogaireacht bia. Bhíomar bródúil freisin as comhpháirtíocht a dhéanamh le Seirbhís Sláinte Comhshaoil Thuaisceart Éireann i gComhairle Buirge Chathair Ard Mhacha, Dhroichead na Banna agus Craigavon chun leabhrán faisnéiseach a fhorbairt don tionscal lónadóireachta maidir le hailléirgí bia agus le cineálacha éadulaingthe bia, chomh maith le dhá fhíseán teagaisc atá dírithe ar lónadóirí agus ar chustaiméirí a bhfuil ailléirge bia nó éadulaingt bia orthu. Leis na hacmhainní físeáin sin, tarraingítear aird ar an tábhacht a bhaineann le dea-chumarsáid idir baill foirne lónadóireachta agus an pobal chun a chinntiú go bhfreastalaítear ar a gcuid riachtanas agus go gcosnaítear a gcuid sláinte. Trí eolas a chomhroinnt agus trí chomhpháirtíochtaí oibre, is féidir lenár líonraí luach níos fearr a sholáthar don phobal, a n-oibrímid uile ar a shon, agus tacú le tosaíochtaí agus beartais an rialtais freisin.

Ós rud é go meastar gur táirgeoirí beaga nó FBManna iad 80% de na gnólachtaí bia ar fad ar an oileán, is ábhartha agus solúbtha fós atá ár n-ardán ríomhfhoghlama saor in aisce ‘Safefood don Ghnó’ agus tá an-tóir air fós. Tháinig méadú faoi thrí, beagnach, i mbliana ar ár líon iomlán úsáideoirí, agus é cothrom le 14,500 úsáideoir anois, agus tháinig méadú faoi thrí ar an líon úsáideoirí a chuir an clár iomlán i gcrích.

Ba sa bhliain seo freisin a tháinig ár gClár um Thionscnaimh Bhia Pobail 2022-2024 chun deiridh. Ba chlár trí bliana é a bhí Safefood ag cistiú go bródúil ó bhí an bhliain 2010 ann. Agus iad ceaptha chun difear dearfach a dhéanamh do nósanna itheacháin na dteaghlach a bhfuil leanaí acu agus a chónaíonn i bpobail ísealioncaim, tairgeann Tionscnaimh Bhia Pobail Safefood fíorchabhair phraiticiúil. Fuair 13 eagraíocht san iomlán cistiú chun oideachas bia a sholáthar sa phobal i mbliana, agus ghlac breis agus 14,500 duine páirt ann, lenar áiríodh tionscadail bheaga agus imeachtaí pobail. Ina theannta sin, sholáthair an clár 79 dtionscadal bheaga agus 74 imeacht pobail le linn a thréimhse oibre.

Agus é bainteach lenár n-obair pobail i réimse na dTionscnamh Bia Pobail, táimid ag lárphointe ár gcláir trí bliana 'Bunathraigh do Thralaí' i dTuaisceart Éireann, rud a reáchtáiltear i gcomhpháirt le Comhghuaillíocht na nIonad Maireachtála Sláintiúla i dTuaisceart Éireann. Tacaíonn an obair sin le pobail ar fud Thuaisceart Éireann a nósanna siopadóireachta a fheabhsú, agus soláthraíodh 18 gclár ar fáil i mbliana ar ghlac breis agus 250 rannpháirtí páirt iontu.

Le hobair ár Líonra Bochtaineachta Bia Uile-oileáin, rud a ndéantar comhchathaoirleacht air leis an nGníomhaireacht um Chaighdeáin Bhia i dTuaisceart Éireann, cinntítear go dtugann an lucht forbartha beartas an-aird ar an mbochtaineacht bia agus ar an neamhshlándáil bia. I mbliana, chuir an Líonra fáilte roimh Mike Nesbitt CTR, an tAire Sláinte, chuig a imeacht bliantúil chun taighde nua a sheoladh ar an gcaoi a léirítear bochtaineacht bia i mbeartais agus sna meáin. D'óstáil ár bhFóram um Ghníomhaíocht ar Mhurtall dhá imeacht leathbhliantúla rathúla ar fhreastail breis agus 300 comhghleacaí orthu, ar daoine iad atá chomh tiomanta agus atáimidne do rómheáchan agus murtall a chosc agus do thimpeallachtaí bia níos sábháilte a thógáil.

Cuid dhílis dár gcuid oibre in Safefood is ea obair i gcomhpháirt – is dlúth agus inneach ár n-oibre corparáidí iarbhír í. Bhí ríméad orainn i mbliana ár gcomhpháirtíocht le Cumann Sacair na hÉireann i dTuaisceart Éireann a fhadú ar feadh trí bliana eile chun leanaí a spreagadh chun roghanna sláintiúla bia a dhéanamh agus chun bheith níos gníomhaí. Tá sé mar aidhm ag an gcomhpháirtíocht fhadaithe sin níos mó ná 4,400 duine de leanaí bunscoile, de thuismitheoirí, de chaomhnóirí agus de mhúinteoirí a shroicheadh gach scoilbhliain go dtí lár na bliana 2027.

Táthar ag leanúint dár gcuid oibre le Cluichí Oilimpeacha Speisialta Éireann trínár gclár 'Health@Play'. D'fhorbair Safefood an acmhainn oideachasúil sin i gcomhar le comhordaitheoirí sláinte na gCluichí Oilimpeacha Speisialta agus is mar thoradh uirthi a sholáthraítear an t-oideachas sláinte tríd an spórt do leanaí faoi mhíchumas intleachta idir 4 bliana d'aois agus 15 bliana d'aois laistigh dá gclubanna pobail agus dá scoileanna. Sroichfidh an chomhpháirtíocht sin cúig chlub nua ar fud an oileáin gach bliain.

Táimid bródúil as ár gcuid oibre le líonra Leabharlanna Éireann freisin. Trína dtionscnamh dar teideal 'Mála Leabhar Mo Leabharlann Bheag' a reáchtáiltear i gcomhar leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, dáileadh 70,000 cóip dár leabhar scéalta 'Nigh do lámha, a Rufus' ar leanaí faoi bhun cúig bliana d'aois agus cuireadh ar fáil iad i mBéarla, i nGaeilge, i bPolainnis agus in Úcráinis.

Tá taighde eolaíoch ina chuid bhunúsach dár gcuid oibre i sábháilteacht bia agus i gcothú. I mbliana, cuireadh tús le dhá thionscadal taighde nua agus cuireadh cúig cinn eile i gcrích. I measc na dtopaicí bhí an costas atá ar chiseán bia shláintiúil, agus cur i bhfeidhm agus bainistíocht na faisnéise ailléirginí bia san earnáil lónadóireachta agus fáilteachais ar an oileán. San iomlán, foilsíodh cúig thuarascáil taighde eile i mbliana. I measc na dtopaicí bhí athfhoirmliú bia, rialú míceatocsainí i ngránaigh, agus sábháilteacht bia gléasanna cliste le linn cócaireacht á déanamh. Tá obair mo chomhghleacaithe, na ndaoine léinn agus na bhfoirne taighde a rinne an taighde nua sin le moladh, agus is infheistíocht luachmhar í i mbonn eolais a chur faoin mbeartas, in aghaidh a thabhairt ar bhearnaí eolais, inár bhfeachtais feasachta a threorú, agus i stádas sláinte an phobail a fheabhsú i gcoitinne.

I dtuairim a lán daoine, is iad ár bhfeachtais phoiblí aghaidh Safefood. Le 25 bliana anuas, tá feachtais sláinte poiblí atá dírithe ar an murtall a chosc ag déanamh iniúchadh den chuid is mó ar bhealaí chun athrú iompraíochta daoine aonair a spreagadh, agus formhór na n-idirghabhálacha dírithe ar bhealaí chun cabhrú le tuismitheoirí feabhas a chur ar roghanna bia a leanaí. Le linn an ama sin, tá athrú as cuimse tagtha ar ár dtimpeallacht bia, mar atá na háiteanna agus na spásanna ina n-idirghníomhaímid le bia. Mar phobal, spreagtar sinn i ngach áit chun bia míshláintiúil a ithe. Plúchtar sinn freisin le teachtaireachtaí margaíochta agus le promóisin le haghaidh cineálacha míshláintiúla bia agus dí, áit a leagtar díriú ar leith ar leanaí.

Tar éis comhairliúcháin lenár bpríomhsheirbhísí sláinte agus lenár bpríomh-ghealllsealbhóirí sláinte poiblí, chinn Safefood go raibh gá le hathrú sa dóigh a seoltar feachtais sláinte poiblí.

Dá réir sin, seoladh ár bhfeachtas nua cúig bliana dar teideal 'Labhair faoin mBia' i mbliana, rud a bhfuil sé mar aidhm leis feasacht a mhúscailt ar ár dtimpeallacht bia reatha agus ar cén fáth a gcaithfidh sí athrú. Is é fís fhadtéarmach an fheachtais seo a chur ar chumas gach linbh i ngach pobal nósanna sláintiúla itheacháin a fhorbairt tríd an timpeallacht bia timpeall orthu a bhunathrú chun feabhais. Léirítear sa taighde luath ó Ipsos B&A go bhfuil an feachtas ag dul i bhfeidhm ar an bpobal – chuimhnigh aosach amháin as gach triúr, beagnach, air agus d'aontaigh ochtar as gach deichniúr aosach, beagnach, gur smaoinigh siad ar cé chomh míshláintiúil agus atá ár dtimpeallacht bia reatha dá bharr.

Chun athchóiriú struchtúrach sa réimse sin a chumasú agus a chur ar aghaidh, bhunaigh Safefood Fóram Timpeallachta Bia i mbliana freisin, rud atá comhdhéanta den dá Roinn Sláinte (Éire agus Tuaisceart Éireann), den Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí (Tuaisceart Éireann), d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), den Ghníomhaireacht um Chaighdeáin Bhia (Tuaisceart Éireann) agus d'Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. Tá an grúpa comhoibríoch sin ag cur treochlár 5 bliana le chéile chun athruithe beartais agus athruithe ar leibhéal an phobail lena gcuirtear timpeallachtaí bia níos sláintiúla chun cinn a chur i gcrích.

Leanamar dár gcuid oibre ar dhea-nósanna sábháilteachta bia a chur chun cinn – craoladh ár bhfeachtas 'Cuir Iontaoibh sa Teirmiméadar Feola' arís i mbliana le linn príomhimeachtaí séasúracha ceiliúrtha bia amhail beárbaiciúnna samhraidh agus dinnéar na Nollag. Fágann sé sin gur féidir lenár bhfeachtas a bheith ábhartha agus comhthéacsúil do chócairí núíosacha agus do chócairí a bhfuil taithí acu araon. Leis an bhfeachtas, spreagtar cócairí baile chun teirmiméadar feola a úsáid le linn dóibh feolta sonracha amhail sicín iomlán, táirgí sicín, burgair, ispíní agus ceibeabanna feola a chócaráil agus le linn dóibh turcaí na Nollag a chócaráil. Is é atá i dteirmiméadair feola ná bealach fíorshábháilte chun a sheiceáil an bhfuil na bianna sin cócaráilte i gceart go 75ºC, rud a chinntíonn go maraítear aon bhaictéir nimhithe bia agus go laghdaítear an baol go dtiocfaidh breoiteachtaí bia-iompartha chun cinn i measc an phobail.

Is féidir tiomantas Safefood do chainéil dhigiteacha agus shóisialta chun comhairle iontaofa údarásach a thabhairt don phobal a fheiceáil inár dtrácht sóisialta i mbliana. Bhí ceithre mhilliún amharc leathanaigh ar ár suíomh Gréasáin ag Safefood.net, bhí níos mó ná 120,000 leantóir againn ar na meáin shóisialta, agus bhí níos mó ná 30 milliún amharc ar ár n-inneachar ar TikTok. Cé go bhfuil na huimhreacha sin measartha beag faoi láthair i saol digiteach, táimid dírithe ar chomhairle ardchaighdeáin atá comhthéacsúil, tarraingteach, cruinn agus iontaofa a sholáthar maidir leis an tsábháilteacht bia agus leis an gcothú. Ní raibh sé sin níos tábhachtaí riamh chun dul i ngleic le mífhaisnéis agus bréagfhaisnéis a bhíonn ag éirí níos dúshlánaí i gcomhthéacs na sláinte poiblí.

Déanaimid ár ndícheall fíorchaidrimh mharthanacha a chruthú chun dul chun tairbhe don phobal ar an oileán agus chun cabhrú le daoine den phobal ina ngnáthshaol laethúil. Trí obair a dhéanamh le comhpháirtithe, i gcás gurb iomchuí, spreagtar comhroinnt eolais agus an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní atá luachmhar ach teoranta. Táim an-bhuíoch de na daoine aonair, na heagraíochtaí agus na gníomhaireachtaí uile sin a d'oibrigh linn i mbliana agus a rannchuidigh a gcuid ama, saineolais agus díograise lenár misean.

Gabhaim buíochas freisin lenár mBord Comhairleach gafa agus leis an Dr Eddie Rooney, Cathaoirleach an Bhoird Ghníomhaigh. Bíonn a dtacaíocht, a n-eagna agus a n-ionchur ina gcuid ríthábhachtach dár n-obair sa tsábháilteacht bia agus sa chothú. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le mo chomhghleacaithe uile in Safefood – tá neart a ndiongbháilteachta, a ndúthrachta agus a dtiomantais dár gcuid oibre ina léiriú ar gach a bhfuil go maith faoi fhíorsheirbhís phoiblí.

**An Dr Gary A. Kearney**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**



# Maidir linne

**Comhlacht uile-oileáin a bunaíodh faoin Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999, is ea Safefood. Is é an ról atá againn feasacht agus eolas ar shábháilteacht bia agus cothú a chur chun cinn ar oileán na hÉireann.**

**Chun é sin a dhéanamh, déanaimid na nithe seo a leanas:**

- comhairle a thabhairt don phobal maidir le nósanna sláintiúla itheacháin agus sábháilteacht bia
- taighde a dhéanamh ar shábháilteacht bia agus cothú
- comhoibriú eolaíoch agus naisc eolaíocha a chur chun cinn idir saotharlanna
- measúnú neamhspleách a dhéanamh ar an soláthar bia
- faireachas a dhéanamh ar ghalair a bhaineann le réim bia

# Obair leis an bpobal

## An pobal

Bíonn an pobal i gcroílár gach a ndéanaimid. Bíodh sé trínár bhfeachtais feasachta, trínár dtaighde eolaíoch nó trínár líonraí agus comhpháirtíochtaí iomadúla, is ar dhaoine a dhírímid i gcónaí.

Trí éisteacht leis an bpobal trí thaighde margaidh, déanaimid ár ndícheall bualadh le daoine san áit ina bhfuil siad agus aghaidh a thabhairt ar a gcuid ábhair imní. Cuireann sé sin ar ár gcumas feachtais agus cumarsáidí a chruthú atá intuigthe agus ábhartha agus a théann i bhfeidhm ar an bpobal. Tá ár gcomhairle maidir le dea-nósanna sábháilteachta bia agus le tábhacht an itheacháin shláintiúil bunaithe ar na sonraí eolaíocha neamhspleácha is déanaí. Faighimid tacaíocht bhreise ó chomhghleacaithe inár bhfoirne sábháilteachta bia agus cothaithe. Baintear úsáid inár gcumarsáidí as meascán de chainéil thraidisiúnta agus nua meán, as imeachtaí, as urraíochtaí, as margaíocht laistigh de shiopaí, agus as caidreamh poiblí.

**Féach leathanach 10 chun tuilleadh faisnéise a fháil faoinár gcuid feachtas**

## Taighde

Tá taighde ardchaighdeáin, neamhspleách agus tráthúil mar bhonn agus thaca lenár gcuid oibre chun ár sainordú a chomhlíonadh. Coimisiúnaímid taighde eolaíoch chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí eolais agus ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn. Bainimid úsáid as na torthaí ar fud na heagraíochta inár bhfeachtais, inár gcomhpháirtíochtaí agus inár gcláir. Rannchuidíonn ár dtaighde le forbairt beartais agus le bunachar eolais a thógáil ar oileán na hÉireann agus thar lear freisin.

Faigheann ár ngníomhaíochtaí oifige taighde tacaíocht ónár gCoiste Comhairleach, a chuimsíonn saineolaithe sábháilteachta bia agus saineolaithe ábhar ábhartha eile ón mbiashlabhra ar fad.

**Féach leathanach 21 chun tuilleadh faisnéise a fháil faoinár gcuid taighde agus foilseachán**

## Sábháilteacht bia

Tá táirgeadh sábháilte bia, soláthar sábháilte bia agus láimhseáil shábháilte bia ar fud an bhiashlabhra ina gcuid ríthábhachtach dár sláinte phearsanta agus do gheilleagar an oileáin. In Safefood, tugtar do dhaoine lenár bhfeachtais chumarsáide an chomhairle agus an fhaisnéis phraiticiúil a theastaíonn uathu chun bia a láimhseáil agus a ullmhú go sábháilte sa bhaile. Tacaímid leo sin a tháirgeann bia freisin trí líonraí ríomhfhoghlama agus gairmiúla ábhartha eile a sholáthar. Leis an obair sin, tógtar ar ár dtaighde eolaíoch láidir, rud a chabhraíonn linn freisin saincheisteanna atá ag teacht chun cinn sa tsábháilteacht bia a shainaithint.

Mar Chomhlacht Thuaidh/Theas, táimid i riocht uathúil chun comhoibriú eolaíoch a chur chun cinn ar fud oileán na hÉireann. Bainimid leas as gairmithe sábháilteachta bia ón lucht léinn, ón tionscal agus ón earnáil phoiblí (lena n-áirítear saotharlanna), agus as daoine agus eagraíochtaí eile a bhfuil spéis acu sa tsábháilteacht bia agus sa chothú. Trí na naisc sin a thógáil, cabhraímid le sláine ár mbiashlabhra a neartú. Imríonn ár Líonra Eolais ról lárnach i gcabhrú le gairmithe ceangal agus a gcuid léargas agus saineolais a chomhroinnt le chéile.

**Féach leathanach 31 chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin Líonra Eolais agus faoi na cláir sábháilteachta bia**

## Cothú

Tá an róthroime agus an murtall fós ar dhá cheann de na fadhbanna sláinte poiblí is mó atá romhainn mar phobal, go háirithe i measc leanaí óga.

Bíonn tionchar ag róthroime ar shláinte daoine agus méadaíonn sé an baol go dtiocfaidh galair a athraíonn a saol orthu. Bíonn tionchar síceolaíoch agus sóisialta ag an stiogma a bhaineann le bheith róthrom ar dhaoine freisin, ón óige go dtí an aosacht. Déantar difear dár seirbhísí sláinte agus don gheilleagar i gcoitinne freisin. Chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sin agus ar shaincheisteanna eile amhail an bhochtaineacht bia, oibrímid i gcomhar le comhpháirtithe san earnáil sláinte poiblí, san earnáil dheonach agus pobail, agus san earnáil taighde agus tathanta.

Is é atá i gceist lenár ndíriú ar chothú ná obair i gcomhar le geallsealbhóirí ar fud oileán na hÉireann trí bhonn fianaise comhchoiteann a thógáil agus trí líonraí a fhorbairt chun tacú lenár dtionscnaimh. Déanaimid rannchuidiú agus tacú le forbairt beartas agus le cur chun feidhme beartas ar fud an oileáin. Oibrímid i gcomhar le pobail freisin chun feasacht a mhúscailt agus chun iompraíochtaí a athrú trí nósanna sláintiúla itheacháin agus oideachas bia a chur chun cinn.

**Féach leathanach 41 chun tuilleadh faisnéise a fháil faoinár gcuid clár cothaithe**

## Obair i gcomhpháirt

Teastaíonn obair foirne san iarracht feabhas a chur ar iompraíochtaí agus torthaí i sábháilteacht bia agus i nósanna sláintiúla itheacháin laistigh de phobail. Mar Chomhlacht Thuaidh/Theas, tuigimid fíorbhrí na comhpháirtíochta agus bíonn meas againn uirthi.

Trínár bhfeachtais chumarsáide agus feasachta, trínár dtaighde eolaíoch iontaofa, agus trínár líon mór líonraí gairmiúla agus caidreamh gairmiúil, gabhann lenár dtiomantas d'obair i gcomhpháirt a lán idirghníomhaíochtaí dearfacha agus naisc fhadtéarmacha, rud a théann chun tairbhe dár gcuid oibre agus don phobal.

**Féach leathanach 44 chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi obair comhpháirtíochta Safefood**



# Safefood sa bhliain 2024

**4,817**
An líon leanaí a ghlac páirt inár gcláir spórtbhunaithe itheacháin shláintiúil

**10** An líon preaseisiúintí

**123,133**
An líon leantóirí atá againn ar na meáin shóisialta

**53.9 milliún**
An líon amharc ar phostálacha meán sóisialta

**33.6 milliún**
An líon amharc ar TikTok

**5** An líon foilseachán taighde

**106,202**
An líon foilseachán a dáileadh

**2,892**
An líon scrúduithe Safefood don bheatha a cuireadh i gcrích

**4 mhilliún**
An líon amharc ar leathanaigh

**49**
An líon imeachtaí

**9,176**
An líon úsáideoirí nua Safefood don Ghnó

**53**
An líon tionscadal pobail

# Ár bhfeachtais

**In Safefood, forbraítear ár bhfeachtais agus ár gcumarsáidí chun daoine a chumhachtú leis an eolas chun difear dearfach a dhéanamh dá n-iompraíocht. Cuirtear ár bpríomhtheachtaireachtaí maidir le sábháilteacht bia, sláinteachas bia agus cothú in iúl ach leas a bhaint as meascán d’fhógraíocht, de na meáin dhigiteacha agus shóisialta, de chaidreamh poiblí, de mhargaíocht dhíreach, d’imeachtaí poiblí agus gairmiúla, d’fhoilseacháin, d’urraíocht agus dár suíomh Gréasáin.**

I mbliana, áiríodh lenár bhfeachtais treo nua i dteachtaireachtaí sláinte poiblí chun murtall a chosc, comhairle thábhachtach sábháilteachta bia a chur chun cinn le linn príomhócáidí séasúracha, oiliúint sábháilteachta bia saor in aisce a sholáthar ar líne do ghnólachtaí beaga bia, agus taighde eolaíoch nua a sheoladh.



# Feachtas sláinte poiblí – timpeallacht bia níos sábháilte a thógáil

**Is iad fadhbanna sláinte a bhaineann le bia an phríomhchúis le galair inchoiscthe agus le bás luath sa domhan forbartha – agus iad ina bhfadhbanna níos mó ná an caitheamh tobac, fiú. Is róthrom nó murtallach atá leanbh amháin as gach ceathrar i dTuaisceart Éireann agus leanbh amháin as gach cúigear in Éirinn.**

Dá dheasca sin, tá baol níos mó ann go dtiocfaidh galair a athraíonn an saol orthu sin. I measc na ngalar sin tá diaibéiteas chineál 2, galar croí agus a lán ailsí coitianta. Tá seans níos mó ann freisin go bhfulaingeoidh siad dochar síceolaíoch agus sóisialta le linn na hóige mar gheall ar stiogma an mheáchain.

## An dóigh a ndéanann ár dtimpeallacht bia difear dár sláinte

Le 30 bliain anuas, tá feachtais sláinte poiblí atá dírithe ar an murtall a chosc ag déanamh iniúchadh den chuid is mó ar bhealaí chun athruithe iompraíochta daoine aonair a spreagadh, agus formhór na n-idirghabhálacha dírithe ar bhealaí chun cabhrú le tuismitheoirí feabhas a chur ar roghanna bia a leanaí. Le linn an ama sin, tá athrú as cuimse tagtha ar ár dtimpeallacht bia, mar atá na háiteanna agus na spásanna ina n-idirghníomhaímid le bia. Mar phobal, spreagtar sinn i ngach áit chun bia míshláintiúil a ithe. Plúchtar sinn le teachtaireachtaí margaíochta agus le promóisin le haghaidh cineálacha míshláintiúla bia agus dí, agus spriocdhírítear ar leanaí go háirithe.

## Maidir leis an bhfeachtas

Tar éis comhairliúcháin lenár bpríomhsheirbhísí sláinte agus lenár bpríomh-gheallsealbhóirí sláinte poiblí ar an oileán, chinneamar go raibh gá le hathrú sa dóigh a seoltar feachtais sláinte poiblí.Tá sé mar aidhm leis an gcéad chuid den fheachtas nua cúig bliana sin dar teideal ‘Labhair faoin mBia’ feasacht a mhúscailt ar ár dtimpeallacht bia reatha agus ar cén fáth a gcaithfidh sí athrú. Is é fís fhadtéarmach an fheachtais seo a chur ar chumas gach linbh i ngach pobal nósanna sláintiúla itheacháin a fhorbairt tríd an timpeallacht bia timpeall orainn a bhunathrú chun feabhais.
Inár bhfeachtas, iarrtar ar an bpobal breithniú a dhéanamh ar an timpeallacht bia timpeall orthu, labhairt fúithi sin, agus machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a dtéann infhaighteacht, praghsáil agus cur chun cinn an bhia mhíshláintiúil i bhfeidhm ar gach duine, agus ar leanaí go háirithe.

Léirítear san fheachtas an chaoi a spreagann ár dtimpeallacht bia reatha sinn chun bia míshláintiúil a ithe tríd an domhan sin a léiriú ó leibhéal súl an linbh. Tá leanaí thar a bheith leochaileach, agus bia míshláintiúil á chur chun cinn agus á phraghsáil go díréireach agus á chur in aice láimhe go héasca agus ag leibhéal a súl.

Bhí fógraíocht ar an teilifís, ar phóstaeir lasmuigh, ar an raidió, sna meáin dhigiteacha agus sna meáin shóisialta mar chuid den fheachtas. Áiríodh lenár n-inneachar meán sóisialta ‘Guthanna Iontaofa’. Is é a bhí ann ná scéalta fíorshaoil faoi theaghlaigh agus iad ag déanamh a mbealaigh tríd an timpeallacht bia, mar aon le tráchtaireacht shaineolach ó dhochtúirí, ó chothaithigh agus ó shíceolaithe iompraíochta. Trí scéalta intuigthe ón bpobal a chomhcheangal leis na guthanna saineolacha iontaofa sin, bhí sé mar aidhm leis an bhfeachtas an tsaincheist a dhéanamh infheicthe, mothúchánach agus práinneach.

## An bealach a réiteach le haghaidh athruithe fadtéarmacha

Chun tacú le hathchóiriú struchtúrach, bhunaíomar Fóram Timpeallachta Bia sa bhliain 2024. Tugtar le chéile leis sin na Ranna Sláinte (d'Éirinn agus do Thuaisceart Éireann, an Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí (Tuaisceart Éireann), Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in Éirinn, an Ghníomhaireacht um Chaighdeáin Bhia (Tuaisceart Éireann), agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. Tá an fóram ag forbairt treochlár cúig bliana chun athruithe beartais agus athruithe ar leibhéal an phobail lena gcuirtear timpeallachtaí bia níos sláintiúla chun cinn a chur i gcrích.




Sa phictiúr ag seoladh an fheachtais Timpeallachta Bia (ó chlé go deas): an Dr Aileen McGloin, Stiúrthóir um Chothú, Safefood; Mike Nesbitt CTR, an tAire Sláinte; an tAire Sóisearach Aisling Reilly CTR; Stephen Donnelly TD, an tAire Sláinte; agus an Dr Gary A. Kearney, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Safefood.

## Tionchair luatha an fheachtais

Fuarthas amach i dtaighde ó Ipsos B&A (Meán Fómhair 2024) go ndeachaigh an feachtas i bhfeidhm go mór ar an bpobal.

**(31%)**

An céatadán d'aosaigh a chuimhnigh ar fhógra teilifíse an fheachtais.

**(74%)**

An céatadán d'aosaigh a dúirt gur fhoghlaim siad rud éigin nua faoi nochtadh leanaí do bhia míshláintiúil mar thoradh ar an bhfeachtas.

**(89%)**

An céatadán d'aosaigh a thuig an phríomhtheachtaireacht.

**(67%)**

An céatadán d'aosaigh a dúirt gur ábhar imní dóibh iad na pointí a tarraingíodh anuas.

**(77%)**

An céatadán d'aosaigh a dúirt gur thosaigh siad ag smaoineamh ar cé chomh míshláintiúil agus atá ár dtimpeallacht bia mar gheall ar an bhfeachtas.

Ghin na físeáin 'Guthanna Iontaofa' **2.87 milliún amharc** mar aon le **3,199 n-idirghníomhaíocht**, agus ghin físeáin na n-ambasadóirí **1.14 milliún amharc** mar aon le **1,952 idirghníomhaíocht**.

# Feachtas sábháilteachta bia: Cuir Iontaoibh sa Teirmiméadar Feola

Chun leanúint dár gcuid oibre ar dhea-nósanna sábháilteachta bia a chur chun cinn, craoladh ár bhfeachtas 'Cuir Iontaoibh sa Teirmiméadar Feola' arís i mbliana. Tá sé mar aidhm leis an bhfeachtas cócairí baile a spreagadh chun teirmiméadar feola a úsáid le linn dóibh feolta sonracha amhail sicín iomlán, táirgí sicín, burgair, ispíní, ceibeabanna feola agus turcaí na Nollag a chócaráil. Is é atá i dteirmiméadair feola ná bealach fíorshábháilte chun a sheiceáil an bhfuil na bianna sin cócaráilte i gceart go 75 °C, rud a laghdaíonn an baol go dtiocfaidh breoiteachtaí bia-iompartha chun cinn.

Dírítear san fheachtas ar bheárbaiciúnna samhraidh agus ar dhinnéar na Nollag mar phríomhócáidí séasúracha chun teachtaireachtaí sábháilteachta bia a chur chun cinn dóibh siúd atá páirteach i mbia a ullmhú. Fágann sé sin go bhfuil ár bhfeachtas ábhartha agus comhthéacsúil do chócairí núíosacha agus do chócairí a bhfuil taithí acu araon.

## Seó Bhaile Mhoireil

Is é Seó Bhaile Mhoireil, a thionóltar i mí na Bealtaine, an t-imeacht poiblí is mó i dTuaisceart Éireann agus ba dheis iontach é chun plé a dhéanamh leis an bpobal faoi bhia. I mbliana, rinneamar urraíocht ar shliotáin chócaireachta mar chuid den chistin taispeántais cócaireachta i bPailliún Bia Thuaisceart Éireann. Trí na taispeántais bheo sin, thugamar teachtaireachtaí sábháilteachta bia go díreach don phobal agus spreagamar cócairí chun teirmiméadar feola a úsáid sa bhaile.

Rinneadh poiblíocht ar na sliotáin chócaireachta ar na meáin shóisialta agus trí chomhpháirtíocht raidió le U105.

Chomh maith leis sin, chomhroinn na hóstaigh ar stallaí cócaireachta Tesco agus Marks & Spencer ár gcomhairle sábháilteachta bia, rud a chinntigh gur soláthraíodh cumarsáidí comhsheasmhacha comhordaithe maidir le sábháilteacht bia ar feadh cheithre lá Sheó Bhaile Mhoireil.



## Beárbaiciúnna samhraidh

Cé go ndeachaigh aimsir mheasctha na bliana seo i bhfeidhm ar dhíolacháin bianna beárbaiciú, ba thráth iontach iad míonna an tsamhraidh fós chun an tábhacht a bhaineann le teirmiméadar feola a úsáid agus duine ag cócaráil ar bheárbaiciú a chur in iúl. Áiríodh leis an bhfeachtas caidreamh leis an bpreas agus leis an bpobal; inneachar meán sóisialta le Nico Reynolds agus le Rory Martin, cruthaitheoirí; agus rannán tiomnaithe ar shuíomh Gréasáin Safefood, áit ar tugadh inneachar praiticiúil do chócairí baile.






Sa phictiúr: Nico Reynolds (ag an mbarr) agus Rory Martin agus iad ag seoladh fheachtais samhraidh Safefood i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste.

## Turcaí na Nollag

Chuireamar teachtaireachtaí séasúracha sábháilteachta bia in iúl i mí na Samhna agus i mí na Nollag chun béim a leagan ar na buntáistí a bhaineann le teirmiméadar feola a úsáid agus turcaí á chócaráil don Nollaig.

Chomh maith leis sin, cuireadh chun cinn lenár bhfeachtas Nollag ár n-uirlisí tiomnaithe ar líne do chócairí baile: an t-áireamhán ama cócarála turcaí, rud lena dtugtar amanna beachta cócarála do mheáchain éagsúla turcaí agus do chineálacha éagsúla turcaí (turcaí iomlán, turcaí líonta, coróin turcaí, turcaí díchnámhaithe agus turcaí rollta); agus pleanálaí dhinnéir na Nollag, rud lena gcabhraítear le daoine a phleanáil cá mhéad bia a bheidh ag teastáil uathu do Lá Nollag, chun cabhrú leo a gcostais a bhainistiú agus dramhaíl bhia a laghdú.

D'oibríomar i gcomhar le comhpháirtithe miondíola don Nollaig, agus breis agus 250 siopa grósaera agus siopa búistéara mórshráide ag glacadh páirt san fheachtas. Chuir na siopaí sin bileoga Cócaireachta Nollag Safefood ar taispeáint, mar aon le greamáin agus ábhair chlóite eile laistigh de shiopaí lenar treoraíodh siopadóirí chuig ár n-acmhainní ar líne.

Ghníomhaigh Gareth Mullins, príomhchócaire, agus Maria Harte, cócaire ar líne, mar ambasadóirí don fheachtas in Éirinn, agus iad le feiceáil i ngairm grianghraf preasa agus ag glacadh páirt in agallaimh theilifíse ar chláir chócaireachta. I dTuaisceart Éireann, d'oibrigh Niall McKenna, príomhchócaire, i gcomhpháirt leis an bhfeachtas. Chun rannpháirtíocht a chruthú maidir lenár bpríomhtheachtaireachtaí ar TikTok agus ar Instagram, chuaigh an feachtas i gcomhpháirt le Eric Roberts, cruthaitheoir inneachair ar líne, freisin.



Sa phictiúr: Maria Harte, cruthaitheoir inneachair agus cócaire, agus í ag seoladh fheachtas sábháilteachta bia na Nollag de chuid Safefood.

# Torthaí an fheachtais

## Seó Bhaile Mhoireil

Shroich feachtas meán sóisialta Safefood **1.2 milliún duine**, agus breis agus **85,000 idirghníomhaíocht ann.**

## Beárbaiciú samhraidh

Chonaic breis agus **1.3 milliún duine** an feachtas ar Instagram, agus breis agus **3,400 idirghníomhaíocht** ann.

Dáileadh níos mó ná **30,000 bileog feachtais** trí chomhpháirtíochtaí miondíola le Cumann Búistéirí Ceirde na hÉireann, le Máistirbhúistéirí Thuaisceart Éireann agus le siopaí móra Spar, Londis agus Mace.

**Shroicheamar níos mó ná 1.2 milliún duine** le **17 bpíosa de chlúdach neamhíoctha sna meáin** (ar an teilifís, ar an raidió, sna meáin chlóite agus ar líne).

## Feachtas na Nollag

**Bhain an feachtas torthaí láidre digiteacha agus caidrimh phoiblí amach:**

**Sroicheadh 9 milliún** duine ar oileán na hÉireann, agus luadh an feachtas sna meáin níos mó ná **120 uair**

## Iompraíochtaí a athrú

**21%**

An méadú in úinéireacht teirmiméadar feola ó bhí an bhliain 2021 ann.

**78%**

An céatadán de thiontuithe ar leathanach an Áireamháin Cócarála Turcaí **Méadú 3%** i gcomparáid leis an mbliain 2023.

**69%**

An céatadán de thiontuithe ar leathanach Phleanálaí Dhinnéar na Nollag **Méadú 10%** i gcomparáid leis an mbliain 2023.

**D'aontaigh 50% de na daoine a d'úsáid teirmiméadar feola** chun a sheiceáil an raibh a dturcaí cócaráilte i gceart gur mar gheall ar chomhairle ó Safefood a rinne siad amhlaidh

**Dúirt 32% de dhaoine** nach bhfuil teirmiméadar feola acu faoi láthair go bhfuil sé ar intinn acu ceann a cheannach (suirbhé Ipsos B&A ar **2,006 fhreagraí** ar oileán na hÉireann, Eanáir 2024)

# Safefood don Ghnó

**Ar oileán na hÉireann, tá thart ar 58,000 gnólacht i mbun bia a tháirgeadh nó a dhíol. Meastar gur táirgeoirí beaga bia iad 80% díobh sin. Tugaimid spreagadh do ghnólachtaí beaga bia clárú le haghaidh ár n-uirlise ríomhfhoghlama saor in aisce ar shábháilteacht bia darb ainm 'Safefood don Ghnó' trí fheachtas fógraíochta a sheoltar ar an teilifís, ar an raidió, sna meáin shóisialta, agus ar chainéil dhigiteacha.**

Leagadh díriú i bhfeachtas na bliana seo ar na príomhbhuntáistí don earnáil seo a bhaineann leis an acmhainn a úsáid – tá sí saor in aisce, solúbtha do riachtanais ghnó, agus ar fáil go hiomlán ar líne. Baineadh úsáid as TikTok den chéad uair riamh san fheachtas freisin, agus an t-inneachar forbartha ag úinéirí gnólachtaí beaga bia iad féin.



## 1. Méadú ar an líon úsáideoirí.

Tháinig méadú faoi thrí, beagnach, ar an líon iomlán úsáideoirí, ag méadú ó **5,082** úsáideoir sa bhliain 2023 go **14,544** úsáideoir sa bhliain 2024.

## 2. Clár iomlán Safefood.

Bliain shuntasach ba ea an bhliain 2024, agus **3,202** úsáideoir ag críochnú an chláir iomláin (gach modúl), i gcomparáid le **984** úsáideoir a rinne amhlaidh sa bhliain 2023.

## 3. Idirghníomhaíocht Úsáideoirí.

De réir mar a chuaigh níos mó úsáideoirí isteach, mhéadaigh an líon idirghníomhaíochtaí, ar dá bharr a malartaíodh **1,624** ríomhphost le Safefood.

## 4. Aiseolas Dearfach.

Sa bhliain 2024, chuireamar foirm aiseolais leis an gcúrsa agus bhí ríméad orainn aiseolas agus moltaí den chéad scoth a fháil.

## Chomhroinn breis agus 2,000 foghlaimeoir a n-aiseolas

**86%**

An céatadán a dúirt go raibh an cúrsa dea-eagraithe

**86%**

An céatadán a mheas go raibh na quizeanna éasca le húsáid

**84%**

An céatadán a bhain taitneamh as na gnéithe idirghníomhacha

**87%**

An céatadán a mheas go raibh na treoracha soiléir

**82%**

An céatadán a mheas go raibh sé éasca dul trí na modúil

# Ár bhfeachtais

## Suíomh Gréasáin

Chonaiceamar athruithe suntasacha i mbliana ar an timpeallacht dhigiteach ina bhfeidhmíonn Safefood. Is cinnte go raibh tionchar ar ár dtrácht Gréasáin ag na nithe seo a leanas: tabhairt isteach na n-uirlisí tuairiscithe agus anailíseacha nua ó Google (GA4); an t-aistriú luath i dtreo cuardaigh Intleachta Saorga agus ChatGPT; agus an t-aistriú a rinne ardáin chuig freagraí a sholáthar seachas naisc chuig faisnéis a sholáthar. Is dóigh go bhfeicfear tionchar iomlán na n-athruithe sin an bhliain seo chugainn.

D'ainneoin na n-athruithe sin, bhí an trácht Gréasáin chuig Safefood.net láidir fós don bhliain. Níor tháinig ach laghdú 4% ar an líon cuairteanna agus níor tháinig ach laghdú 3% ar an líon amharc uathúil ar leathanaigh i gcomparáid leis an mbliain 2023. Ba é ár nÁireamhán Turcaí an leathanach ba mhó cuairt, áit a ndearna 78% de na cuairteoirí ríomh. Ba mhéadú 3% é sin i gcomparáid leis an mbliain 2023. Tháinig ár leathanach feachtais maidir le sábháilteacht bia beárbaiciú chun bheith ar an 3ú leathanach ba mhó cuairt, óna bheith ar an 27ú leathanach ba mhó cuairt sa bhliain 2023. Is dóigh gur tharla sé sin mar thoradh ar ár bhfeachtais feasachta maidir le teirmiméadair feola. Le seoladh ár bhfeachtais nua Timpeallachta Bia i mbliana, ba é an leathanach lamairne don fheachtas sin an séú leathanach ba mhó cuairt dár gcuid. Is iad innill chuardaigh an príomhbhealach ar a n-aimsíonn daoine ár suíomh Gréasáin fós. Faoi dheireadh na bliana 2024, bhí scór inrochtaineachta an tsuímh gréasáin cothrom le 88%, de réir an Údaráis Náisiúnta Míchumais.



Ba é ár n-áireamhán ama cócarála turcaí an leathanach ba mhó cuairt, agus ghin sé méadú 3% ar an líon tiontuithe i gcomparáid leis an mbliain seo caite freisin.

## Na meáin shóisialta

Cé go mbíonn an tírdhreach meán sóisialta ag athrú i gcónaí, tá sé níos iomaíche, níos costasaí agus níos físeánbhunaithe anois. Fágann sé sin go mbíonn sé níos deacra dúinn tionchar a imirt lenár n-inneachar agus chuir sé brú suntasach ar ár n-acmhainní airgeadais agus cruthaitheacha freisin. Tá sé níos deacra freisin rath a rianú. I mbliana, dhírigh Safefood ar ár bpobal ar líne a bhainistiú agus ar aird ár spriocphobail a tharraingt.

Chabhraigh seoladh ár bpróifíle ar TikTok i mí na Nollag 2023 lenár gclúdach a leathnú, go háirithe i measc daoine óga. Tháinig méadú 50% ar an líon daoine a thug cuairt ar ár suíomh Gréasáin trí inneachar meán sóisialta, agus tháinig méadú ar ár líon iomlán leantóirí faoi 3% go níos mó ná 116,000 leantóir. Tharla sé sin d'ainneoin na fírice gur éirigh an lucht féachana ar Facebook marbhánta agus gur tháinig laghdú ar an lucht féachana ar X. Tháinig méadú ar an líon uaireanta a chonaic daoine ár n-inneachar, ó 1.8 milliún uair sa bhliain 2023 go 50 milliún uair sa bhliain 2024, agus TikTok ar an gcúis is mó leis sin. Tháinig méadú ar an líon amharc ar fhíseáin freisin, ó bhreis agus 202,000 amharc sa bhliain 2023 go breis agus 14 mhilliún amharc. Ba é TikTok ba chúis leis sin freisin. Tháinig méadú 40% ar an líon cliceálacha a gineadh le fógraí cuardaigh, agus tháinig laghdú ar chostas gach cliceála ar leith ó 0.54% sa bhliain 2023 go 0.37% sa bhliain 2024.

Maidir le hinneachar físeáin shóisialta, léiríodh sraith nua de naoi bhfíseán oidis agus de shé fhíseán scileanna cócaireachta. Ba iad Ben Arnold agus Diarmuid Ó Mathúna, príomhchócairí, a d'óstáil iad sin agus ghin na físeáin níos mó ná 1.47 milliún amharc. Chun an Lá Domhanda um Níochán Lámh i mí Dheireadh Fómhair a chomóradh, léiríodh trí fhíseán shóisialta inar taispeánadh dea-shláinteachas lámhainní (don tionscal lónadóireachta/ fáilteachais) agus conas scaipeadh baictéar a sheachaint. San iomlán, ghin siad sin níos mó ná 400,000 amharc.

I mbliana freisin, cruthaíodh ár gcéad fhíseáin shóisialta inmheánacha vox pop riamh, a scannánaíodh leis an bpobal i mBéal Feirste agus i mBaile Átha Cliath. Forbraíodh iad sin chun tábhacht thomhaltas Vitimín D a chur chun cinn agus ghin siad níos mó ná 310,000 amharc.

Chun tacú lenár bhfeachtas timpeallachta bia, chruthaíomar Guthanna Iontaofa – sraith físeán atá le comhroinnt ar na meáin shóisialta. Bhí saineolaithe gairmiúla ó réimsí na margaíochta, agus an chleachtaidh ghinearálta, amhail an mhíochaine, an tsíceolaíocht iompraíochta, agus an cothú sláinte poiblí, le feiceáil iontu sin. Sna físeáin, pléann na saineolaithe raon topaicí, amhail an chaoi a mbíonn tionchar ag a dtimpeallacht, ag an bhfógraíocht bia agus ag an tionscal bia ar dhearcthaí leanaí i leith an bhia.

San iomlán, mheall na físeáin níos mó ná 50,000 amharc ar fud Facebook, LinkedIn, agus Instagram. Nuair a úsáideadh iad mar "ghearrscannáin" YouTube, bhí meánráta amhairc ab ionann agus 75% acu, rud is ábhar spreagtha d’fhorbairtí an fheachtais amach anseo.




## Athnuachan branda

Sa bhliain 2024, rinneamar nuashonrú ar ár dtreoirlínte branda chun tuilleadh comhsheasmhachta, soiléire agus inrochtaineachta a chinntiú i ngach cumarsáid de chuid Safefood. Lenár bhféiniúlacht athnuaite, nuachóirítear an chuma atá orainn agus cabhraítear lena chinntiú gur féidir ár gcumarsáidí maidir le sábháilteacht bia agus le nósanna sláintiúla itheacháin a shainaithint go soiléir.

Tá ár dtreoirlínte branda nuashonraithe ar fáil ar ár suíomh Gréasáin.

**Lógó Safefood roimhe sin**

safefood

**Lógó nuashonraithe Safefood, 2024**

Safefood

# Ár dtaighde

**Maidir leis an obair a dhéanaimid ar shábháilteacht bia, cothú agus bia sláintiúil a chur chun cinn, tá sí spriocdhírithe ar an mbiashlabhra ina iomláine. Dá bhrí sin, is air sin atá ár gcuid taighde dírithe.**

Ceann amháin dár bpríomhfheidhmeanna is ea "glacadh coiteann a chruthú gur ar tháirgeoirí, próiseálaithe agus dáileoirí ar gach leibhéal, ar lónadóirí agus ar an bpobal atá an fhreagracht as bia sábháilte a sholáthar".

Cuirimid an biashlabhra ar fad san áireamh inár ndearcadh ar thaighde, agus cinntímid go mbíonn ár gclár taighde ceangailte lenár bpríomhfheidhmeanna agus go dtacaíonn sé leo. Bainimid úsáid as an taighde sin chun an bonn fianaise a thógáil le haghaidh cumarsáidí (lena n-áirítear ár bhfeachtais feasachta poiblí) a bhfuil tacaíocht eolaíochta acu a fhorbairt, ar bonn fianaise é atá soiléir, údarásach, ábhartha agus neamhspleách. Toradh eile atá ar an obair eolaíochta sin is ea go mbreisítear an tuiscint atá againn ar ghuaiseacha féideartha sa táirgeadh bia agus ar na bearta a theastaíonn chun na guaiseacha sin a íoslaghdú nó a dhíothú.

Ag obair dó le príomh-gheallsealbhóirí in institiúidí taighde agus eile, táimid ag cothú caidreamh oibre uile-oileáin agus ag breisiú comhpháirtíochtaí idir institiúidí taighde ar fud oileán na hÉireann.



# Tionscadail taighde

**Cuireadh tús leis na tionscadail taighde seo a leanas sa bhliain 2024.**



### An dtéann an ghéarchéim costas maireachtála atá ann cheana i bhfeidhm ar an eolas agus na hiompraíochtaí a bhaineann le bia a cheannach, a stóráil agus a chócaráil sa bhaile?

**Sa tionscadal seo:**

- scrúdaíodh na braistintí reatha atá ag tomhaltóirí ar an ngéarchéim costais maireachtála
- cinneadh an bhfuil athrú tagtha ar iompraíochtaí i ndáil le bia a cheannach, a stóráil agus a chócaráil sa bhaile mar thoradh ar an ngéarchéim costais maireachtála
- sainaithníodh na straitéisí bainistíochta acmhainní bia reatha atá á gcur chun feidhme ar oileán na hÉireann

Bainfear úsáid as torthaí an staidéir sin chun bonn eolais a chur faoi mholtaí maidir le heolas agus iompraíochtaí a bhaineann le bia a cheannach, a stóráil agus a chócaráil sa bhaile le linn na géarchéime costais maireachtála agus ina diaidh. Áiríodh leis an tionscadal 18 mí ceithre staidéar taighde agus bhí sé ar siúl ón 1 Meitheamh 2024 go dtí an 30 Samhain 2025.




**Cur i bhfeidhm agus bainistíocht na faisnéise ailléirginí bia do bhianna neamh-réamhphacáilte ag an earnáil lónadóireachta agus fáilteachais ar oileán na hÉireann.**

Déanann an tionscadal seo measúnú ar na dúshláin atá os comhair cineálacha éagsúla gnólachtaí bia maidir le comhlíonadh a dhéanamh ar cheanglais faisnéise ailléirginí an rialacháin um Fhaisnéis Bia do Thomhaltóirí, i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn araon.

**Déanfar an tionscadal in dhá chéim:**

I gCéim 1, déanfar iniúchadh ar cé chomh maith agus a chloíonn gnólachtaí bia le ceanglais an rialacháin maidir le faisnéis ailléirginí a sholáthar i mbianna neamh-réamhphacáilte.

I gCéim 2, díreofar ar na gnólachtaí sin a bhfuil deacrachtaí acu an reachtaíocht a chomhlíonadh. Sainaithneofar inti freisin na cúiseanna leis na deacrachtaí sin agus cinnfear inti cé na hidirghabhálacha ba cheart a dhéanamh chun rátaí comhlíontachta a fheabhsú.

Beidh an taighde ina obair chomhoibríoch lena mbeidh baint ag taighdeoirí ó thrí ollscoil: Ollscoil na Banríona, Béal Feirste; Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath; agus Ollscoil Birmingham. Bainfidh an fhoireann ildisciplíneach sin úsáid as raon modheolaíochtaí chun anailís chuimsitheach a sholáthar ar na cleachtais agus na dúshláin reatha a bhaineann le faisnéis ailléirginí a bhainistiú sa tionscal lónadóireachta agus fáilteachais.

Beidh na fionnachtana ón tionscadal seo ina gcuid ríthábhachtach de shábháilteacht bia a fheabhsú agus de thacú le gnólachtaí a bhfreagrachtaí rialála a chomhlíonadh. Mhair an tionscadal 18 mí ón 1 Feabhra 2024 go dtí an 31 Iúil 2025.

## Tionscadail a cuireadh i gcrích sa bhliain 2024

Cuireadh na tionscadail taighde seo a leanas i gcrích sa bhliain 2024 nó tá siad le foilsiú sa bhliain 2025



### Comhairle sábháilteachta bia d'othair leochaileacha agus do chónaitheoirí leochaileacha i suíomhanna cúram sláinte ar oileán na hÉireann

Sa tionscadal seo, a ndearna Ollscoil Uladh é, imscrúdaíodh na dearcthaí, na beartais agus na cleachtais reatha a bhaineann le stóráil, láimhseáil agus sábháilteacht bianna ardriosca a thugtar isteach d'othair leochaileacha i suíomhanna cúram sláinte ar oileán na hÉireann.




### Laghdú a dhéanamh ar nochtadh leanaí agus ógánach do mhargaíocht dhigiteach bianna míshláintiúla

Bhí sé mar aidhm leis an tionscadal seo, a ndearna an Ollscoil Oscailte é, Creat CLICK na hEagraíochta Domhanda Sláinte a chur chun feidhme chun dearcadh iomlánaíoch domhain a fhorbairt i leith na caoi a margaítear bia agus deochanna go digiteach agus i leith na caoi a rialáiltear í sin ar oileán na hÉireann. Tugtar anailís ar chearta leanaí leis freisin.




### Teachtaireachtaí bia do leanaí agus d'ógánaigh – cé na nithe a n-éiríonn leo?

Bhí sé mar aidhm leis an tionscadal seo, a ndearna Ollscoil Uladh é, straitéisí éifeachtacha teachtaireachtaí bia a shainaithint do leanaí agus d'ógánaigh ar oileán na hÉireann. Leis na fionnachtana, tacófar le geallsealbhóirí, lena n-áirítear Safefood, maidir le cláir, idirghabhálacha agus feachtais atá níos éifeachtaí a fhorbairt trí úsáid a bhaint as teachtaireachtaí bia atá cuí ó thaobh aoise agus forbartha de chun fíor-athruithe iompraíochta a sholáthar.




## Bochtaineacht bia a chur in iúl – an dioscúrsa reatha ar oileán na hÉireann a thuiscint

Tarlaíonn bochtaineacht bia nó neamhshlándáil bia nuair nach bhfuil bia a bhfuil luach cothaitheach leordhóthanach aige chun dea-shláinte a chothú ar acmhainn daoine agus teaghlach nó nuair nach bhfuil siad in ann rochtain a fháil air. Dá bhrí sin, tá sí ina cinntitheach sóisialta aitheanta sláinte a bhfuil baint aige le roinnt iarmhairtí diúltacha ar an tsláinte agus ar an bhfolláine d'aosaigh agus do leanaí. I bhfianaise an róil ar leith atá ag na meáin i gclárcheapadh agus i bhfianaise an tionchair atá acu ar thuairimí agus tosaíochtaí an lucht déanta beartas agus an phobail a mhúnlú, tá gá le tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi a léirítear bochtaineacht bia sna meáin agus ar an gcaoi a ndéanann príomh-ghealsealbhóirí an tsaincheist a bhrath agus a thuiscint.

Sa tionscadal taighde sin, a bhí faoi stiúir Ollscoil na Gaillimhe, leagadh plean cuimsitheach amach chun na ceisteanna sin a shoiléiriú.



## Cá mhéad atá ar chiseán bia shláintiúil in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann?

Ba é cuspóir taighde an tionscadail seo ná a fháil amach cá mhéad atá ar chiseán de na bianna sláintiúla riachtanacha íosta do na teaghlaigh is mó atá i mbaol na bochtaineachta bia. Ba é an tIonad Taighde um Chaighdeáin Riachtanacha Íosta Mhaireachtála de chuid Chumann Naomh Uinseann de Pól a rinne an taighde sin.

# Foilseacháin

## Tuarascálacha taighde

D'fhoilsíomar cúig thuarascáil taighde sa bhliain 2024.




### Athfhoirmliú Bia: Tuairimí an Phobail

Sa tuarascáil seo, iniúchtar dearcthaí an phobail i leith sé chineál bia phróiseáilte a athfhoirmliú chun iad a dhéanamh níos sláintiúla tríd an méid salainn, saille, siúcra agus calraí atá istigh iontu a laghdú.

Tugadh le fios sna fionnachtana dearcthaí dearfacha i leith an athfhoirmlithe, go háirithe i gcás buntáistí sláinte, cé gur suntasach a bhí na hábhair imní a cuireadh in iúl faoin mblas, faoin gcostas, agus faoin gcrapbhoilsciú (cásanna inarb amhlaidh a dhíoltar mír, amhail barra seacláide, i gcion níos lú ach nach n-athraíonn an praghas). B'fhearr le formhór na rannpháirtithe cumarsáid thrédhearcach maidir le hathruithe, agus gairmithe sláinte agus an rialtas sainaitheanta mar phríomhspreagthaigh.





### Cultúr Láidir Sábháilteachta Bia a Bhunú i nGnólachtaí Beaga Bia

Faoi rialacháin nua ón Aontas Eorpach, ní mór do gach gnólacht bia cultúr cuí sábháilteachta bia a chur i bhfeidhm. Scrúdaíodh sa taighde na dearcthaí i leith sábháilteacht bia i measc gnólachtaí beaga bia, mar aon leis na baic agus na héascaitheoirí i ndáil le cultúr láidir sábháilteachta bia a bhunú. Mar chuid den tionscadal, rinneadh roinnt uirlisí agus idirghabhálacha a thriail agus a mheas. Áiríodh leo sin ár n-acmhainn ríomhfhoghlama ar shábháilteacht bia darb ainm 'Safefood don Ghnó'.




### Bochtaineacht Bia a Chur in Iúl – An Dioscúrsa Reatha ar Oileán na hÉireann a Thuiscint

Tarlaíonn bochtaineacht bia nó neamhshlándáil bia nuair nach bhfuil bia a bhfuil luach cothaitheach leordhóthanach aige chun dea-shláinte a chothú ar acmhainn daoine agus teaghlach nó nuair nach bhfuil siad in ann rochtain a fháil air. Dá bhrí sin, tá sí ina cinntitheach sóisialta aitheanta sláinte a bhfuil baint aige le roinnt iarmhairtí diúltacha ar an tsláinte agus ar an bhfolláine d'aosaigh agus do leanaí. I bhfianaise an róil atá ag na meáin i gclárcheapadh agus i bhfianaise an tionchair atá acu ar thuairimí agus tosaíochtaí an lucht déanta beartas agus an phobail a mhúnlú, tá gá le tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi a léirítear bochtaineacht bia sna meáin agus ar an gcaoi a ndéanann príomh-gheallsealbhóirí an tsaincheist a bhrath agus a thuiscint.




## Gléasanna Cliste sa Chistin

Tarraingítear aird sa tuarascáil seo ar an úsáid fhorleathan a bhaintear as gléasanna cliste amhail fóin chliste nó ríomhairí táibléid i gcistineacha tí ar oileán na hÉireann. Léirítear inár dtaighde conas is féidir leis na gléasanna sin gníomhú mar mheáin le haghaidh traséilliú baictéar díobhálach le linn ullmhúchán bia. Leagtar béim sa tuarascáil ar an ngá atá le feasacht níos fearr i measc tomhaltóirí agus le cleachtais sláinteachais níos fearr chun laghdú a dhéanamh ar na rioscaí sábháilteachta bia a bhaineann leis na gléasanna sin a úsáid sa chistin.




## Rialú Míceatocsainí i nGránaigh: Bia a Chumhdach

Is é is míceatocsainí ann ná comhdhúile tocsaineacha nádúrtha a dtáirgeann múnlaí áirithe i ngránbharra iad. Tarraingítear aird sa tuarascáil seo ar bhaol leanúnach an éillithe míceatocsainí i ngránaigh agus ar an ríthábhacht a bhaineann le bearta rialaithe cuimsitheacha ar fud shlabhra soláthair na ngránach. Sa tuarascáil, iarrtar forairdeall marthanach, faireachán láidir, agus cloí leis na dea-chleachtais agus na rialacháin chun an soláthar bia a chumhdach agus chun an tsláinte phoiblí ar oileán na hÉireann a chosaint.

## Foilseacháin eile

Rinneadh na foilseacháin seo a leanas a phriontáil agus a dháileadh sa bhliain 2024.




### Bileog ar Chócaráil Shláintiúil a Dhéanamh do Dhuine Amháin

I gcomhpháirt leis an tSeirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid (MABS) in Éirinn, d'fhoilsigh Safefood bileog ina bhfuil rogha oideas sláintiúil do dhaoine atá ina gcónaí ina n-aonar agus atá ag streachailt le béilí sláintiúla a chócaráil. Tá na hoidis simplí agus ar ísealchostas, agus tá teachtaireachtaí ábhartha sábháilteachta bia ag gabháil leo. Cuireadh an bhileog ar fáil i ngach oifig de chuid MABS.




### Bileog Smaointe Oidis

Tá smaointe oidis thapa, shimplí agus bhlasta sa bhileog seo. Dháil an Roinn Coimirce Sóisialaí na hoidis sin ar charthanais lena n-úsáid ag teaghlaigh faoi mhíbhuntáiste.




### Pleananna biachláir do Shuíomhanna Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige

Chun a chinntiú go dtacaíonn an bia a sholáthraítear i suíomhanna luathbhlianta le forbairt nósanna sláintiúla itheacháin i measc leanaí óga, d'fhoilsigh Safefood agus FSS plean biachláir dhá sheachtain. Dháil an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige an acmhainn sin ar sholáthraithe cúram leanaí.



## Bileoga Boscaí Lóin Sláintiúla do réamhscoileanna agus do bhunscoileanna

Tá na bileoga sin deartha chun tacú le tuismitheoirí a ullmhaíonn bia dá leanaí atá ag freastal ar shaoráidí cúram leanaí agus ar bhunscoileanna. Soláthraíonn siad leideanna praiticiúla agus smaointe praiticiúla maidir le lón pacáilte sláintiúil a sholáthar. Ullmhaíodh an dá bhileog i gcomhpháirt le FSS. Dháil an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige na bileoga réamhscoile ar 110,000 leanbh in Éirinn.




## Leabhar Cócaireachta '101 Square Meals'

De bhreis ar 10,000 cóip chlóite a sholáthar do FSS, d'fhoilsíomar eagrán digiteach idirghníomhach nua den leabhar cócaireachta móréilimh sin, ina dtugtar comhairle phraiticiúil maidir le conas béilí cothaitheacha, blasta agus inacmhainne a chócaráil. Tá an t-eagrán nua optamaithe d'fhóin mhóibíleacha agus tá sé i bhfad níos éasca le rochtain agus le húsáid ná mar a bhí na heagráin roimhe seo.




## Cad atá i do Dheoch Fuinnimh?

Cuireadh póstaer Safefood ar a bhfuil i ndeochanna fuinnimh ar áireamh i dtéacsleabhar de chuid Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte (OSPS), mar atá My Wellbeing Journey 3, atá dírithe ar dhaltaí na hArdteistiméireachta. Dáileadh breis agus 8,000 cóip ar mheánscoileanna ar fud na hÉireann.

# Ár líonraí

**Mar Chomhlacht Thuaidh/Theas, táimid i riocht uathúil chun comhoibriú agus naisc a chur chun cinn idir geallsealbhóirí atá ag obair san earnáil bia, sa tsláinte phoiblí, agus i gcur chun cinn na sláinte. A bhuí leis sin, neartaítear sláine an bhiashlabhra agus feabhsaítear an tsláinte phoiblí ar oileán na hÉireann.**



# An Líonra Eolais

**Reáchtáil an Líonra Eolais 31 imeacht sa bhliain 2024, ar fhreastail thart ar 1,400 duine orthu. Leagadh díriú sna himeachtaí sin ar thopaicí amhail baictéir is cúis le nimhiú bia a rialú, an sláinteachas, an bhainistíocht ailléirginí agus an pacáistiú.**

## Ceardlanna sábháilteachta riachtanaí bia

Cuireadh trí cheardlann déag ar shábháilteacht riachtanach bia ar siúl sa bhliain. Bhí sé mar aidhm leis na ceardlanna sin tacú le gnólachtaí beaga bia agus clúdaíodh leo ailléirginí bia a bhainistiú agus a lipéadú; baictéir nimhithe bia a rialú; glanadh agus sláintiú; rialú lotnaidí; anailís ghuaise agus phointí rialúcháin criticiúla (HACCP); agus coimeád taifead.

Reáchtáladh na ceardlanna i gcomhpháirt le Bia Innovator Campus i mBaile Átha an Rí in Éirinn, agus ag 11 shuíomh ar fud Thuaisceart Éireann, i gcomhpháirt le comhairlí ceantair agus buirge. I gceardlann eile do ghnólachtaí beaga bia, a cuireadh ar siúl ag Bia Innovator Campus freisin, leagadh díriú ar an tseilfré do tháirgí bia.

Leathnaíodh an oiliúint sábháilteachta bia chuig ionadaithe grúpaí pobail i dTuaisceart Éireann, agus dhá imeacht tráthnóna curtha ar siúl i gcomhpháirt le Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí.

## Ceardlanna um maireachtáil saor ó ghlútan

Eagraíodh dhá cheardlann ar ghnéithe éagsúla den mhaireachtáil saor ó ghlútan i gcomhpháirt leis an Ionad Maireachtála Sláintiúla ar an gCreagán, Cathair Dhoire.  Bhí na ceardlanna sin dírithe ar dhaoine a bhfuil galar céiliach nó éadulaingt glútain orthu.

## Seimineáir Ghréasáin

Mar chuid den chomhoibriú le Food Drink Ireland Skillnet, cuireadh dhá sheimineár Gréasáin ar fáil do ghnólachtaí bia: ceann amháin ar smaointeoireacht rioscabhunaithe; agus ceann amháin ar an gcultúr sábháilteachta bia. Mar a bhí amhlaidh i gcás na seimineár Gréasáin a soláthraíodh sa bhliain 2023, bhí freastal maith ar na seimineáir Ghréasáin sin, agus 162 dhuine agus 276 dhuine faoi seach ag glacadh páirt iontu.

## Seimineár Gréasáin ar rialú lotnaidí

Bíonn fadhbanna le lotnaidí le feiceáil i ngach tuairisc mhíosúil ar ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin ó Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (ÚSBÉ) agus is fadhb shuntasach iad do ghnólachtaí bia. D'óstáil Safefood seimineár Gréasáin dar teideal 'Pest Control: Tips and Trips for Food Businesses' i mí Dheireadh Fómhair 2024.

Thug cainteoirí ó ÚSBÉ agus ó Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste dearcadh an rialálaí agus an Oifigigh Sláinte Comhshaoil i leith na faidhbe. Thug saineolaí rialaithe lotnaidí forbhreathnú cuimsitheach ansin ar ghnéithe praiticiúla den rialú lotnaidí agus ar conas aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna.




Sa phictiúr: Baill foirne saotharlainne sláinte poiblí agus baill foirne de Safefood agus iad i láthair ag an tríú fóram do shaotharlanna sláinte poiblí ó áiteanna ar fud oileán na hÉireann, a tionóladh i mBaile Átha Cliath an 21 Samhain 2024.

## Fóram uile-oileáin do bhaill foirne saotharlainne sláinte poiblí

Lean an Líonra Eolais de thacaíocht a thabhairt do shaotharlanna sábháilteachta bia ar oileán na hÉireann trí oiliúint finnéithe saineolacha a sholáthar agus trí chúrsaí a reáchtáil ar iniúchóireacht inmheánach agus ar bhailíochtú modhanna.

Bhí deis ag baill foirne saotharlainne líonrú a dhéanamh agus a gcuid taithí agus saineolais a chomhroinnt ag fóram na saotharlann anailísithe poiblí i mí Mheán Fómhair agus ag fóram na saotharlann sláinte poiblí i mí na Samhna.

Thug an Dr Niall Delappe láithreoireacht do na saotharlanna sláinte poiblí ar an Ról atá ag Seicheamhú Géanóim Iomláin Pataiginí Bia-iompartha, agus béim á leagan ar a thábhachtaí atá seicheamhú géanóim iomláin maidir le ráigeanna breoiteachta a shainaithint agus a bhainistiú.

I measc na dtopaicí plé bhí modhanna móilíneacha a chur chun feidhme i saotharlanna; tuairisciú a chaighdeánú i measc saotharlanna sláinte poiblí; agus prótacail nua le haghaidh samplaí uisce a thástáil agus le haghaidh a dheimhniú an bhfuil Clostridium perfringens i láthair iontu.

## Imeacht cultúir sábháilteachta bia

Ba é cultúr sábháilteachta bia téama an imeachta chomhpháirtigh a chuir Cumann Bia agus Dí Thuaisceart Éireann (NIFDA), Ollscoil Uladh, agus an Institiúid Eolaíochta agus Teicneolaíochta Bia (craobh Thuaisceart Éireann) i láthair. Áiríodh leis an gclár forbhreathnuithe ón nGníomhaireacht um Chaighdeáin Bhia i dTuaisceart Éireann agus ó ÚSBÉ, chomh maith le fionnachtana ón tionscadal taighde ar chistigh Safefood é ar stádas an chultúir sábháilteachta bia i ngnólachtaí ar fud oileán na hÉireann.

Ba ghné den imeacht é ionchur ó oifigigh sláinte comhshaoil agus ó ionadaithe ó ghnólachtaí bia beaga agus meánmhéide, a phléigh na nithe a chuireann bac orthu cloí leis an reachtaíocht agus na nithe a chabhraíonn leo cloí léi.  Cuireadh plé painéil ar siúl lenar spreagadh tuairimí éagsúla agus idirphlé cuiditheach ar na chéad chéimeanna eile.

D'fhreastail lucht féachana leathan ó thionscal an bhia, ón lucht léinn, agus ó chomhlachtaí rialála ar an imeacht.

## Máistir-rang: bainistíocht ailléirginí

D'eagraigh Safefood máistir-rang i mbainistíocht ailléirginí do mhic léinn lónadóireachta agus fáilteachais ag príomhchampas Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan i gCorcaigh an 12 Samhain 2024. Rinneadh é sin ar iarraidh a fháil ó léachtóirí, agus tháinig sé sna sála ar na máistir-ranganna a sheolamar in institiúidí agus coláistí breisoideachais agus ardoideachais sna blianta 2019 agus 2020.

Thug an Dr James McIntosh, an Dr Pat O'Mahony ó ÚSBÉ, agus Helen Carney, Oifigeach Sláinte Chomhshaoil, láithreoireachtaí. D'fhreastail breis agus 100 duine de mhic léinn lónadóireachta agus de bhaill foirne lónadóireachta air.



## An Fóram Seirbhísí Sláinte Comhshaoil Uile-oileáin

Tionóladh an dara Fóram Seirbhísí Sláinte Comhshaoil Uile-Oileáin i nDún Dealgan i mí na Samhna 2024. Tháinig tuilleadh spéise san imeacht as rath an chéad fhóraim sa bhliain 2023, agus 42 Oifigeach Sláinte Comhshaoil ó gach cearn den oileán ag freastal air. Thug Oifigigh Sláinte Comhshaoil láithreoireachtaí ar shaincheisteanna trasteorann, lenar áiríodh forbhreathnú ar gach seirbhís, rialú teorann, córais TF, agus bainistíocht trádálaithe móibíleacha bia.

Tarraingíodh aird ar na hidirghníomhaíochtaí seo a leanas a bhaineann le hobair, a tháinig as fóram na bliana 2023.

Chomhoibrigh Comhairle Buirge Lios na gCearrbhach agus an Chaisleáin Riabhaigh agus Comhairle Buirge Chathair Ard Mhacha, Dhroichead na Banna, agus Craigavon le hoifigí i Seirbhís Náisiúnta Sláinte Comhshaoil FSS maidir le gluaiseacht trasteorann táirgí bia a bhfuil seilfré iomarcach acu, rud a mhéadaíonn an riosca go dtiocfaidh botalanam clóistridiam chun cinn. Chuaigh an chumarsáid dhíreach agus an chomhroinnt faisnéise sin chun tairbhe d'Oifigigh Sláinte Comhshaoil FSS agus iad ag iarraidh a chinntiú go gcomhlíonann gnólachtaí bia an dlí.

Rinneadh roinnt cásanna lenar bhain táirgí bia a raibh lipéadú neamh-leordhóthanach ailléirginí orthu a atreorú idir seirbhísí sláinte comhshaoil in Éirinn agus seirbhísí sláinte comhshaoil i dTuaisceart Éireann, agus rinneadh gníomhaíocht cheartaitheach dá bharr.

Tá imscrúdú mór ar siúl i ndáil le samplaí speiceasúcháin d'fheoil ceibeab ar thóg Oifigigh Sláinte Comhshaoil in Éirinn iad agus a atreoraíodh chuig ÚSBÉ agus chuig an nGníomhaireacht um Chaighdeáin Bhia i dTuaisceart Éireann araon.

Tá comhroinnt trasteorann faisnéise ar siúl faoi ghnólachtaí bia atá cláraithe i ndlínse amháin ach atá ag bogadh isteach sa dlínse eile.

Tháinig teagmháil trasteorann eile maidir le saincheisteanna éagsúla chun cinn de bharr an fhóraim sa bhliain 2023. Áirítear leis sin fonn go nglacfaí "cur chuige níos neamhfhoirmiúla i leith gearáin bhia idir an Tuaisceart agus an Deisceart in ionad gach rud a bheith ag teacht trí Theagmhais Údaráis Sábháilteachta Bia".

Thug Clair Hoare ó Biasure, cainteoir seachtrach, láithreoireacht ar bhainistíocht ailléirginí sa lónadóireacht, agus labhair an Dr Lynsey Hollywood agus an Dr Ruth Price ó Ollscoil Uladh faoin gcultúr sábháilteachta bia.

## Táirgeadh sábháilte bianna coipthe

I mí na Nollag 2024, d'óstálamar seimineár Gréasáin dar teideal 'Safe Production of Fermented Foods'. Ar na baill den phainéal saineolaithe bhí an Dr Mary Lenahan agus an Dr Cormac McElhinney ó ÚSBÉ; Robin Sheriff, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Fermenter's Guild, an Ríocht Aontaithe; James Read, údar agus táirgeoir kimchi; agus an Dr Caroline Gilmartin, speisialtóir i mbianna coipthe. Pléadh na príomhthopaicí seo a leanas: treochtaí reatha, éagsúlacht, agus forbairtí sa táirgeadh bia choipthe; saincheisteanna sábháilteachta bia a bhaineann go sonrach le bianna coipthe; treoir phraiticiúil, dea-chleachtais, agus nuashonruithe rialála; léargais ar dhúshláin i dtáirgeadh mórscála; agus cur in iúl éifeachtach na heolaíochta coipthe.



## Foilseacháin an Líonra Eolais

### An iris 'The Food Chain'

D'fhoilsigh an Líonra Eolais trí eagrán den iris 'The Food Chain' sa bhliain 2024, agus iad ag sroicheadh breis agus 2,200 léitheoir. Bhí agallaimh le príomh-shaineolaithe sábháilteachta bia le fáil san iris agus clúdaíodh léi raon leathan topaicí a bhí ábhartha don earnáil.




### Eagrán 29 (Aibreán 2024):

San eagrán seo, díríodh ar threochtaí atá ag teacht chun cinn sa tsábháilteacht bia agus sa rialáil bia. Áiríodh leis anailís ó Nick Hughes ar an reachtaíocht um channaibidé-ól (CBD); taighde Safefood ar mhíceatocsainí i gcoirce; agus an úsáid a bhaineann tomhaltóirí as gléasanna cistine cliste. Chomh maith leis sin, cuireadh Clár an Chiste Scileanna Sábháilteachta Bia chun cinn san eagrán seo agus bhí nuacht agus an t-eolas is deireanaí ar imeachtaí le fáil ann.




### Eagrán 30 (Meán Fómhair 2024):

San eagrán seo, clúdaíodh príomhfhorbairtí sa táirgeadh bia agus sa lipéadú bia. Scrúdaigh Nick Hughes lipéadú bia veigeánaigh; phléigh Dessie Brady ról na róbataice i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide; agus thug Marion Roeleveld léargais ar shábháilteacht bia agus cáilíocht bia a chothabháil ag Killeen Farmhouse Cheese.




### Eagrán 31 (Nollaig 2024):

Sna hailt san eagrán seo, pléadh na dúshláin amach anseo sa tsábháilteacht bia agus sa tsláinte phoiblí. I measc na mbuaicphointí bhí ábhair imní faoi bhianna ultraphróiseáilte; nuálaíochtaí ag an Ionad Teicneolaíochta Assured, Safe, and Traceable (ASSET); rioscaí ó cheimiceáin pacáistithe phlaistigh; agus alt inar pléadh gnáthlá Colm Walsh. Pléadh nuacht agus imeachtaí an Líonra Eolais san eagrán freisin.

Ba é eagrán 31 an t-eagrán deiridh den iris 'The Food Chain'. Ón mbliain 2025 ar aghaidh, cuirfear ábhar le chéile lenár ríomh-nuachtlitir mhíosúil dar teideal 'Network News' chun tacú lenár spriocanna inbhuanaitheachta.

## Network News

Sa ríomhfheasachán míosúil, Network News, tugadh an t-eolas is deireanaí ar bhonn tráthrialta faoi nuacht sábháilteachta bia, faoi ghníomhaíochtaí an Líonra Eolais, faoi acmhainní seachtracha, faoi thuarascálacha, agus faoi dheiseanna.

Sa bhliain 2024, scaipeadh 12 fheasachán Network News ar na daoine a bhí ar liosta seoltaí an Líonra Eolais.

## Ailt ceannaire smaointe

D'fhoilsigh an Líonra Eolais cúig alt sa bhliain 2024 ar Thodhchaí an Bhia. Sna hailt sin, pléadh saincheisteanna práinneacha sa slabhra bia, amhail teacht chun cinn agus éabhlóid na talmhaíochta uirbí, débhríocht an lipéadaithe bia veigeánaigh agus a rioscaí do dhaoine a bhfuil ailléirgí orthu, agus tionchair an athraithe aeráide ar shábháilteacht bia, ar tionchair iad a ndéantar neamhaird díobh.

Tarraingíodh aird in ailt eile ar thaighde nua ar mhíceatocsainí díobhálacha i ngránaigh agus ar na dúshláin rialála a bhaineann leis an tionscal CBD atá ag fás go mear.



# Sparánachtaí agus urraíochtaí

## Ciste scileanna sábháilteachta bia

Le clár an Chiste Scileanna Sábháilteachta Bia, tacaíodh le seisear rannpháirtithe ó eagraíochtaí a raibh baint acu le táirgeadh bia agus sábháilteacht bia ar fud oileán na hÉireann. A bhuí leis an gcistiú sin, bhí siad in ann freastal ar cheardlanna, ar chomhdhálacha agus ar oiliúint chun breis oiliúna a ghnóthú ina réimsí faoi seach.

## Sparánachtaí agus urraíochtaí um shábháilteacht bia agus um chothú

- Bronnadh an gradam don Aiste Sábháilteachta Bia is Fearr ar Chlodagh Lynch as a páipéar dar teideal 'Is Seaweed Safe to Eat? Navigating Contamination Concerns for Sustainable Nutrition' mar chuid dá céim BSc i gCáilíocht, Sábháilteacht agus Cothú Bia in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste.

- Bhain Emma McNeilly an toradh is airde amach sa mhodúl um Eolaíocht Chéadfach Fheidhmeach agus Rialú Cáilíochta dá céim BSc i mBainistíocht Tomhaltóirí agus Nuálaíocht Bia in Ollscoil Uladh.

Bronnadh sparánachtaí Safefood ar na mic léinn iarchéime is fearr ón dá ollscoil sláinte comhshaoil ar oileán na hÉireann: Ollscoil Uladh; agus Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Bronnadh na gradaim ag Fóram Chumann Sláinte Comhshaoil na hÉireann i dTulach Mhór i mí na Bealtaine.

Ba í Niamh McGuckian a scríobh an aiste bhuaiteach ar shábháilteacht bia do mhic léinn bliana deiridh Ollscoil Uladh, dar teideal 'A study into the diet choices made by male personnel within the construction industry throughout Northern Ireland'.

Ba í Sinéad Oshokoya a scríobh an aiste bhuaiteach ar shábháilteacht bia do mhic léinn bliana deiridh Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, dar teideal 'Assessing the benefits and risks of the consumption of macroalgae'.

**I measc na n-urraíochtaí agus na gcomhoibrithe eile bhí:**

- An Clár Malartaithe Cothaithe
- Cumann Oideachais Altraí Cleachtaidh Ghinearálta na hÉireann
- Cruinniú iarchéimithe an Chumainn Cothaithe
- Institiúid Cothúcháin agus Diaitéitice na hÉireann
- An Chomhghuaillíocht Eorpach um Chothú Sláinte Poiblí

# Hipiríogaireacht bia

**Nuashonraíomar an acmhainn do ghnólachtaí bia dar teideal 'Food Allergy and Intolerance: Guidance for the Northern Ireland Catering Industry' agus d'athfhoilsíomar í mar ríomhleabhar idirghníomhach. Rinneadh é sin i gcomhoibriú le Seirbhís Sláinte Comhshaoil Thuaisceart Éireann i gComhairle Buirge Chathair Ard Mhacha, Dhroichead na Banna agus Craigavon.**

Sa leabhar, clúdaítear an t-eolas a theastaíonn ó dhaoine sa tionscal lónadóireachta i dTuaisceart Éireann faoi ailléirgí bia agus faoi éadulaingt bia, agus faoi conas a gcustaiméirí a choinneáil sábháilte. Is féidir an t-eagrán ríomhleabhair a rochtain ar ghléasanna móibíleacha.

## Treoir maidir le hailléirgí agus le héadulaingtí

I gcomhoibriú le Comhairle Buirge Craigavon, léiríomar dhá fhíseán teagaisc a bhí dírithe ar lónadóirí agus ar dhaoine a bhfuil ailléirge bia nó éadulaingt bia orthu. Leis na físeáin sin, tarraingítear aird ar an tábhacht a bhaineann le dea-chumarsáid idir baill foirne lónadóireachta agus custaiméirí chun a chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais custaiméirí agus go gcosnaítear a gcuid sláinte.

Rinne Seirbhís Sláinte Comhshaoil Thuaisceart Éireann na físeáin a chur chun cinn agus tá siad ceangailte leis an bhfeachtas 'Ná Bíodh Aon Eagla Ort Ceist a Chur' de chuid na Gníomhaireachta um Chaighdeáin Bhia i dTuaisceart Éireann, rud lena spreagtar idirphlé idir baill foirne lónadóireachta agus custaiméirí a bhfuil ailléirgí bia orthu.



# Tionscnaimh Bhia Pobail


**Leis an gclár um Thionscnaimh Bhia Pobail, tugtar an chumhacht do dhaoine i bpobail ísealioncaim roghanna bia níos sláintiúla a dhéanamh. Cistímid tionscadail áitiúla a fheabhsaíonn an rochtain ar bhia sláintiúil agus sábháilte, agus úsáid á baint againn as cur chuige forbartha pobail.**

Ó thús an chláir sa bhliain 2010 i leith, tá breis agus 65,000 duine tar éis páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí Tionscnaimh Bia Pobail agus leideanna praiticiúla a fháil maidir le bia sláintiúil, le nósanna sláintiúla itheacháin, le siopadóireacht níos sláintiúla, agus le cócaireacht.

## An clár don tréimhse 2022–2024.

Mhair an clár um Thionscnaimh Bhia Pobail don tréimhse 2022–2024 ar feadh 3 bliana agus tháinig sé chun deiridh sa bhliain 2024. Chistíomar 13 eagraíocht chun cláir a chur i gcrích le linn na tréimhse sin. San iomlán, ghlac breis agus 14,500 duine páirt in imeacht de chuid an chláir um Thionscnaimh Bhia Pobail. Chuir an clár 79 dtionscadal bheaga, 74 imeacht pobail, agus 52 thionscadal um Thionscnaimh Bhia Pobail sa Bhaile i gcrích.

## Láithreacha na dTionscnamh Bia Pobail



# Difear a dhéanamh

**Fuarthas amach i meastóireacht ar an gclár gur bhain na daoine a ghlac páirt ann tairbhe as ar na bealaí seo a leanas:**

- feabhas a chur ar a gcuid eolais agus scileanna maidir le bia agus le nósanna sláintiúla itheacháin
- a muinín as a scileanna cócaireachta agus bia a threisiú, lena n-áirítear pleanáil béilí, siopadóireacht chliste, buiséadú, agus sábháilteacht bia
- iad a nascadh le cláir chabhracha agus seirbhísí cabhracha lasmuigh den chlár um Thionscnaimh Bhia Pobail
- tairbhí mothúchánacha agus sóisialta a sholáthar: bhí rannpháirtithe in ann bualadh le daoine nua agus scileanna nua a fhoghlaim mar chuid de ghrúpa, rud a chothaigh braistint phobail

Thug na heagraíochtaí a ghlac páirt sa chlár láithreoireachtaí ar an obair a rinne siad.

## Imeachtaí do cheannairí sa chlár um Thionscnaimh Bhia Pobail

Eagraítear dhá imeacht gach bliain chun go mbeidh ceannairí na dTionscnamh Bia Pobail in ann líonrú, eispéiris a chomhroinnt agus eolas a ghnóthú.

Pléadh scileanna éascaithe pobail ag an gcéad imeacht sa bhliain 2024, rud a tionóladh i mí na Bealtaine. Leis an dara himeacht, a tionóladh i mí Dheireadh Fómhair, comóradh deireadh an chláir.

## Pleanáil don chéad chlár um Thionscnaimh Bhia Pobail eile

I mí na Bealtaine, tionóladh dhá cheardlann taighde fhoirmithigh chun athbhreithniú a dhéanamh ar phríomhghnéithe an chláir um Thionscnaimh Bhia Pobail agus chun iniúchadh a dhéanamh ar na nithe a raibh ag éirí leo agus ar na réimsí le haghaidh feabhais.

Bhí príomh-gheallsealbhóirí bochtaineachta bia (FSS, an Roinn Pobal, an Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí, agus Comhghuaillíocht na nIonad Maireachtála Sláintiúla) páirteach i gceardlann amháin. Bhí oibrithe pobail, amhail ceannairí sa chlár um Thionscnaimh Bhia Pobail, agus oibrithe bia agus cothaithe pobail, páirteach sa cheardlann eile.

Rinneadh an fhaisnéis a bailíodh a chur le ceachtanna a foghlaimíodh ó mheastóireachtaí roimhe seo ar an gclár um Thionscnaimh Bhia Pobail chun an togra le haghaidh an chláir don tréimhse 2025–2028 a chruthú.





# An Fóram um Ghníomhaíocht Uile-oileáin ar Mhurtall

**Is é atá san Fhóram um Ghníomhaíocht Uile-oileáin ar Mhurtall ná pobal gairmithe a bhfuil leas coiteann acu i murtall a chosc agus a chóireáil. Tá an fóram ina ardán le haghaidh comhpháirtíochta agus obair chomhtháite ar oileán na hÉireann toisc go ndéanann sé líonrú, comhoibriú agus malartú an dea-chleachtais chun cinn. Tá rochtain ag a chuid ball ar imeachtaí débhliantúla uile-oileáin agus ar nuachtlitir mhíosúil.**

## Dul i ngleic le stiogma an mhurtaill

Tháinig an Fóram um Ghníomhaíocht Uile-oileáin ar Mhurtall le chéile dhá uair sa bhliain. Ceann de na príomhphointí plé ba ea a ráiteas seasamh maidir le stiogma an mhurtaill, rud a seoladh i mí an Mhárta 2023. Ón seoladh i leith, tá baill ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar stiogma an mhurtaill laistigh dá n-eagraíochtaí. Bailíodh na gníomhartha a rinneadh mar fhreagairt don ráiteas, agus comhroinnfear iad chun léiriú a dhéanamh ar thiomantas leanúnach an fhóraim d'aghaidh a thabhairt ar stiogma an mhurtaill.Ba i gcomhar le baill a forbraíodh an ráiteas. Leagtar amach ann conas a thabharfaidh an fóram aghaidh ar stiogma an mhurtaill, agus réimsí amhail teanga ina dtugtar tús áite do dhaoine agus íomhánna nach cúis stiogma iad á gcumhdach.

Baineann stiogma an mhurtaill leis na dearcthaí agus na tuairimí diúltacha a bhaineann le murtall, lena n-áirítear claontacht, idirdhealú, steiréitíopáil, agus eisiamh sóisialta. Baineann stiogma do dhaoine a bhfuil murtall orthu i suíomhanna éagsúla, agus bíonn éifeachtaí diúltacha aige ar a sláinte fhisiciúil agus ar a meabhairshláinte.

## Imeachtaí an Fhóraim

D'óstáil Safefood an chéad imeacht de chuid an Fhóraim sa bhliain i mí an Mheithimh, agus é dar teideal 'Tionchar an Mhurtaill ar Thorthúlacht, ar Thoircheas, agus ar Nithe Eile'. D'fhreastail 187 rannpháirtí san iomlán ar an imeacht, bíodh sé ar líne nó go pearsanta, agus amharcadh ar an leagan taifeadta 264 uair eile ó shin i leith.

Bhí roinnt cainteoirí saineolacha i láthair ag an imeacht. Thug an tOllamh Nicola Heslehurst (Ollscoil an Chaisleáin Nua) láithreoireacht ar thionchar an mhurtaill roimh thoircheas, le linn toirchis agus tar éis toirchis, agus forbhreathnú cuimsitheach á thabhairt ar an bhfianaise a bhaineann le murtall i measc máithreacha ar feadh an tsaoil. Labhair John Jordan, tathantóir othar ó Thuaisceart Éireann, faoina thaithí fíorshaoil ar an tionchar a bhí ag an murtall ar an aistear a bhí aigesean agus ag a pháirtnéir chun na tuismitheoireachta agus faoin tionchar marthanach a bhí aige sin ar a theaghlach. Thug an Dr Rosie Dawson (Iontaobhas South Tees de chuid na Seirbhíse Náisiúnta Sláinte) tús eolais ar an tsamhail um Stíl Mhaireachtála, Idirghabháil, Torthúlacht, Muintearas (LIFT), áit a nglactar dearcadh ar leith sa chur chuige i leith athruithe stíl mhaireachtála réamhghiniúna. Thug an tOllamh Sharleen O'Reilly (Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath) láithreoireacht dar teideal 'Nudging New Habits: Behaviour Change for Healthy Weight Management in Pregnancy and Beyond', inar tarraingíodh aird ar thaighde ón triail Bump2Baby and Me.




Seisiún Ceisteanna agus Freagraí an Fhóraim um Ghníomhaíocht Uile-oileáin ar Mhurtall

I mí na Samhna, d'óstáil an fóram an dara himeacht uaidh. Ba sheimineár Gréasáin é dar teideal 'How Everyday Spaces Impact Obesity'. San imeacht sin, pléadh conas a dhéanann na háiteanna agus na spásanna a áitímid difear dár riosca i leith an mhurtaill agus tarraingíodh aird ann ar na tionscnaimh, na cláir agus na beartais éagsúla a bhfuil mar aidhm leo an riosca sin a laghdú.

Thug Charlene Brooks (Belfast Healthy Cities) láithreoireacht dar teideal 'Urban Wellness: Advancing Healthy Transport and Green City Initiatives'. Sa láithreoireacht sin, pléadh an tábhacht a bhaineann le taisteal gníomhach trí thionscnaimh amhail busanna siúil, agus aird leanaí a tharraingt ar a gcuid sláinte agus timpeallachta féin trí thionscnaimh amhail clár na Scoileanna Cógaisíochta agus Áiteanna Sláintiúla, Leanaí Sláintiúla.

Phléigh Sharon Daly (Iarnród Éireann) idirghabhálacha atá bunaithe san áit oibre agus cultúr sláinte agus folláine a leabú in Iarnród Éireann. Tugadh breac-chuntas sa láithreoireacht ar an gcur chuige atá á ghlacadh ag Iarnród Éireann chun timpeallacht shláintiúil áit oibre a chothú agus a leabú.

Thug an Dr Gesche Kindermann (Ollscoil na Gaillimhe) láithreoireacht ar na tairbhí sláinte a ghabhann le spásanna glasa agus le spásanna gorma. Iniúchadh inti taighde ar an rochtain ar spásanna gorma agus glasa agus ar úsáid na spásanna sin le haghaidh sláinte agus folláine in Éirinn, an ról a bhíonn ag cinntithigh shocheacnamaíocha chuige sin, agus conas is féidir aghaidh a thabhairt ar na bacainní atá ar spásanna gorma agus glasa a úsáid.

D'fhreastail **137 rannpháirtí** ar an imeacht go pearsanta, agus **52 rannpháirtí eile ag amharc** ar an taifeadadh ó shin i leith.

## Foilseacháin an fhóraim

Sa bhliain 2024, d'fhoilsigh an fóram deich n-eagrán de The All-island Obesity News do liosta de 820 síntiúsóir. Tá sé mar aidhm leis an nuachtlitir sin tacú le hobair an fhóraim trí chomhroinnt faisnéise a chur chun cinn agus tríd an dea-chleachtas a mhalartú. Tarraingítear aird ann freisin ar imeachtaí, nuacht, tuarascálacha agus taighde a bhaineann leis an murtall.

# An Líonra Bochtaineachta Bia Uile-oileáin

**Bunaíodh an Líonra Bochtaineachta Bia Uile-oileáin den chéad uair sa bhliain 2009 agus is é atá ann ná pobal gairmithe a oibríonn ar fud ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, an lucht léinn agus eagraíochtaí neamhrialtasacha a bhfuil leas coiteann acu i mbochtaineacht bia a laghdú ar oileán na hÉireann. Tacaíonn sé le teacht ar chomhdhearcadh i leith saincheisteanna gaolmhara, le comhoibriú agus le foghlaim chomhroinnte. Déanann Safefood agus an Ghníomhaireacht um Chaighdeáin Bhia i dTuaisceart Éireann comhchathaoirleacht ar an líonra.**

## Imeachtaí an líonra

D'óstáil an líonra a imeacht bliantúil i mí Mheán Fómhair i mBéal Feirste, agus 47 nduine ag freastal air go pearsanta agus 101 duine ag freastal air ar líne. Iniúchadh san imeacht an comhrá reatha ar bhochtaineacht bia ar oileán na hÉireann. Phléigh na cainteoirí bealaí éifeachtacha chun labhairt faoi bhochtaineacht bia agus faoi idirghabhálacha comhroinnte atá ag déanamh athruithe ina bpobal.
D'oscail Mike Nesbitt CTR, an tAire Sláinte, an t-imeacht, agus labhair sé faoin ngá atá le cur chuige coiteann a ghlacadh i leith dul i ngleic le bochtaineacht bia.




Sa phictiúr: Mike Nesbitt CTR, an tAire Sláinte, i dteannta baill foirne ó Safefood agus ón nGníomhaireacht um Chaighdeáin Bhia, Tuaisceart Éireann, agus i dteannta cainteoirí ón Líonra Bochtaineachta Bia Uile-oileáin agus iad i láthair ag imeacht bliantúil an Líonra.

Labhair an Dr Elena Vaughan ó Ollscoil na Gaillimhe faoi na fionnachtana ó thaighde ar chistigh Safefood é. Iniúchtar sa taighde an chaoi a léirítear bochtaineacht bia i mbeartais agus sna meáin ar oileán na hÉireann. Tá sé mar aidhm leis tuiscint a fháil ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag an léiriú sin ar eolas an phobail agus ar an gcaoi a ndéanann sé difear do dhíospóireachtaí beartais.

D'inis Paul Doherty scéal Foodstock, freagairt pobail don bhochtaineacht i mBéal Feirste a thacaíonn leis an bpobal trí sheirbhísí uileghabhálacha. Áirítear leo sin bia, caifé pobail, comhairle maidir le fostaíocht agus le sochair, agus mar sin de.

Thug Sophie Gordon ó FrameWorks UK léargais, treoir agus leideanna praiticiúla maidir le saincheisteanna a bhaineann le bia, leis an mbochtaineacht agus leis an tsláinte a chur in iúl. Phléigh sí freisin cumarsáidí a chur i láthair ar bhealaí a gcuireann leis an tuiscint ar réitigh agus leis an tacaíocht dóibh.

## Foilseacháin an Líonra

Foilsíodh dhá eagrán de Nuachtlitir an Líonra Bochtaineachta Bia Uile-oileáin sa bhliain 2024, agus méadú 13% ag teacht ar an líon síntiúsóirí atá aici le linn na bliana.

# Obair i gcomhpháirt

**Cuid dhílis dár ról mar Chomhlacht Thuaidh/Theas is ea obair i gcomhpháirt. Inár bhfeachtais chumarsáide, inár dtaighde eolaíochta gus inár líonraí gairmiúla, is é an toradh atá ar ár gcur chuige comhpháirtíochta go gcruthaítear neart nasc dearfach agus caidreamh marthanach ar oileán na hÉireann.**



## Cumann Sacair na hÉireann

**Sa bhliain 2024, bhí ríméad orainn ár gcomhpháirtíocht le Cumann Sacair na hÉireann (IFA) a fhadú ar feadh trí bliana eile. Tá an dá eagraíocht ag obair le chéile ón mbliain 2021 i leith chun leanaí a spreagadh chun roghanna sláintiúla bia a dhéanamh agus chun bheith gníomhach. Tríd an gcomhpháirtíocht fhadaithe sin, táimid chun níos mó ná 4,400 duine de leanaí bunscoile, de thuismitheoirí, de chaomhnóirí agus de mhúinteoirí a shroicheadh gach scoilbhliain go dtí lár na bliana 2027.**

**An t-eolas is deireanaí ó IFA:**

**4,716**
An líon leanaí a bhí páirteach

**120**
An líon clár a soláthraíodh

**98%**
An ráta sástachta a thuairiscigh múinteoirí

Toradh eile a bhí ar an gcomhpháirtíocht ba ea gur óstáladh ceardlanna um nósanna sláintiúla itheacháin i staidiam Pháirc Windsor i mBéal Feirste do scoileanna a thug cuairt orthu. Cuireadh pacáiste tosaithe céadfaí i seomra oideachais Safefood chun timpeallacht a bhí oiriúnach do na céadfaí a chruthú sa chaoi is go mbeadh an seomra ina spás ionchuimsitheach do dhaoine a bhfuil uathachas orthu agus dóibh siúd a bhfuil neamhord céadfach nó lagú cognaíoch orthu.

Mar chuid den chomhpháirtíocht, thosaíomar ag déanamh fógraíocht thaobh na páirce i bPáirc Windsor, agus lógó Safefood á chur ar taispeáint ag trí chluiche idirnáisiúnta de chuid fhoireann na bhfear.

Sa phictiúr: Demi Vance agus Kerry Beattie, imreoirí idirnáisiúnta Thuaisceart Éireann, agus iad i dteannta daltaí ó Bhunscoil Naomh Pádraig i mBaile na hInse chun fadú na comhpháirtíochta idir Safefood agus IFA a cheiliúradh.





## Cluichí Oilimpeacha Speisialta Éireann

Tá ár gcomhpháirtíocht le Cluichí Oilimpeacha Speisialta Éireann, arb eagraíocht uile-oileáin í, ag leanúint ar aghaidh trínár gclár Health@Play. D'fhorbair Safefood an acmhainn oideachais sin i gcomhar le comhordaitheoirí sláinte na gCluichí Oilimpeacha Speisialta. Leis an gclár, tugtar an t-oideachas sláinte tríd an spórt do leanaí idir ceithre bliana d'aois agus 15 bliana d'aois a bhfuil míchumas intleachta orthu isteach ina gclubanna pobail agus ina scoileanna féin. Tá an chomhpháirtíocht seo ag sroicheadh cúig chlub nua ar fud an oileáin gach bliain.

I mbliana, thug Safefood taispeántas cócaireachta do lúthchleasaithe mar chuid den chéad imeacht HealthFest riamh de chuid Chluichí Oilimpeacha Speisialta Éireann chun Seachtain na mBan sa Spórt a chomóradh.

## Leabharlanna Éireann

Cuireadh 'Nigh Do Lámha, a Rufus', leabhar scéalta Safefood do leanaí atá ag tosú ar an mbunscoil, ar áireamh sa tionscnamh dar teideal 'Mála Leabhar Mo Leabharlann Bheag', áit a ndáiltear leabhair trí líonra Leabharlanna Éireann. Agus é mar chuid de Straitéis 'An Chéad 5', tá an tionscnamh seo ina thionscnamh comhoibrithe idir leabharlanna, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

Chuireamar 70,000 cóip den leabhar ar fáil do leabharlanna i roinnt teangacha: Béarla, Gaeilge, Polainnis agus Úcráinis.



## Imeacht pobail trasteorann

I mí na Samhna, reáchtálamar imeacht trasteorann do phobail atá ag obair le chéile in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann trí threoirthionscadal trasteorann Safefood. Cuireadh an t-imeacht ar siúl in Ionad Oidhreachta Uí Fhiaich i gCoilleach Eanach agus ba é críoch rathúil an treoirthionscadail é. Bhí an treoirthionscadal faoi stiúir na comhpháirtíochta Sláinte Tuaithe ar an Iúr, agus cuireadh i gcrích é i gcomhpháirt le Clones Hen's Shed i Muineachán agus leis an Connect Family Resource Centre i nDroichead Átha.




Sa phictiúr: Baill foirne Safefood agus comhaltaí den Bhord Comhairleach agus iad i láthair ag an imeacht pobail trasteorann.




## Comhoibriú le comhghleacaithe ar fud na hEorpa

An 15 Samhain, thugamar láithreoireacht ag siompóisiam am lóin inar pléadh an timpeallacht bia reatha san Eoraip. D'fhreastail 120 toscaire air. Leagamar díriú inár láithreoireacht ar shamplaí den dea-chleachtas ar fud na hEorpa (lena n-áirítear oileán na hÉireann), an feachtas #letstalkaboutfood de chuid Safefood, agus an obair a dhéanann geallsealbhóirí tríd an bhFóram um Thimpeallacht Bia Níos Sláintiúla.

## Cumarsáid eolaíochta sa ré iarfhírinne

An 21 Samhain, ghlacamar páirt i seimineár Gréasáin dar teideal 'Science Communication in the Post-Truth Era' thar ceann na Comhghuaillíochta Eorpaí um Chothú Sláinte Poiblí (EPHNA). Seoladh an seimineár Gréasáin don Chumann Fionlannach um Thaighde Cothaithe agus don Chumann um Leigheas Sóisialta.

Labhraíomar faoi aghaidh a thabhairt ar stiogma an mhurtaill, agus phléigh ár gcomhghleacaithe Aontais Eorpaigh na dúshláin a bhaineann le hinbhuanaitheacht a chur ar áireamh i dtreoirlínte maidir le cothú.

## Cuirimis bia chun cinn

An 4 Meán Fómhair, thacaíomar leis an Lá Staidéir Bliantúil do chraobh Thuaisceart Éireann den Chumann Lónadóireachta Ospidéal i mBéal Feirste. Chuireamar forbhreathnú ar ár gcuid aidhmeanna agus gníomhaíochtaí i láthair ag an imeacht, a raibh an téama seo a leanas aige: Cuirimis Bia Chun Cinn. Bhí stalla poiblíochta againn ag an imeacht freisin, chun Safefood don Ghnó a chur chun cinn.

# Bunathraigh do Thralaí

**Leanamar ag obair le Comhghuaillíocht na nIonad Maireachtála Sláintiúla chun Bunathraigh do Thralaí a sholáthar. Tacaíonn an clár sin le pobail ar fud Thuaisceart Éireann feabhas a chur ar a nósanna siopadóireachta. Tugann sé tacaíocht phraiticiúil maidir le liosta cothromaithe siopadóireachta a chruthú, le béilí a phleanáil, le conas ithe go maith de réir buiséid, le conas béilí scamhardacha bunúsacha a chócaráil, le húsáid a bhaint as fuílleach bia, agus le sábháilteacht agus sláinteachas bia.**

## Imeachtaí sa bhliain 2024

Seoladh Bliain 2 den chlár 'Bunathraigh do Thralaí' 2023–2025 an 19 Meán Fómhair i mBaile Eachaidh, Contae Dhoire. Tugadh cuireadh do na hIonaid Maireachtála Sláintiúla a bhí rannpháirteach dul i bpáirt le Safefood agus le Comhghuaillíocht na nIonad Maireachtála Sláintiúla.

Ag an imeacht seolta, thug Julie White ó Iontaobhas na Sean-Leabharlainne forbhreathnú ar an gclár go dtí seo, agus rinne Anne Parle ó Safefood achoimre ar na hacmhainní atá ar fáil ó Safefood (idir acmhainní clóite agus acmhainní digiteacha) chun tacú leis na cláir. Ansin, rinneadh plé ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó na blianta roimhe sin agus ar na pleananna don bhliain 2024.




**Cuireadh ocht gclár déag i gcrích sa bhliain 2024, agus breis agus 260 rannpháirtí ag glacadh páirt iontu. Bhí na rannpháirtithe go léir den tuairim gur athraigh an clár an bealach a n-íosfaidh siad féin agus a dteaghlach amach anseo.**

## Difear a dhéanamh

- Thuairiscigh rannpháirtithe go raibh feabhsuithe ann ar a gcuid eolais agus iompraíochtaí maidir le bia, le cócaireacht agus le sábháilteacht bia.
- Tar éis dóibh an clár a chríochnú, dúirt formhór na rannpháirtithe go ndéanann siad lipéid chothaithe agus bhia a sheiceáil agus a chur i gcomparáid "uaireanta", "an chuid is mó den am", nó "an t-am ar fad", i gcomparáid leis an bhformhór a thuairiscigh nach ndearna siad é sin "riamh", nó go ndearna siad é "go hannamh" nó "uaireanta" i dtús an chláir.
- Ar an gclár a chríochnú, bhí athrú ann ar an líon rannpháirtithe a bhí ag ullmhú béilí baile, agus a bhformhór ag lua go ndearna siad amhlaidh idir lá amháin agus ceithre lá sa tseachtain i dtús an chláir ach go ndearna siad amhlaidh idir ceithre lá agus seacht lá sa tseachtain faoi dheireadh an chláir.
- Ag deireadh an chláir, dúirt níos mó rannpháirtithe go bhfaigheann siad a gcúig phíosa laethúla torthaí agus glasraí "uaireanta", "an chuid is mó den am", nó "beagnach gach lá".
- Thuairiscigh rannpháirtithe go bhfuil siad ag ithe níos mó píosaí torthaí agus glasraí gach lá tar éis dóibh an clár a chríochnú. Dúirt a bhformhór go raibh siad ag ithe idir trí phíosa agus cúig phíosa in aghaidh an lae, i gcomparáid le gan aon phíosaí nó trí phíosa ar a mhéad in aghaidh an lae a ithe i dtús an chláir.
- Bhí méadú ann ar mhuinín na rannpháirtithe as príomhscileanna bia tar éis dóibh páirt a ghlacadh sa chlár. Bhí siad níos muiníní as liostaí siopadóireachta a scríobh, as lipéid bhia a léamh agus a thuiscint, as béilí agus sneaiceanna a phleanáil, agus as béilí baile a ullmhú.




Ionad Maireachtála Sláintiúla ReachOut
Ionad Maireachtála Sláintiúla Lag an Aoil
New Life Counselling
Comhpháirtíocht Sláinte Ard Dúin/na Seanchille
Ionad Maireachtála Sláinte Bharr na Carraige
Ionad Maureen Sheehan
Líonra Tuaithe agus Uirbeach Chlochán an Aifir
Comhpháirtíocht Mhórlimistéar Sheantalaimh
Ionad Maireachtála Sláintiúla Loch Gile
Líonra Pobail Limistéar an Tuaiscirt
Comhpháirtíocht Comharsanachta Thaobh na hAbhann
Tionscadal Feabhsúcháin Sláinte an tSratha Báin
TIDAL
Líonra Limistéar na Coirre Críochaí agus na gCladach Thiar
Líonra Maireachtála Sláintiúla na hÓmaí
Cumann Pobail an Phoill Ghlais
Gníomhaireacht Forbartha Pobail Bhéal Feirste Thoir (EBFDA)
Tionscnamh Athghiniúna Loch nEathach Theas
An Tionscadal Verve
Ionad Maireachtála Sláintiúla Shaftesbury (LORAG)
Comhpháirtíocht Maireachtála Sláintiúla na Leithinse
Ionad Maireachtála Sláintiúla na Darach
Ionad Maireachtála Sláintiúla Resurgam
Cuibhreannas Ard Mhacha Thiar
Líonra Pobail Tuaithe Chontae an Dúin (Ionad Maireachtála Sláintiúla an Dúin)
Grúpa Clanrye
Kilkeel Development Association LTD
An Chomhpháirtíocht Sláinte Tuaithe

# Ár rialachas

**Cuimsíonn na seirbhísí a sholáthraíonn ár bhfoireann Oibríochtaí Corparáideacha na réimsí seo a leanas: cuntasaíocht agus airgeadas; soláthar; acmhainní daonna; teicneolaíocht faisnéise; cúrsaí dlí; rialachas; comhlíonadh; agus iniúchóireacht. Rannchuidíonn gach ceann díobh sin le spriocanna gnó agus straitéis Safefood a chur i gcrích ar bhealach éifeachtach éifeachtúil.**



## An Bord Comhairleach

Bhí sé chruinniú ag an mBord Comhairleach sa bhliain: ceann amháin i gCorcaigh, i mBéal Feirste agus ar an gCorr Chríochach, agus trí cinn i mBaile Átha Cliath. Freastalaíodh go cianda ar roinnt cruinnithe. Tá mionsonraí freastail, mar aon leis na táillí a íocadh le comhaltaí den Bhord Comhairleach, ar áireamh ar leathanach 61.

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Cuimsíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca beirt chomhaltaí de Bhord Comhairleach Safefood agus beirt chomhaltaí sheachtracha, a ndéanann duine amháin díobh cathaoirleacht ar an gcoiste. Is iad an tUas. Alan Myles (Cathaoirleach) agus Máiréad Ní Chéadagain na comhaltaí seachtracha. Tá taithí ghairmiúil ábhartha fhairsing ag an mbeirt chomhaltaí sheachtracha den choiste. Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile ceithre huaire sa bhliain 2024.

Cuireadh dhá chruinniú ar siúl go cianda agus cuireadh dhá chruinniú ar siúl i bpearsa (ceann amháin i gCorcaigh agus ceann amháin i mBaile Átha Cliath).

Fostaíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca iniúchóirí gairmiúla seachtracha chun clár iniúchtaí inmheánacha a sheoladh. Chomh maith leis sin, athbhreithníonn an coiste an clár rioscaí ag gach cruinniú chun iomláine an chláir a mheas agus chun a chinntiú go bhfuil gach beart cuí i bhfeidhm chun rioscaí a rialú agus a mhaolú.

Déanann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste in Éirinn agus Oifig Iniúchóireachta Thuaisceart Éireann iniúchadh seachtrach ar Safefood i gcomhar lena chéile. Tá ról neamhspleách ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca maidir le dearbhú a thabhairt don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin mar oifigeach cuntasaíochta agus don Bhord Comhairleach ar nithe rialaithe inmheánaigh, bainistíochta riosca agus iniúchóireachta agus dearbhaithe. Tá sé sin mar chuid den athbhreithniú córasach ar ár rialuithe inmheánacha agus ar ár nósanna imeachta rialachais.

## Na comhaltaí den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus freastal na gcomhaltaí ar chruinnithe

| | **2024**<br>Cruinnithe ar freastalaíodh orthu<br>(4 cinn san iomlán) | **2023**<br>Cruinnithe ar freastalaíodh orthu<br>(4 cinn san iomlán) |
|---|---|---|
| Alan Myles (Cathaoirleach) | 4 | 3 |
| Máiréad Ní Chéadagain | 4 | 4 |
| Alex Attwood | 4 | 4 |
| Elizabeth Keane | 4 | 4 |

## Cearta an duine agus comhionannas agus éagsúlacht agus cuimsiú

Ceanglaítear ar Safefood an reachtaíocht um chomhionannas agus um chearta an duine a chomhlíonadh sa dá dhlínse. Táimid lántiomanta do na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh trí chur chuige réamhghníomhach a ghlacadh i leith saincheisteanna comhionannais agus saincheisteanna chearta an duine i ngach gné dár gcuid oibre agus trí thimpeallacht oibre a sholáthar atá saor ó idirdhealú, íospairt agus ciapadh neamhdhleathach.

## Comhionannas

Cheadaigh Coimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann an Scéim Comhionannais ó Safefood i mí Mheán Fómhair 2011 agus athbhreithnítear í gach cúig bliana. Is don tréimhse ón mbliain 2023 go dtí an bhliain 2028 atá an scéim reatha. Mar chuid den athbhreithniú, déanaimid iniúchadh ar neamhionannais agus d'ullmhaíomar Plean Gníomhaíochta Alt 75 don tréimhse 2023–2025.

Eisíonn Safefood Tuarascáil Bhliantúil Reachtúil Údaráis Phoiblí ar Dhul Chun Cinn ar Chomhionannas agus ar Dhea-Chaidreamh chuig an gCoimisiún Comhionannais gach bliain.

## Míchumas

Is é atá sa Phlean Gníomhaíochta Míchumais ó Safefood don tréimhse 2021-2025 ná ráiteas faoinár dtiomantas do dhearcthaí dearfacha i leith daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus do rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas sa saol poiblí a spreagadh.

Leagtar amach sa phlean na bearta a dhéanfar chun a chinntiú go mbainfear comhionannas deiseanna amach. Déantar faireachán rialta ar an dul chun cinn a bhíonn á dhéanamh ar na gealltanais atá tugtha ann a chomhlíonadh agus cuirtear tuarascáil bhliantúil ar an dul chun cinn sin faoi bhráid an Choimisiúin Comhionannais (Tuaisceart Éireann).

Tuairiscímid do Choiste Faireacháin na Roinne Sláinte in Éirinn gach bliain i ndáil le fostaíocht daoine faoi mhíchumas.

Cuirtear oiliúint rialta ar gach ball foirne chun feasacht a spreagadh ar shaincheisteanna míchumais agus comhionannais agus spreagann Safefood daoine faoi mhíchumas go gníomhach iarratas a dhéanamh ar róil laistigh den eagraíocht.

## Éagsúlacht agus cuimsiú

Táimid tiomanta freisin d'éiteas na héagsúlachta agus an chuimsithe ar fud ár gcuid oibre. Cuid lárnach dár ndearcadh is ea an creideamh gurb é atá sa phríomhról atá againn ná an caidreamh ar fud oileán na hÉireann a bhreisiú agus a fheabhsú trí chur chuige cumarsáideach agus comhpháirtíochta a ghlacadh i leith ár gcuid oibre. Is príomhshruthaithe isteach inár bpríomhphleananna straitéiseacha agus oibríochtúla gnó atá cuspóirí comhionannais agus gealltanais chomhionannais.

Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí an Bord Comhairleach comhdhéanta de dheichniúr comhaltaí (ochtar comhaltaí sa bhliain 2023). Mná a bhí i 50% de na comhaltaí sin (37.5% sa bhliain 2023) agus bhí dhá phost folamh. Dá bhrí sin, chomhlíon an Bord an sprioc atá ag Rialtas na hÉireann arb é atá ann ionadaíocht 40% do gach inscne i gcomhaltas na mBord Stáit.

## An coiste comhairleach

Faigheann Safefood cúnamh ó Choiste Comhairleach a chuimsíonn saineolaithe a bhfuil raon leathan saineolais ghairmiúil, taithí gairmiúla agus cúlraí gairmiúla acu. Is rud deonach é gníomhú mar chomhalta den choiste agus is é an ról uileghabhálach atá ag na comhaltaí ná comhairle agus treoir theicniúil a sholáthar chun cabhrú linn straitéis a leagan síos agus na gnéithe de na pleananna corparáideacha trí bliana uainn agus de na pleananna gnó bliantúla uainn a chomhlíonadh.

Comhlánaíonn an Coiste Comhairleach an obair a dhéanann Bord Comhairleach Safefood agus ceapann an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas an Coiste agus an Bord araon.

Tháinig téarma seirbhíse trí bliana an Choiste Chomhairligh a bhí ag dul as oifig chun deiridh an 2 Deireadh Fómhair 2023, agus cruinniú deiridh tionólta an 29 Meán Fómhair sa bhliain sin. D'eisíomar glao ar léirithe spéise i gcomhaltas dár gCoiste Comhairleach i mí na Bealtaine 2024. Cuireadh iarratasóirí chuig ceann amháin de sheacht gcatagóir saineolais ghairmiúil.

Tar éis an phróisis roghnúcháin, sheolamar liosta de cheapaithe molta chuig an Roinn Sláinte in Éirinn agus chuig an Roinn Sláinte i dTuaisceart Éireann, a sheol an liosta deiridh de cheapaithe chuig an gComhairle Aireachta Thuaidh/Theas ansin lena cheadú.

Ceapadh Coiste Comhairleach nua, a bhfuil 11 chomhalta ann, ag cruinniú Earnála Sláinte na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas an 14 Bealtaine 2025 ar feadh téarma trí bliana.

## Nochtadh cosanta

Faoi alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, ní mór dúinn tuarascáil a fhoilsiú gach bliain maidir leis an líon nochtaí cosanta a rinneadh sa bhliain roimhe. Ní mór dúinn freisin faisnéis a fhoilsiú faoi aon ghníomhartha a rinneadh i leith na nochtaí cosanta a rinneadh. Ní bhfuair Safefood aon nochtaí cosanta sa tréimhse tuairiscithe suas go dtí an 31 Nollaig 2024.

## Faisnéis a sholáthar do chomhaltaí den Oireachtas agus do chomhaltaí den Tionól

Tá nós imeachta i bhfeidhm againn chun a chinntiú go gcloítear le caighdeáin agus prionsabail dea-chleachtais nuair atáthar ag tabhairt freagra ar cheisteanna ó Chomhaltaí den Oireachtas agus ó Chomhaltaí den Tionól agus nuair atáthar ag tabhairt faisnéis dóibh.

Ní mór gach ceist a admháil agus freagra a thabhairt uirthi laistigh den tréimhse ama iarrtha, nó laistigh de 15 lá oibre mura bhfuil aon dáta freagartha sonraithe.
Sa bhliain 2024, fuaireamar 13 Cheist Parlaiminte nó Tionóil, ar tugadh freagra ar gach ceann díobh laistigh den tréimhse ama iarrtha.

## Plean Gnó 2025

Chuir Safefood an Plean Gnó uainn don bhliain 2025 faoi bhráid an dá roinn urraíochta sa bhliain 2024. Cheadaigh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas é sin an 14 Bealtaine 2025.

## Dearbhú leasanna

Gach bliain, déanann na comhaltaí den Bhord Comhairleach, den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, den fhoireann ardbhainistíochta agus den Choiste Comhairleach dearbhú leasanna. Coinnítear Clár Leasanna ar bun agus tá sé ar fáil ach é a iarraidh.

## Caidreamh le príomh-gheallsealbhóirí

- Bhuail an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Stiúrthóir um Chumarsáid agus an Stiúrthóir um Chothú le Hildegarde Naughton, an tAire Stáit ar a bhfuil freagracht as Sláinte Poiblí in Éirinn, i mí Eanáir 2024 chun tús eolais ar Safefood a thabhairt di.
- I mí Eanáir freisin, d'fhreastail an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus na stiúrthóirí ar sheoladh taispeántais lenar ceiliúradh 25 bliana de na Comhlachtaí Thuaidh/Theas, rud a cuireadh ar siúl i Músaem Uladh, Béal Feirste.
- I mí Feabhra, d'fhreastail an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar chruinniú de Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin na gComhlachtaí Thuaidh/Theas go léir in Ard Mhacha, rud ar eagraigh Rúnaíocht na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas é.
- I mí an Mhárta, d'fhreastail Safefood ar shearmanas bronnta gradam Chumann Bia agus Dí Thuaisceart Éireann i mBéal Feirste. I mí an Mhárta freisin, d'fhreastail an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Stiúrthóir um Oibríochtaí Corparáideacha ar chruinniú de chuid Rúnaíocht na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas agus na ranna urraíochta in Ard Mhacha.
- I mí Aibreáin, shínigh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Meabhrán Tuisceana nuashonraithe le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.
- I mí an Mheithimh, d'fhreastail Cathaoirleach an Bhoird Chomhairligh, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, agus an Stiúrthóir um Chothú ar an gcruinniú de chuid na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas maidir leis an Earnáil Sláinte agus Sábháilteachta Bia in Ard Mhacha. I mí an Mheithimh freisin, bhuail an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin le Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ionaid um Sheirbhísí Éifeachtacha, arb eagraíocht uile-oileáin a bunaíodh sa bhliain 2008 chun taighde agus fianaise ardchaighdeáin a chumasú i measc an lucht déanta beartas agus i measc cleachtóirí é.
- I mí Iúil, d'fhreastail an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Stiúrthóir um Chothú ar an gCoiste Sláinte i mBaile Átha Cliath.
- I mí Lúnasa, thug Colm Burke, Aire Stáit sa Roinn Sláinte in Éirinn, cuairt ar ár gCeannoifig i gCorcaigh.
- I mí na Nollag, d'fhreastail an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Stiúrthóir um Chothú ar imeacht in Ard Mhacha ar eagraigh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas é chun 25 bliana de chomhoibriú idir na Comhlachtaí Thuaidh/Theas a cheiliúradh. D'fhreastail an Taoiseach, an Tánaiste, agus Ard-Mhéara Ard Mhacha ar an imeacht freisin.

## An dul chun cinn ar ghníomhú ar son na haeráide

Sa Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024 uainn, taifeadtar conas atá sé mar aidhm ag Safefood na gealltanais a thug rialtas Thuaisceart Éireann agus rialtas na hÉireann araon a chomhlíonadh chun astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach faoin mbliain 2050. Áirítear leis an treochlár gealltanais faoi na ceannteidil seo a leanas:

- ceannaireacht agus rialachas le haghaidh gníomhú ar son na haeráide
- aird ár ndaoine a tharraingt
- ár sprioc carbóin a bhaint amach
- ár sprioc éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach
- córais bainistíochta fuinnimh agus comhshaoil
- ár soláthar a ghlasú
- úsáid acmhainní a bhonnlíniú agus a laghdú
- ár bhfoirgnimh a fheabhsú
- ár mórphleananna gníomhaithe ar son na haeráide

Sa bhliain 2024, bhog an-chuid de na príomhghníomhaíochtaí a sainaithníodh inár gcéad treochlár (sa bhliain 2023) go stádas "cothabháil agus faireachán a dhéanamh".

Ba nithe ar leag an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann shinsearach díriú orthu iad deiseanna le haghaidh feabhsú foirgnimh laistigh den léas nua d'oifig Chorcaí. Shainaithin an Fhoireann Ghlas inmheánach trí thionscadal shonracha a bhaineann le roghanna taistil foirne a thaifeadadh, le treoir inbhuanaitheachta a fhorbairt le haghaidh imeachtaí, agus le treoir a fhorbairt le haghaidh úsáid inbhuanaithe páipéir. Bunaíodh foghrúpaí ó áiteanna ar fud na heagraíochta chun an ghníomhaíocht sin a bhrú chun cinn.

Lean an Fhoireann Ghlas inmheánach de bheith i gceannas ar spriocanna inbhuanaitheachta iomchuí a chur le cláir agus feachtais Safefood. Sa bhliain 2023, thosaíomar ar an gcóras monatóireachta agus tuairiscithe earnála poiblí ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann a úsáid chun rianú a dhéanamh ar an dul chun cinn ar na spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh agus ar na spriocanna carbóin a bhaineann le fuinneamh. Agus sonraí atá ar fáil ón mbliain 2009 á n-úsáid mar bhonnlíne, léirítear inár n-éifeachtúlacht fuinnimh, arna tomhas mar an Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh, gur tháinig feabhas 62.6% ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh ón mbonnlíne i leith. Is mó é sin ná an sprioc reatha atá ag Rialtas na hÉireann go mbainfí laghdú 50% amach roimh an mbliain 2030.

Socraíodh critéir ghlasa agus treoir ghlas le haghaidh sholáthar Safefood agus tá critéir ghlasa ar áireamh inár measúnuithe ar thairiscintí anois.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla

Faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, ní mór dúinn tuairisciú gach bliain ar an dóigh ar chomhlíonamar an tAcht agus achoimre ar an gcomhlíonadh sin a chur ar áireamh sa tuarascáil bhliantúil uainn. Go háirithe, ní mór dúinn a chinntiú:

- gur sa Ghaeilge a bheidh 20% ar a laghad d'aon fhógraíocht a chuirtear in aon bhliain ar leith
- go ndéanfar 5% ar a laghad d'aon airgead a chaitear ar fhógraíocht in aon bhliain ar leith a úsáid chun fógraíocht sa Ghaeilge a chur trí na meáin Ghaeilge

Sa bhliain 2024, bhaineamar na torthaí seo a leanas amach: Bhí 26.93% (23% sa bhliain 2023) dár bhfógraíocht i nGaeilge, figiúr ar mó é ná an tairseach 20%. 4.70% (2.17% sa bhliain 2023) don chaiteachas buiséid ar na meáin Gaeilge – pas beag níos lú ná an tairseach 5% (tá tuilleadh mionsonraí ar fáil thíos).

Rinne Safefood dianiarracht an caiteachas íosta 5% ar na meáin Ghaeilge a chomhlíonadh, faoi mar atá leagtha amach in Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021. Tháinig méadú suntasach ar an gcaiteachas, ó 2.17% sa bhliain 2023 go 4.7% sa bhliain 2024, agus é beagáinín níos lú ná an sprioc 5%. Dheimhnigh an Coimisinéir Teanga go meastar an caiteachas 4.7% a bheith comhlíontach faoin Acht.

Leis an Acht freisin, leagtar ceanglais síos i ndáil le fógraí taifeadta ó bhéal, le hábhair scríofa, le comharthaíocht, le foilseacháin, le lógónna, le hainmneacha, le seoltaí, agus le teidil. Ina theannta sin, ceanglaítear leis go mbeidh 20% ar a laghad den fhoireann inniúil sa Ghaeilge faoin mbliain 2030 agus iarrtar ann go ndéanfar suirbhé ar scileanna Gaeilge na foirne sa bhliain 2027.

Rinneamar bearta chun a chinntiú go gcomhlíonaimid na hoibleagáidí sin ar fud na bliana 2024. Cuirfidh ár bhfoireann acmhainní daonna treochlár chun feidhme chun go mbainfear amach an sprioc go mbeidh inniúlacht sa Ghaeilge ag 20% den fhoireann faoin mbliain 2030 agus chun inniúlacht na foirne sa Ghaeilge a mheasúnú faoin mbliain 2027.

# Tuarascáil maidir le luach saothair

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

### Beartas maidir le luach saothair

Is é beartas Safefood maidir le luach saothair ná na tuarastail agus na téarmaí agus na coinníollacha earnála poiblí a léiriú do gach ball foirne. Is é atá sna scálaí pá cuí do gach grád ná roinnt pointí pá idir an pointe íosta agus an pointe uasta, rud a éascaíonn dul chun cinn i dtreo an phointe uasta.

### Conarthaí seirbhíse

Is de réir bheartas earcaíochta Safefood a dhéantar gach ceapachán chuig róil ardbhainistíochta agus chuig róil thábhachtacha, ar beartas é lena gceanglaítear go ndéanfaí an ceapachán ar bhonn oiriúnachta agus inniúlachta.

Faigheann gach ball foirne conradh fostaíochta tráth a cheaptar iad, rud ina mionsonraítear a dtéarmaí agus a gcoinníollacha. Déantar íocaíochtaí foirceanta de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha sin. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí foirceanta, aon íocaíochtaí cúitimh ná aon scaoilíocaíochtaí le linn na bliana 2024.

### Luach saothair agus teidlíochtaí pinsin (Faisnéis Iniúchta)

Leis an Treoir maidir le Tuarascálacha Bliantúla agus Cuntais Bhliantúla na gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas arna heisiúint go comhpháirteach ag an Roinn Airgeadais sa Tuaisceart agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin sa Deisceart, ceanglaítear go nochtfaí faisnéis faoin luach saothair agus faoi na teidlíochtaí pinsin de chuid ball foirne sinsearach áirithe.

Cuimsíonn an Phríomhfhoireann Bhainistíochta an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Stiúrthóir um Oibríochtaí Corparáideacha, an Stiúrthóir um Chumarsáid, an Stiúrthóir um Shábháilteacht Bia, agus an Stiúrthóir um Chothú.

B'ionann luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin sa bhliain 2024 agus €134,835 (GBP£112,072) (2023: €130,774 (GBP£113,746)).

B'ionann an luach saothair iomlán a íocadh leis an bPríomhfhoireann Bhainistíochta sa bhliain 2024 agus €567,681.52 (GBP£480,611) (2023: €513,716 (GBP£446,825)).

*Áirítear tuarastal, pá neamh-chomhdhlúite i gcoibhneas le feidhmíocht, agus sochair chomhchineáil leis an luach saothair iomlán. Ní áirítear leis an luach saothair iomlán scaoilíocaíochtaí, ranníocaíochtaí pinsin ón bhfostóir ná luach aistrithe na bpinsean mar choibhéis airgid.

### Sochair chomhchineáil

Níor tugadh aon sochair chomhchineáil don phríomhfhoireann bhainistíochta ná do bhaill foirne sa bhliain 2024 ná sa bhliain 2023. Chun comóradh 25 bliana bhunú Safefood a aithint, bronnadh dearbhán arbh fhiú €250 é ar 29 mball foirne. Níor tugadh aon sochair chomhchineáil eile don phríomhfhoireann bhainistíochta ná do bhaill foirne sa bhliain 2024 ná sa bhliain 2023.

### Bónais

Níl sé mar bheartas ag Safefood aon íocaíochtaí bónais a dhéanamh le comhaltaí den phríomhfhoireann bhainistíochta ná le baill foirne. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí bónais sa bhliain 2024 ná sa bhliain 2023.

## Nochtadh maidir le Pá Cóir (Faisnéis Iniúchta)

### Cóimheasa pá

Ceanglaítear ar Safefood an gaol idir luach saothair an stiúrthóra is airde pá ina eagraíocht agus luach saothair airmheánach fhórsa saothair na heagraíochta a nochtadh.

Ba é €130,000 - €140,000 (2023: €130,000 - €140,000) luach saothair bandáilte an stiúrthóra is airde pá in Safefood sa bhliain airgeadais 2024. Nochtar thíos an gaol idir lárphointe an bhanda sin agus luach saothair fhórsa saothair na heagraíochta.

| | 2024 € | 2023 € | 2024 GBP£ | 2023 GBP£ |
|---|---|---|---|---|
| **Banda Luach Saothair Iomlán an Stiúrthóra is Airde Pá* (£000)** | 130-140 | 130-140 | 112-120 | 112-120 |
| **Luach saothair airmheánach na foirne** | 58,960 | 63,249 | 48,888 | 55,170 |
| **Cóimheas** | 2.29 | 2.06 | 2.29 | 2.06 |
| **Raon an luacha saothair foirne** | €13,000 go €136,000 | €24,000 go €131,000 | £11,000 go £114,000 | £21,000 go £114,000 |

B'ionann luach saothair an stiúrthóra is airde pá sa bhliain 2024 agus €134,835 (GBP£112,072) (2023: €130,774 (GBP£113,746)). Bhí sé sin 2.29 uair (2023: 2.06 uair) níos airde ná tuarastal airmheánach an fhórsa saothair sa bhliain 2024, rud a bhí cothrom le €58,960 (GBP£48,888) (2023: €63,429 (GBP£55,170)).

## Sochair phinsin (Faisnéis Iniúchta)

### Teidlíochtaí Pinsin – Oifigigh

| | Pinsean carntha ag an aois pinsin amhail an 31/12/24 agus an chnapshuim ghaolmhar<br>€'000 | Fíormhéadú ar phinsean agus ar an gcnapshuim ghaolmhar ag an aois pinsin<br>€'000 | An luach aistrithe mar choibhéis airgid ag an 31/12/24<br>€'000 | An luach aistrithe mar choibhéis airgid ag an 31/12/23<br>€'000 | Fíormhéadú ar an luach aistrithe mar choibhéis airgid<br>€'000 | Ranníocaíocht an fhostóra leis an gcuntas pinsin comhpháirtíochta<br>€'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Gary Kearney | 55-60<br><br>móide cnapshuim is ionann agus 170-175 | 2.5-5<br><br>móide cnapshuim is ionann agus 10-15 | 1,423 | 1,295 | 128 | - |

Níl ráthaithe atá na Luachanna Aistrithe mar Choibhéis Airgid ("CETVanna") agus is chun críocha léirithe amháin atá siad. Ríomhadh CETVanna ar bhonn na sochar measta pinsin amhail an 31 Nollaig 2023 agus an 31 Nollaig 2024. Is mar a bhí siad ag an 31 Márta 2024 atá na tuarastail a thaispeántar thuas. Feicfidh comhaltaí atá laistigh den chatagóir Tuarastail Deiridh agus den chatagóir Alfa a sochair don Tréimhse Leighis, a shíneann ón 1 Aibreán 2015 go dtí an 31 Márta 2022, agus iad léirithe mar Thuarastal Deiridh.

### Nótaí maidir leis an tábla

Leis an Treoir maidir le Tuarascálacha Bliantúla agus Cuntais Bhliantúla na gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas arna heisiúint go comhpháirteach ag an Roinn Airgeadais sa Tuaisceart agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin sa Deisceart, ceanglaítear go nochtfaí faisnéis faoin luach saothair agus faoi na teidlíochtaí pinsin de chuid ball foirne sinsearach áirithe. Toisc go measann an Bord go sárófaí an reachtaíocht cosanta sonraí dá nochtfaí an fhaisnéis sin, ní dhearna Safefood aon nochtaí ina leith sin. Thoiligh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin le luach saothair agus teidlíochtaí pinsin a nochtadh, faoi mar a thaispeántar thíos agus faoi shochair phinsin.

### Socruithe pinsin

Tá na baill foirne agus na bainisteoirí uile ina gcomhaltaí den Scéim Pinsean Thuaidh/Theas, rud ar bhunaigh na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas agus Turasóireacht Éireann Teoranta é le héifeacht ón 29 Aibreán 2005.

Is scéim pinsean sochair shainithe í an scéim, a chistítear gach bliain ar bhonn íoc-mar-a-théitear ó airgead a fhaightear ó Státchiste na Ríochta Aontaithe agus ó Státchiste na hÉireann. Soláthraíonn an Roinn Sláinte sa Deisceart agus an Roinn Sláinte sa Tuaisceart cistiú don Chomhlacht. Riarann riarthóir seachtrach an scéim.

### Luachanna aistrithe mar choibhéis airgid

Níl ráthaithe atá na Luachanna Aistrithe mar Choibhéis Airgid ("CETVanna") agus is chun críocha léirithe amháin atá siad. Ríomhadh CETVanna ar bhonn na sochar measta pinsin amhail an 31 Nollaig 2023 agus an 31 Nollaig 2024.

### Fíormhéadú ar luachanna aistrithe mar choibhéis airgid

Léirítear ann an méadú ar an CETV a bhí cistithe go bunúsach ag an bhfostóir. Ní áirítear leis an méadú ar phinsean fabhraithe mar gheall ar bhoilsciú ná ranníocaíochtaí a d'íoc an fostaí (lena n-áirítear luach aon sochar a aistríodh ó scéim pinsean eile nó ó shocrú pinsin eile) agus baintear úsáid ann as tosca luachála an chómhargaidh do thús na tréimhse agus do dheireadh na tréimhse.

### Cúiteamh as cailliúint oifige (Faisnéis Iniúchta)

Dada sa bhliain.

### Luach Saothair Chomhaltaí an Bhoird (Faisnéis Iniúchta)

| | 2024 € | 2023 € | 2024 GBP£ | 2023 GBP£ | 2024 Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu (6 cinn san iomlán) | 2023 Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu (6 cinn san iomlán) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Edmond Rooney | 0-10 | 0-10 | 0-10 | 0-10 | 6 | 6 |
| Damien McCallion (Leas-Chathaoirleach) | | - | | | 4 | 4 |
| Alex Attwood | 0-10 | 0-10 | 0-10 | 0-10 | 6 | 6 |
| Teresa Canavan | 0-10 | 0-10 | 0-10 | 0-10 | 6 | 6 |
| Irene Collins | 0-10 | 0-10 | 0-10 | 0-10 | 6 | 5 |
| Maeve Henchion * | | | | | | 4 |
| Elizabeth Keane | 0-10 | 0-10 | 0-10 | 0-10 | 6 | 6 |
| Alan Lewis | 0-10 | 0-10 | 0-10 | 0-10 | 3 | 4 |
| Sinéad McCarthy ** | | | | | | 4 |
| Kenneth McKenzie | 0-10 | 0-10 | 0-10 | 0-10 | 5 | 5 |
| Elaine Clohosey *** | 0-10 | | 0-10 | | 4 | 4 |
| Elaine Mooney *** | | | | | 4 | 5 |

* Chuaigh an comhalta seo ar scor i mí Dheireadh Fómhair 2023
** Chuaigh an comhalta seo ar scor i mí Dheireadh Fómhair 2023
*** Ceapadh an comhalta seo i mí Aibreáin 2024

Tionóladh sé chruinniú de chuid an Bhoird Chomhairligh sa bhliain 2024 (2023: 6). B'ionann suim iomlán na dtáillí a íocadh le comhaltaí den Bhord Comhairleach sa bhliain 2024 agus €57,097/GBP£48,340 (2023: €50,587/GBP£44,001) agus b'ionann an Ranníocaíocht Árachais Náisiúnta sa bhliain 2024 agus €0/GBP£0 (2023: €0/GBP£0). Níor tugadh aon Sochair Chomhchineáil don Lucht Ardbhainistíochta ná do Chomhaltaí den Bhord Comhairleach. D'éiligh Comhaltaí den Bhord Comhairleach €3,721 / GBP£3,150 (2023: €4,249/GBP£3,705) san iomlán sa bhliain 2024 chun costais taistil agus chothaithe a chumhdach. Tá an tsuim sin ar áireamh sna costais taistil agus chothaithe atá nochta i nóta 4.

Ní bhfuair aon Chomhalta Boird íocaíochtaí bónais, sochair chomhchineáil ná sochair phinsin sa bhliain reatha ná sa bhliain roimhe sin.

### Bandaí tuarastail do gach fostaí

An líon fostaithe ar tháinig a luach saothair don dá mhí dhéag dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi na bandaí seo a leanas:

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| €10,001 - €20,000 | 4 | 2 |
| €20,001 - €30,000 | 2 | 3 |
| €30,001 - €40,000 | 4 | 2 |
| €40,001 - €50,000 | 0 | 1 |
| €50,001 - €60,000 | 7 | 6 |
| €60,001 - €70,000 | 3 | 3 |
| €70,001 - €80,000 | 2 | 4 |
| €80,001 - €90,000 | 2 | 1 |
| €90,001 - €100,000 | 3 | 3 |
| €100,001 - €110,000 | 4 | 3 |
| €110,001 - €120,000 | 1 | 0 |
| €120,001 - €130,000 | 0 | 1 |
| €130,001 - €140,000 | 1 | 1 |

### Íocaíochtaí le hiar-Stiúrthóirí, más iomchuí (Faisnéis Iniúchta)

Dada.

### Pacáistí scoir, más iomchuí (Faisnéis Iniúchta)

Dada.

# Cuntais

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024**



# Clár Ábhar

## An Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia
## Cuntais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024


| | |
|---|---|
| Brollach leis na cuntais | 65 |
| Ráiteas faoi fhreagrachtaí | 68 |
| Ráiteas faoi rialú inmheánach/ráiteas rialachais | 69 |
| Deimhniú agus Tuarascáil ó na hArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste | 72 |
| Ráiteas faoi ioncam agus caiteachas | 75 |
| Ráiteas faoi ioncam cuimsitheach | 76 |
| Ráiteas faoin staid airgeadais | 77 |
| Ráiteas faoi shreabhadh airgid | 78 |
| Ráiteas faoi athruithe i gcothromas | 79 |
| Nótaí leis na cuntais | 80 |
| Aguisín 1 - ordachán cuntas | 95 |

# Brollach leis na cuntais

## 1. Formáid

Ullmhaítear na Cuntais seo san fhoirm a d'ordaigh an Roinn Sláinte (Tuaisceart Éireann) agus an Roinn Sláinte (Éire) le ceadú na Roinne Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin (Éire) agus na Roinne Airgeadais (Tuaisceart Éireann) agus de réir na socruithe airgeadais atá i gCuid 7 d'Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999, agus leis an Ordú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann), 1999.

## 2. Faisnéis chúlra

Comhlacht Forfheidhmithe a bunaíodh faoi Chomhaontú Bhéal Feirste an 2 Nollaig 1999 is ea an Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia (The Food Safety Promotion Board). Is é reachtaíocht rialaithe an Bhoird ná an tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999, agus an tOrdú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann), 1999.

Leis an reachtaíocht rialaithe, tugtar na feidhmeanna sonracha seo a leanas don Bhord:-

- Sábháilteacht bia a chur chun cinn
- Taighde a dhéanamh ar shábháilteacht bia
- Rabhaidh bhia a thabhairt
- Faireachas a dhéanamh ar ghalair bhia-iompartha
- Comhoibriú agus nasc-cheangail eolaíochta idir saotharlanna a chur chun cinn
- Saoráidí atá éifeachtach ó thaobh costas de a fhorbairt le haghaidh saintástáil saotharlainne

I dteannta na nithe thuas, tá sainchúram ginearálta ar an mBord gníomhú mar fhoinse neamhspleách comhairle eolaíochta.

Is faoin ainm branda '**Safefood**' a oibríonn an Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia.

## 3. Rialachas

Is é/í an Príomhfheidhmeannach a chomhlíonann feidhmeanna an Bhoird. Tuairiscíonn an Príomhfheidhmeannach don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas. Faigheann an Príomhfheidhmeannach cúnamh ó Bhord Comhairleach agus ó Choiste Comhairleach. Ba iad seo na comhaltaí den Bhord Comhairleach sa bhliain 2024:

### Bord comhairleach 2024

| | |
|---|---|
| An Dr Edmond Rooney | Cathaoirleach |
| An tUas. Damien McCallion | Leas-Chathaoirleach |
| An tUas. Alex Attwood | |
| Teresa Canavan Uas. | |
| Irene Collins Uas. | |
| An Dr Elizabeth Keane | |
| An tUas. Alan Lewis | |
| An tUas. Kenneth McKenzie | |
| Elaine Clohosey Uas. | (a chuaigh isteach i mí Aibreáin 2024) |
| Elaine Mooney Uas. | (a chuaigh isteach i mí Aibreáin 2024) |

### Coiste comhairleach 2024

Cuimsíonn Coiste Comhairleach **Safefood** dháréag comhaltaí a tarraingíodh ó raon leathan réimsí saineolais agus disciplíní sa dá dhlínse. Tugann an Coiste Comhairleach comhairle ar eolaíochtaí bia, ar an slabhra agraibhia, ar chothú sláinte poiblí, ar an oideachas, ar iompraíocht tomhaltóirí, ar chumarsáid agus ar nithe pobail agus deonacha. Tháinig téarma an Choiste chun deiridh i mí Dheireadh Fómhair 2023. Cruthófar Coiste nua a luaithe a bheidh na ceapacháin daingnithe ag an gComhairle Aireachta Thuaidh/Theas.

## 4. Torthaí airgeadais

Tá torthaí an Bhoird um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia leagtha amach go mion ar leathanach 75. Thabhaigh an Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia caiteachas €9,193,759 (£7,783,619) agus fuair sé ioncam €9,275,913 (£7,853,172) le linn na bliana 2024, rud as ar tháinig brabús €82,155 (£69,553) don bhliain. I gcomparáid leis sin, thabhaigh an Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia caiteachas €9,026,271 (£7,850,961) agus fuair sé ioncam €8,796,819 (£7,651,385) le linn na bliana 2023, rud as ar tháinig easnamh €229,452 (£199,576) don bhliain sin.

## 5. Eachtraí tar éis an chláir comhardaithe

Idir an dáta tuairiscithe agus an dáta a ceadaíodh na ráitis airgeadais seo lena n-eisiúint, ní raibh aon eachtraí ann a fhágann gur gá coigeartú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Rinneadh cibirionsaí bogearraí éirice ar Safefood i mí Lúnasa 2024. Níor tháinig aon chaillteanas airgeadais do Safefood sa bhliain 2024 as an gcibirionsaí sin. Cé go bhfuil Safefood árachaithe le haghaidh eachtraí den sórt sin, tá mionchostas ann sa bhliain 2024 a bheidh bainteach leis an mbarrachas ar an bpolasaí árachais. Níor aisghabhadh roinnt taifid airgeadais don tréimhse ó mhí Iúil go dtí mí na Nollag 2023 ach cuireadh an obair iniúchóireachta i gcrích roimh an eachtra sin.

## 6. Síntiúis charthanúla

Ní bhfuarthas aon síntiúis charthanúla agus ní dhearnadh aon síntiúis charthanúla le linn na bliana.

## 7. Beartais

### Fostaithe faoi mhíchumas

Comhlíonann an Bord na ceanglais atá i gCuid 5 den Acht um Míchumas, 2005, maidir le tacú le fostaíocht daoine faoi mhíchumas. Leanann an Bord le bheith tiomanta do bheartas comhdheiseanna a shaothrú agus fáiltíonn sé roimh iarratais ó iarratasóirí atá cáilithe go cuí, beag beann ar mhíchumas. Tugadh an plean gníomhaíochta míchumais uainn cothrom le dáta sa bhliain 2023 chun dearcthaí dearfacha i leith daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus chun rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas sa saol poiblí a spreagadh.

### Comhionannas

**Cumhdaítear an tréimhse 2023-2028 leis an Scéim Comhionannais cheadaithe reatha ó Safefood**. Leagtar amach inti an dóigh a gcomhlíonfaidh **Safefood** na hoibleagáidí atá orainn agus a gcuirfimid comhdheiseanna agus dea-chaidreamh chun cinn go gníomhach agus sinn ag déileáil le páirtithe eile agus le daoine aonair.

### Faisnéis a sholáthar d'fhostaithe agus dul i gcomhairle leo

Bhí Fóram Comhpháirtíochta Fostaithe i bhfeidhm le linn na bliana 2023 mar shásra le haghaidh dul i gcomhairle le fostaithe.

### Beartas maidir le híoc pras agus feidhmíocht an bheartais sin

Tá an Bord tiomanta d'íocaíochtaí prasa a dhéanamh i leith earraí agus seirbhísí a fhaightear, de réir Acht na hÉireann um Íoc Pras Cuntas, 1997, arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála), 2013, agus Acht na Ríochta Aontaithe um Íoc Déanach Fiachas Tráchtála (Ús), 1998, arna leasú leis na Rialacháin maidir le híoc Déanach Fiachas Tráchtála, 2002. Ach amháin i gcás go sonrófar a mhalairt sa chonradh, beidh íocaíocht dlite laistigh de 30 lá ó na hearraí nó na seirbhísí a fháil nó ó shonrasc bailí nó éileamh den chineál céanna a leagan faoinár mbráid, cibé acu is déanaí. Glanadh 97% (2023: 95%) de na sonraisc uile laistigh de 30 lá sa bhliain 2024.

### Beartas sláinte agus sábháilteachta

Coinníonn an Bord beartas Sláinte agus Sábháilteachta ar bun, rud a scaiptear ar gach fostaí. Léirítear leis an mbeartas sin na ceanglais dhlíthiúla atá ann ardchaighdeán a chothabháil ar fud na heagraíochta.

## 8. Forbairt amach anseo

Forbraíodh an Straitéis Chorparáideach ón mBord do na blianta 2023 go 2025 agus an Plean Gnó uaidh don bhliain 2025 agus tá siad fós le ceadú faoi láthair.

Leagtar amach sa Straitéis Chorparáideach sin misean, fís agus croíluachanna an Bhoird agus an dóigh a gcuirfidh an Bord gach ceann de na feidhmeanna atá aige chun feidhme thar an tréimhse trí bliana. Déantar athmheasúnú ar an straitéis gach bliain i gcomhthéacs an phlean gnó bhliantúil.

Socraíodh an caiteachas buiséadaithe don bhliain 2025 ag €7,971,000 (£6,855,060). Áirítear leis an bhfigiúr sin buiséad aonuaire breise €264,800 (£227,728) ar cheadaigh an Roinn Sláinte in Éirinn é.

# Ráiteas faoi fhreagrachtaí an Bhoird um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia agus an Duine Chuntasaigh

D'ordaigh an Roinn Sláinte (Éire) agus an Roinn Sláinte (Tuaisceart Éireann) don Bhord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia ráiteas cuntas a ullmhú do gach bliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig san fhoirm agus ar an mbonn atá leagtha amach san ordachán cuntas atá san aguisín a ghabhann leis na Cuntais seo. Ullmhaítear na cuntais ar bhonn fabhruithe agus ní mór léargas fírinneach cóir a thabhairt iontu ar staid gnóthaí an Chomhlachta ag deireadh na bliana agus ar a ioncam agus a chaiteachas, ar athruithe i gcothromas agus ar a shreabhadh airgid don bhliain féilire.

Agus na cuntais á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an gComhlacht:

- Cloí leis an ordachán cuntas arna eisiúint ag an Roinn Sláinte (Éire) agus ag an Roinn Sláinte (Tuaisceart Éireann), lena n-áirítear na ceanglais ábhartha chuntasaíochta agus nochta, agus beartais chuntasaíochta a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh ar bhonn réasúnach;
- A lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme agus aon imeachtaí ábhartha a nochtadh agus a mhíniú sna cuntais;
- Na cuntais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an Comhlacht air ag oibriú.

## Freagrachtaí an Phríomhfheidhmeannaigh

Tá freagrachtaí an Phríomhfheidhmeannaigh mar Dhuine Cuntasach don Bhord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia leagtha amach i Meabhrán Airgeadais an Chomhlachta, lena n-áirítear an fhreagracht as cuibheas agus rialtacht an airgeadais phoiblí agus an fhreagracht as taifid a choinneáil.

An Dr Gary A. Kearney
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
**Dáta: 17.12.2025**

# Ráiteas faoin gcóras rialaithe in-mheánaigh/ráiteas rialachais

## 1. Raon freagrachta

Mar Dhuine Cuntasach, tá freagracht orm as córas fónta rialaithe inmheánaigh a chothabháil lena dtacaítear le beartais, aidhmeanna agus cuspóirí an Bhoird um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia a bhaint amach. Tá freagracht orm ag an am céanna as na cistí poiblí agus na sócmhainní roinne a bhfuil freagracht phearsanta orm astu a chosaint, de réir na bhfreagrachtaí a leagadh orm sa doiciméad 'Airgead Poiblí a Bhainistiú, Tuaisceart Éireann' agus sna Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí.

Tá an struchtúr beacht cuntasachta agus tuairiscithe sainithe i Meabhrán Airgeadais an Bhoird, rud ina leagtar amach an ról athbhreithnithe agus faireacháin atá ag na comh-Ranna urraíochta (an Roinn Sláinte (Tuaisceart Éireann) agus an Roinn Sláinte (Éire)). Ina theannta sin, mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, táim cuntasach do na coistí cuntas poiblí faoi seach sa dá dhlínse.

## 2. Cuspóir an chórais rialaithe inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú de réir leibhéal réasúnach, seachas deireadh a chur leis an riosca ar fad go mainneofaí beartais, aidhmeanna agus cuspóirí a bhaint amach. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go mbeidh sé éifeachtach. Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar phróiseas leanúnach atá deartha chun sainaithint a dhéanamh ar na rioscaí atá roimh bheartais, aidhmeanna agus cuspóirí an Bhoird a bhaint amach agus chun na rioscaí sin a chur in ord tosaíochta, chun meastóireacht a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtiocfadh na rioscaí sainaitheanta chun cinn agus ar an tionchar a bheadh acu dá dtiocfadh siad chun cinn agus chun na rioscaí sainaitheanta a bhainistiú ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach agus barainneach. Bhí an córas rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm sa Bhord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 agus suas go dtí an dáta a ceadaíodh an Tuarascáil Bhliantúil agus na Cuntais Bhliantúla, agus tá an córas ag teacht leis an treoir ó na Ranna Airgeadais.

## 3. Cumas chun riosca a láimhseáil

Tá an Fhoireann Ardbhainistíochta freagrach as an bpróiseas bainistíochta riosca a chur i bhfeidhm agus a fhormhaoirsiú faoi mo threoir chun a chinntiú go mbíonn an próiseas ag obair mar atá beartaithe. I dteannta an creat riosca foriomlán a athbhreithniú, athbhreithnítear na moltaí uile a fhaightear ó na hiniúchóirí inmheánacha agus ó na hiniúchóirí seachtracha araon. Déantar rialuithe a bhreisiú nó a thabhairt isteach ansin, de réir mar is gá.

Táthar ag súil leis go n-oibreoidh gach ball foirne de réir beartais bhunaithe maidir le riosca agus maidir le rialú inmheánach, agus cuirtear oiliúint chuí orthu chun déanamh amhlaidh.

## 4. An creat riosca agus rialaithe

D’fhorbair an Bord clár rioscaí agus maitrís measúnú riosca.  Sainaithnítear rioscaí ar an leibhéal dílis agus ar an leibhéal rialaithe araon nuair a bhíonn pleananna agus straitéisí gnó á bhforbairt. D’fhorbair an Bord creat um fhaisnéis rialta bhainistíochta, um athbhreithniú ar dhifríochtaí agus um nósanna imeachta riaracháin agus rialaithe (lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta).

Áirítear na nithe seo leis an gcreat sin freisin:

- Córais chuimsitheacha bhuiséadaithe, áit a gceadaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an buiséad bliantúil;
- Nósanna imeachta chun na Buiséid a athbhreithniú agus a chomhaontú leis an bhFoireann Ardbhainistíochta;
- Tuarascálacha rialta airgeadais a ullmhú mar bhonn le haghaidh athbhreithniú agus faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn.

Sa bhliain 2024, fuair an t-athbhreithniú ar an gcreat riosca agus rialaithe cúnamh ó na tuairimí a fuarthas ó na hIniúchóirí Inmheánacha agus ó na hIniúchóirí Seachtracha araon agus ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

## 5. Athbhreithniú ar éifeachtacht

Mar dhuine cuntasach, tá freagracht orm as athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh. Tá an t-athbhreithniú a dhéanaim ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus na mbainisteoirí feidhmiúcháin atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil agus ar na tuairimí a chuireann na hiniúchóirí seachtracha in iúl sa litir bhainistíochta uathu agus i dtuarascálacha eile uathu. Tá plean i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar laigí agus chun feabhsú leanúnach an chórais a chinntiú.

Thacaigh na gníomhaíochtaí seo a leanas leis an athbhreithniú ar éifeachtacht:

- Rinne an Fhoireann Ardbhainistíochta athbhreithniú míosúil ar an mBuiséad Bliantúil, ar cheadaigh na Ranna Urraíochta é, agus í ag féachaint go príomha ar aon difríochtaí idir an ghníomhaíocht iarbhír agus an ghníomhaíocht bheartaithe.
- Coinníodh an creat bainistíochta riosca faoi athbhreithniú leanúnach agus leagadh an clár rioscaí faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Thug na hIniúchóirí Inmheánacha faoi athbhreithniú ar éifeachtacht na Rialuithe Inmheánacha Airgeadais a bhí i bhfeidhm le linn na bliana airgeadais 2024 idir mí Mheán Fómhair 2024 agus mí na Nollag 2024 agus rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar an obair sin. Ar bhonn na tuarascála uathu, is deimhin liom go bhfuil córais agus rialuithe láidre i bhfeidhm chun na príomhrioscaí sainaitheanta a mhaolú. Sa tuarascáil iniúchóireachta, cinneadh go bhfuil dearadh agus oibriú na bpríomhrialuithe inmheánacha sásúil agus fuarthas amach go mbíonn na córais bhunaithe agus na rialuithe inmheánacha airgeadais á gcomhlíonadh, tríd is tríd.  Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil gur féidir dearbhú réasúnach a chur ar leorgacht agus oibriú an chreata rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm ag **Safefood**. Níor thángthas ar aon fhionnachtana ardriosca a d’fhéadfadh caillteanas airgeadais ábhartha a chruthú nó cur isteach ar oibríochtaí. Thángthas ar fhionnachtain amháin a raibh tosaíocht mheánach ag baint léi agus ar fhionnachtain amháin a raibh tosaíocht íseal ag baint léi. Ar an iomlán, áfach, cinneadh go raibh na rialuithe a tástáladh ag oibriú go héifeachtach le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2024.

Tugadh faoi deara sa tuarascáil gur ann do roinnt láidreachtaí príomhrialaithe sna réimsí seo a leanas: Maoirseacht agus Cuntasacht; Beartais agus Nósanna Imeachta; Leithscaradh Dualgas; Párolla; Baincéireacht agus Rialuithe Cárta Creidmheasa; Ceannach, Soláthar agus Próiseáil Sonrasc; agus Buiséadú agus Tuairisciú Airgeadais. Rinneadh moltaí chun aghaidh a thabhairt ar na fionnachtana, agus tá na moltaí sin á gcur chun feidhme anois. Ina theannta sin, de réir an phlean iniúchóireachta inmheánaí a cheadaigh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, rinne ár nIniúchóirí Inmheánacha athbhreithniú ar fheidhm Bainistíochta Riosca **Safefood**. Bhí sé mar chuspóir leis an athbhreithniú sin tuairim a thabhairt don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca maidir le héifeachtacht na gcóras, na nósanna imeachta agus na rialuithe atá i bhfeidhm i leith Iplicit, an córas airgeadais nua. Cinneadh sa tuarascáil go raibh fhionnachtain amháin lenar bhain riosca meánach agus fionnachtain amháin lenar bhain ísealriosca ann agus, cé is moite de dhá mholadh, cinneadh inti gur oibrigh na próisis Bainistíochta Riosca go sásúil le linn thréimhse an athbhreithnithe. Baineann na moltaí le bainistíocht rochtana agus le bainistíocht tríú páirtí.

Rinneadh cibirionsaí bogearraí éirice ar Safefood i mí Lúnasa 2024. Cuireadh foireann bainistíochta géarchéime le chéile go tapa, agus í comhdhéanta de shaineolaithe seachtracha Dlí agus Cibearshlándála. Tógadh na feistí truaillithe amach as líne agus imscrúdaíodh go fóiréinseach iad. Imscaradh bogearraí faireacháin braite críochphointí agus paistí ar gach inneall agus éilíodh ar úsáideoirí a bpasfhocail a athrú. Rinneadh an líonra agus na trí leabharlann chriptithe SharePoint a aischur ó chúltacaí. I gcás an chuid is mó d'fhoireann Safefood, ní raibh aon chur isteach ann ar ghnó. Ní dhearnadh difear don chóras airgeadais néalbhunaithe nua (Iplicit). I gcás na foirne TFC agus na foirne Airgeadais, áfach, bhí roinnt obair bhreise ag teastáil chun córais a dheisiú/a aischur, agus tacaíocht á tabhairt don chuid eile den eagraíocht ag an am céanna de réir mar a lean sí le gnó mar is gnách. Sa tuarascáil deiridh, thángthas ar an gconclúid gur fhulaing Safefood ionsaí lántrialach a thosaigh i mí na Nollag 2023 sula bhfuarthas rochtain ar chórais Safefood go rathúil i mí Lúnasa 2024. Neartaigh Safefood a chibearshlándáil cheana féin agus leanfaidh sé leis na moltaí ó na saineolaithe cibearshlándála a chur chun feidhme. Coimeádann Safefood clúdach árachais le haghaidh eachtraí den sórt sin agus d'aisghabh sé a gcostais "sheachtracha" ar fad, cé is moite de €2,500.

Gary A. Kearney

An Dr Gary A. Kearney
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
**Dáta: 17.12.2025**

**An Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia**

## AN DEIMHNIÚ Ó NA hARD-REACHTAIRÍ CUNTAS AGUS CISTE DO THIONÓL THUAISCEART ÉIREANN AGUS DO THITHE AN OIREACHTAIS

### Tuairim ar na cuntais

Deimhnímid go ndearnamar iniúchadh ar chuntais an Bhoird um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia (an Comhlacht) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 de bhun fhorálacha an Ordaithe um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann), 1999, agus an Achta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999, lena gceanglaítear orainn na cuntais a leag an Comhlacht faoinár mbráid a iniúchadh agus a dheimhniú i gcomhar lena chéile. Cuimsíonn na cuntais na nithe seo a leanas:

- an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas
- an ráiteas faoi ioncam cuimsitheach
- an ráiteas faoin staid airgeadais
- an ráiteas faoi shreabhadh airgid
- an ráiteas faoi athruithe i gcothromas, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear beartais shuntasacha chuntasaíochta.

Ullmhaíodh na cuntais de réir na mbeartas cuntasaíochta atá leagtha amach iontu.

Chomh maith leis sin, rinneamar iniúchadh ar an bhfaisnéis sa tuarascáil maidir le luach saothair a dtuairiscítear sa tuarascáil sin go ndearnadh iniúchadh uirthi.

Táimid den tuairim:

- go dtugtar sna cuntais léargas fírinneach cóir ar staid ghnóthaí an Chomhlachta amhail an 31 Nollaig 2024 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain dar críoch an dáta sin; agus
- gur ullmhaíodh na cuntais go cuí de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann (FRS 102) agus de réir an ordacháin cuntas atá san aguisín a ghabhann leis na cuntais.

### Tuairim ar rialtacht

Táimid den tuairim gur úsáideadh an caiteachas agus an t-ioncam atá taifeadta sna cuntais i ngach ponc ábhartha chun na gcríoch a bhí beartaithe ag Tionól Thuaisceart Éireann agus ag Tithe an Oireachtais agus go bhfuil na hidirbhearta airgeadais atá tuairiscithe sna cuntais ag teacht leis na húdaráis a rialaíonn iad.

### Bunús na dtuairimí

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta. Maidir leis na freagrachtaí atá orainn faoi na caighdeáin sin, tá cur síos níos mine déanta orthu sa rannán ‘freagrachtaí na n-iniúchóirí’ den deimhniú seo. Táimid neamhspleách ar an gComhlacht, de réir cheanglais eitice an Chaighdeáin Eitice a d’eisigh an Chomhairle Tuairiscithe Airgeadais sa bhliain agus de réir cheanglais eitice an Chóid Eitice ó Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta, agus chomhlíonamar ár gcuid freagrachtaí eitice de réir na gceanglas sin.

Creidimid gur leor agus cuí an fhianaise iniúchta a fuaireamar chun bonn a thabhairt dár dtuairimí.

### Faisnéis seachas na cuntais

Chuir an Comhlacht faisnéis áirithe eile i láthair i dteannta na gcuntas. Cuimsíonn an fhaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, an tuarascáil maidir le luach saothair, an brollach leis na cuntais, agus an ráiteas faoin gcóras rialaithe inmheánaigh/an ráiteas rialachais. Ní chumhdaíonn ár dtuairim ar na cuntais an fhaisnéis eile agus, seachas a mhéid a luaitear a mhalairt go follasach inár dtuarascáil, ní chuirimid aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

Maidir lenár n-iniúchadh ar na cuntais, is é an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus, le linn dúinn é sin a dhéanamh, a mheas cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na cuntais nó leis an eolas a ghnóthaíomar le linn an iniúchta nó cé acu is cosúil nó nach cosúil go ndearnadh míráiteas ábhartha uirthi. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinneamar, go gcinnimid go ndearnadh míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orainn an fíoras sin a thuairisciú.

Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith sin.

**Tuairim ar an tuarascáil maidir le luach saothair**

Chuir na stiúrthóirí tuarascáil maidir le luach saothair i láthair i dteannta na ráiteas airgeadais. Faoin *Treoir maidir le Tuarascálacha Bliantúla agus Cuntais Bhliantúla na gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas* (2024) arna heisiúint go comhpháirteach ag an Roinn Airgeadais agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, ceanglaítear orainn iniúchadh a dhéanamh ar nochtaí áirithe a dhéantar sa tuarascáil maidir le luach saothair agus tuairim a thabhairt orthu sin.

Leis an *Treoir maidir le Tuarascálacha Bliantúla agus Cuntais Bhliantúla na gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas*, ceanglaítear go nochtfaí sa tuarascáil maidir le luach saothair faisnéis faoin luach saothair agus faoi na sochair phinsin mheasta de chuid baill foirne shinsearacha áirithe, ar faisnéis í atá faoi raon feidhme na faisnéise a bhfuil iniúchadh le déanamh uirthi. Rinneadh luach saothair agus sochair phinsin an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin sa bhliain chuntasaíochta a nochtadh sa tuarascáil maidir le luach saothair ach, seachas sin, ní dhearnadh na nochtaí riachtanacha maidir le luach saothair agus le pinsin i ndáil le baill foirne shinsearacha. Táimid den tuairim go ndearnadh na codanna den tuarascáil maidir le luach saothair a bhfuil iniúchadh le déanamh orthu a ullmhú go cuí de réir na *Treorach maidir le Tuarascálacha Bliantúla agus Cuntais Bhliantúla na gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas*, cé is moite den neamhchomhlíonadh sin.

**Ábhair ar a dtuairiscímid trí eisceacht**

Níl aon rud le tuairisciú againn i leith na n-ábhar seo a leanas ar a dtuairiscímid i gcás go bhfuilimid den tuairim:

- nach bhfuil na ráitis airgeadais ná na codanna den tuarascáil maidir le luach saothair a bhfuil iniúchadh le déanamh orthu ag teacht leis na taifid chuntasaíochta
- nach bhfuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uainn dár n-iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun sinn a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na cuntais, nó
- nach léirítear sa ráiteas faoin gcóras rialaithe inmheánaigh/sa ráiteas rialachais gur comhlíonadh an treoir is infheidhme maidir le rialachas corparáideach.

## Freagrachtaí an Chomhlachta agus an Oifigigh Chuntasaíochta as na cuntais

Mar atá mínithe ar bhealach níos mine sa ráiteas faoi fhreagrachtaí, tá an Comhlacht freagrach as na cuntais a ullmhú ar bhonn an ordacháin cuntas atá ar áireamh san aguisín a ghabhann leis na cuntais agus as a bheith deimhin go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu. Tá an Príomhfheidhmeannach, mar Oifigeach Cuntasaíochta, freagrach as cuibheas agus rialtacht a chinntiú i ndáil le cistí poiblí a úsáid.

## Freagrachtaí na n-iniúchóirí

Is é an fhreagracht atá orainn na cuntais a iniúchadh de réir fhorálacha an Ordaithe um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann), 1999, agus an Achta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999, agus tuairisc a thabhairt do Thionól Thuaisceart Éireann agus do Thithe an Oireachtais orthu.

Tá sé mar chuspóir againn agus an t-iniúchadh á dhéanamh againn dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na cuntais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Cé gur ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ní ráthaíonn sé go mbraithfear míráiteas ábhartha, i ngach cás inarb ann dó, nuair a dhéantar iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta.
Is féidir le míráitis teacht chun cinn as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha i gcás gurb amhlaidh, ina n-aonar nó i dteannta míráiteas eile, go bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar na cinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na gcuntas lena mbaineann.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, úsáidimid breithiúnas gairmiúil agus coinnímid sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaimid sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna cuntais, cibé acu de bharr calaoise nó earráide; ceapaimid nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirimid i bhfeidhm iad; agus faighimid fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bonn a thabhairt dár dtuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaímid tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá cuí sna cúinsí, seachas chun tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí atá na rialuithe inmheánacha.
- Déanaimid meastóireacht ar a chuí atá na beartais chuntasaíochta a úsáideadh agus ar a réasúnaí atá na meastacháin chuntasaíochta agus an nochtadh gaolmhar.
- Déanaimid cinneadh ar a chuí atá sé bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, déanaimid cinneadh ar cé acu is ann nó nach ann d'éiginnteacht ábhartha a bhaineann le heachtraí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar an gcumas atá ag an gComhlacht leanúint de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach. Má chinnimid gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orainn aird a tharraingt inár dtuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna cuntais nó, i gcás nach leor an nochtadh sin, ceanglaítear orainn ár dtuairim a athrú. Tá ár gcinntí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dáta ár dtuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh eachtraí nó dálaí amach anseo a chur faoi deara go scoirfeadh an Comhlacht de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.
- Déanaimid meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na gcuntas, lena n-áirítear an nochtadh, agus ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear na hidirbhearta agus na heachtraí bunúsacha i láthair ar bhealach cóir sna cuntais.

Téimid i dteagmháil leo sin a bhfuil freagrachtaí rialachais orthu as raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus as fionnachtana suntasacha iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha ar an rialú inmheánach a shainaithnímid le linn ár n-iniúchta, i measc ábhair eile.

Ina theannta sin, ceanglaítear orainn fianaise a fháil is leor chun dearbhú réasúnach a thabhairt gur úsáideadh an caiteachas agus an t-ioncam atá taifeadta sna cuntais airgeadais chun na gcríoch a bhí beartaithe ag Tionól Thuaisceart Éireann agus ag Tithe an Oireachtais agus go bhfuil na hidirbhearta airgeadais atá taifeadta sna cuntais ag teacht leis na húdaráis a rialaíonn iad.

**Seamus McCarthy**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, Éire
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1
Éire
DO1 PF72

19 Nollaig 2025

**Dorinnia Carville**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste do Thuaisceart Éireann
Oifig Iniúchóireachta Thuaisceart Éireann
106 Sráid na hOllscoile
Béal Feirste
BT7 1EU

# Ráiteas faoi ioncam agus caiteachas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

| Ioncam | Nótaí | 2024<br>€ | 2023<br>€ | 2024<br>£ | 2023<br>£ |
|---|---|---|---|---|---|
| Deontas Ioncaim ó na Ranna | 2(a) | 8,051,939 | 7, 910,265 | 6,816,932 | 6,880,270 |
| Deontas Caipitil a Eisíodh | 9 | 103,974 | 110,554 | 88,026 | 96,158 |
| | | 8,155,913 | 8,020,819 | 6,904,958 | 6,976,428 |
| Ioncam Eile | 2(b) | 1,120,000 | 776,000 | 948,214 | 674,957 |
| **Ioncam Iomlán** | | 9,275,913 | 8,796,819 | 7,853,172 | 7,651,385 |
| | | | | | |
| **Caiteachas** | | | | | |
| Costais Foirne | 3(b) | 3,730,217 | 3,126,278 | 3,158,076 | 2,719,205 |
| Táillí Boird | | 57,097 | 50,810 | 48,340 | 44,196 |
| Dímheas | 6 | 103,974 | 110,554 | 88,026 | 96,158 |
| Caiteachas faoin gClár Taighde | 5 | 1,325,605 | 1,231,134 | 1,122,284 | 1,070,828 |
| Gníomhaíochtaí Cur Chun Cinn | 12 | 2,596,551 | 3,001,136 | 2,198,292 | 2,610,358 |
| Costais Oibriúcháin Eile | 4 | 1,380,314 | 1,506,359 | 1,168,599 | 1,310,216 |
| | | | | | |
| **Caiteachas Iomlán** | | 9,193,758 | 9,026,271 | 7,783,619 | 7,850,961 |
| | | | | | |
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain** | | 82,155 | (229,452) | 69,553 | (199,576) |
| | | | | | |
| Suim a aistríodh chuig an gCúlchiste Ginearálta | 13 | 82,155 | (229,452) | 69,553 | (199,576) |

Is le gníomhaíochtaí leantacha a bhaineann na suimeanna uile thuas.

Is cuid de na cuntais seo iad na nótaí ar leathanaigh 80 go 94, i dteannta Aguisín 1 ar leathanach 95.


Gary A. Kearney

An Dr Gary A. Kearney
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
**Dáta: 17.12.2025**

# Ráiteas faoi ioncam cuimsitheach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

| | Nótaí | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 | 2024<br>£'000 | 2023<br>£'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Barrachas/(Easnamh) don tréimhse | | 82,155 | (229,452) | 69,553 | (199,575) |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach ar dhliteanais phinsin | 17(b) | 601,000 | 222,000 | 509,000 | 193,000 |
| Coigeartú ar chistiú iarchurtha pinsin | | (601,000) | (222,000) | (509,000) | (193,000) |
| **Gnóthachan/(caillteanas) aitheanta iomlán don tréimhse** | | **82,155** | **(229,452)** | **69,553** | **(199,575)** |

Is cuid de na cuntais seo iad na nótaí ar leathanaigh 80 go 94, i dteannta Aguisín 1 ar leathanach 95.




An Dr Gary A. Kearney
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
**Dáta: 17.12.2025**

# Ráiteas faoin staid airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024

| | Nótaí | 2024 € | 2023 € | 2024 £ | 2023 £ |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 6 | 176,654 | 256,081 | 146,479 | 222,547 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Suimeanna Infhaighte | 7 | 260,222 | 378,181 | 215,771 | 328,659 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | 11 | 874,608 | 897,275 | 725,207 | 779,775 |
| **Dliteanais Reatha** | | | | | |
| Suimeanna iníoctha - suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | 8 | (365,540) | (588,322) | (303,099) | (511,280) |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 769,288 | 687,134 | 637,878 | 597,154 |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha roimh Phinsin** | | 945,943 | 943,215 | 784,357 | 819,701 |
| Cistiú Iarchurtha Pinsin | 17(d) | 16,241,000 | 15,722,000 | 13,467,000 | 13,663,000 |
| Dliteanais Phinsin | 17(b) | (16,241,000) | (15,722,000) | (13,467,000) | (13,663,000) |
| **Glansócmhainní** | | 945,943 | 943,215 | 784,357 | 819,701 |
| **Arna Maoiniú ag:** | | | | | |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | | | |
| Cúlchiste Ginearálta | 13 | 769,288 | 687,134 | 637,879 | 597,154 |
| Cúlchiste Deontais Caipitil | 9 | 176,655 | 256,081 | 146,478 | 222,547 |
| | | 945,943 | 943,215 | 784,357 | 819,701 |

Is cuid de na cuntais seo iad na nótaí ar leathanaigh 80 go 94, i dteannta Aguisín 1 ar leathanach 95.




An Dr Gary A. Kearney
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
**Dáta: 17.12.2025**

# Ráiteas faoi shreabhadh airgid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

| | Nótaí | 2024 € | 2023 € | 2024 £ | 2023 £ |
|---|---|---|---|---|---|
| **Glan-insreabhadh airgid/(glan-eis-sreabhadh airgid) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | 10 | (22,668) | (274,087) | (54,570) | (259,141) |
| **Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais** | | | | | |
| Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a cheannach | 6 | (24,548) | (28,638) | (20,783) | (24,909) |
| **Glan-insreabhadh airgid/(glan-eis-sreabhadh airgid) roimh mhaoiniú** | | (47,216) | (302,725) | (75,353) | (284,050) |
| **Maoiniú** | | | | | |
| Cistiú Caipitil a Fuarthas | 9 | 24,548 | 28,638 | 20,783 | 24,909 |
| **Méadú/(laghdú) in iarmhéideanna airgid/bainc** | 11 | (22,668) | (274,087) | (54,570) | (259,141) |
| **Airgead agus coibhéisí airgid i dtús na bliana** | | **897,276** | **1,171,363** | **779,776** | **1,038,917** |
| **Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana** | | **874,608** | **897,276** | **725,206** | **779,776** |

Is cuid de na cuntais seo iad na nótaí ar leathanaigh 80 go 94, i dteannta Aguisín 1 ar leathanach 95.




An Dr Gary A. Kearney
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
**Dáta: 17.12.2025**

# Ráiteas faoi athruithe i gcothromas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

| | Nótaí | 2024 € | 2023 € | 2024 £ | 2023 £ |
|---|---|---|---|---|---|
| **Cúlchiste Ginearálta** | | | | | |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 13 | 687,134 | 916,586 | 597,154 | 812,948 |
| Barrachas/(Easnamh) | 13 | 82,155 | (229,452) | 69,553 | (199,576) |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach | 17(b) | 601,000 | 222,000 | 509,000 | 193,000 |
| Cistiú Iarchurtha Pinsin | | (601,000) | (222,000) | (509,000) | (193,000) |
| Coigeartú Aistriú Airgeadra | 13 | 0 | 0 | (28,828) | (16,218) |
| Iarmhéid ag an 31 Nollaig | | 769,288 | 687,134 | 637,879 | 597,154 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | | | |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 9 | 256,081 | 337,997 | 222,547 | 299,780 |
| Deontais Chaipitil | 9 | 24,548 | 28,638 | 20,783 | 24,909 |
| Amúchadh | 9 | (103,974) | (110,554) | (88,026) | (96,158) |
| Coigeartú Aistriú Airgeadra | 9 | | 0 | (8,825) | (5,984) |
| Iarmhéid ag an 31 Nollaig | | 176,655 | 256,081 | 146,479 | 222,547 |
| **Cothromas Iomlán ag Deireadh na Bliana** | | **945,943** | **943,215** | **784,358** | **819,701** |

Is cuid de na cuntais seo iad na nótaí ar leathanaigh 80 go 94, i dteannta Aguisín 1 ar leathanach 95.



An Dr Gary A. Kearney
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
**Dáta: 17.12.2025**

# Nótaí leis na cuntais

## 1. Beartais chuntasaíochta

### 1.1 Coinbhinsiún cuntasaíochta

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil.

Gan an fhaisnéis a thugtar a theorannú, ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhruithe agus comhlíonann siad na ceanglais chuntasaíochta agus nochta arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

### 1.2 Ioncam

Is ionann ioncam agus na deontais ioncaim atá infhaighte ón Roinn Sláinte (Éire) agus ón Roinn Sláinte (Tuaisceart Éireann).

### 1.3 Sócmhainní seasta

a) Cuirtear sócmhainní seasta inláimhsithe ar áireamh de réir costas stairiúil don Bhord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia.

b) Ríomhtar dímheas chun an costas a dhíscríobh thar shaolré úsáideach na sócmhainní. Is iad seo a leanas na modhanna a ghlactar agus na rátaí in aghaidh na bliana a úsáidtear:

| | |
|---|---|
| Trealamh Oifige | 15% de réir Méid Cothrom |
| Trealamh Ríomhaire | 33.3% de réir Méid Cothrom |
| Costais Réadmhaoine agus Feistithe | 4% de réir Méid Cothrom |
| Daingneáin agus Feistis | 10% de réir Méid Cothrom |

c) Gearrtar dímheas i mbliain na fála agus ní ghearrtar aon dímheas i mbliain na diúscartha.

d) Caipitlítear Sócmhainní Seasta a luaithe a sháraíonn siad €650 (£554).

### 1.4 Cáin Bhreisluacha

Ní fhéadfaidh an Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia cáin bhreisluacha (CBL) a aiséileamh agus cuirtear CBL ar áireamh mar chaiteachas nó i luach caipitil Sócmhainní Seasta.

### 1.5 Sochair scoir

Ghlac an Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia FRS 102 i ndáil le cuntas a thabhairt i sochair scoir.

Bhunaigh na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas agus Turasóireacht Éireann Teoranta an Scéim Pinsean Thuaidh/Theas le héifeacht ón 29 Aibreán 2005. Is scéim pinsean sochair shainithe í an scéim, a chistítear gach bliain ar bhonn íoc-mar-a-théitear ó airgead a fhaightear ó Státchiste na Ríochta Aontaithe agus ó Státchiste na hÉireann. Riarann riarthóir seachtrach an scéim.

Cumhdaítear sochair scoir i gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102. Cuireadh an dliteanas ag an 31 Nollaig 2024 ar áireamh sna ráitis airgeadais. Cuireadh nóta nochta ina mionsonraítear ríomhaireachtaí an athbhreithnithe achtúirigh ar áireamh iontu freisin (Nóta 17), ar ríomhaireachtaí iad a rinne XPS ach modh na n-aonad réamh-mheasta a úsáid. Áirítear leis sin na torthaí atá ar dhliteanais phinsin agus costais fostaithe (agus iarfhostaithe) an Bhoird um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia a ríomh chun críocha na gcuntas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 agus chun críocha na bhfigiúirí comparáideacha don bhliain 2023.

Is ionann costais Sochair Scoir agus na sochair scoir a thuill fostaithe le linn na tréimhse. Is mar ioncam a aithnítear suim a chomhfhreagraíonn don mhuirear sochair scoir, a mhéid atá an muirear in-aisghafa. Fritháirítear an tsuim sin le deontais a fuarthas sa bhliain chun íocaíochtaí sochair scoir a dhéanamh. Is ionann dliteanais Sochair Scoir agus luach reatha na n-íocaíochtaí sochair scoir amach anseo atá tuillte ag baill foirne go dtí seo. Is sócmhainn chomhfhreagrach é cistiú iarchurtha sochair scoir, arb ionann é agus na hacmhainní atá le cur ar fáil sa todhchaí ag Státchiste na Ríochta Aontaithe agus ag Státchiste na hÉireann ar an mbealach atá tuairiscithe thuas.

Is sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach a aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe i dtoimhdí achtúireacha agus as barrachais agus easnaimh ó thaithí. Ón mbliain 2012 i leith, tá ranníocaíochtaí na gcomhaltaí á n-aithint sa chostas seirbhíse reatha sochair scoir. I mblianta roimhe sin, aithníodh ranníocaíochtaí na gcomhaltaí ar leithligh laistigh den nóta maidir le sochair scoir.

### 1.6 Caiteachas faoin gclár taighde

Tá na costais Conarthaí Taighde a chuirtear ar áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais bunaithe ar an gcaiteachas atá dlite agus iníoctha sa bhliain de bhun conarthaí ceadaithe taighde.

### 1.7 Cúlchiste deontais caipitil

Léirítear i gCuntas an Chúlchiste Deontais Caipitil luach neamhamúchta an ioncaim a úsáidtear chun críocha caipitil.

### 1.8 Airgeadra tuairiscithe

Is in Euro agus i Steirling araon a thuairiscítear idirbhearta agus iarmhéideanna an Bhoird. Euro airgeadra oibre an Bhoird agus is san airgeadra sin a thaifeadtar idirbhearta. Maidir le hidirbhearta a rinneadh in airgeadraí eile, taifeadtar iad in Euro de réir an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ag dáta na n-idirbheart, agus Rátaí Tagartha an Bhainc Cheannais Eorpaigh á n-úsáid. Maidir le sócmhainní agus dliteanais airgid a bhí ainmnithe i Steirling, aistrítear iad go Euro de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ag dáta an Chláir Comhardaithe (0.82918). Tógtar gnóthachain agus caillteanais réadaithe chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Aistrítear na ráitis airgeadais go Steirling ag deireadh na bliana. Aistrítear an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais ach úsáid a bhaint as an meánráta malairte don bhliain (2024: 0.84662, 2023: 0.86979) agus aistrítear an Clár Comhardaithe ach úsáid a bhaint as an ráta malairte deiridh (2024: 0.82918, 2023: 0.86905). Maidir le coigeartuithe airgeadra a eascraíonn as na ráitis airgeadais a aistriú ar an mbealach sin, léirítear iad sa Ghlansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin (Nóta 10), sa Chúlchiste Deontais Caipitil (Nóta 9) agus sa Chúlchiste Ginearálta (Nóta 13).

### 1.9 Ráiteas faoi chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Safefood don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais agus arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann agus, ach amháin i gcás go sonrófar a mhalairt, comhlíonann na ráitis airgeadais ceanglais na Treorach maidir le Tuarascálacha Bliantúla agus Cuntais Bhliantúla na gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas arna heisiúint ag an Roinn Airgeadais (Tuaisceart Éireann) agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

## 2. a) Deontais ó na ranna

**An Tréimhse Airgeadais ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024**

| | Nóta | RS (É) € | RS (TÉ) € | Iomlán € | RS (É) £ | RS (TÉ) £ | Iomlán £ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Deontas Ioncaim | | 5,663,628 | 2,388,311 | 8,051,939 | 4,794,941 | 2,021,992 | 6,816,933 |
| Cuntas Caipitil | 9 | 17,270 | 7,279 | 24,549 | 14,621 | 6,162 | 20,783 |
| | | 5,680,898 | 2,395,590 | 8,076,488 | 4,809,562 | 2,028,154 | 6,837,716 |

**An Tréimhse Airgeadais ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023**

| | Nóta | RS (É) € | RS (TÉ) € | Iomlán € | RS (É) £ | RS (TÉ) £ | Iomlán £ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Deontas Ioncaim | | 5,643,056 | 2,267,209 | 7,910,265 | 4,908,273 | 1,971,996 | 6,880,270 |
| Cuntas Caipitil | 9 | 20,430 | 8,208 | 28,638 | 17,770 | 7,139 | 24,909 |
| | | 5,663,486 | 2,275,417 | 7,938,903 | 4,926,043 | 1,979,135 | 6,905,179 |

Faigheann an Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia deontais ón Roinn Sláinte (Éire) (RS (É)) agus ón Roinn Sláinte (Tuaisceart Éireann) (RS (TÉ)) araon.  Is iad na ranníocaíochtaí faoi seach ná 70% (2023: 71%) ón Roinn Sláinte (Éire) agus 30% (2023: 29%) ón Roinn Sláinte (Tuaisceart Éireann).

Bronntar na deontais de réir ráta malairte plean gnó chun críocha buiséadaithe agus de réir an ráta malairte iarbhír a bhí i bhfeidhm ag dáta an iarratais chun críocha na ráiteas airgeadais. Sa bhliain 2024, bhí an buiséad cothrom le €7,754,000 (2023: €7,746,000), gan pinsin a áireamh, agus le €7,969,400 (2023: €7,906,461), agus pinsin san áireamh. Tá na figiúirí sin bunaithe ar ráta malairte €1 go £0.87 (2023: €1 go £0.86). Ba é €1 go £0.84662 (2023: €1 go £0.86979) an meánráta malairte thar an tréimhse. Mar thoradh air sin, ba é €8,051,939 (2023: €7,938,903) an deontas a aithníodh, pinsin san áireamh. Tá sé sin cothrom le gnóthachan malairte eachtraí €82,539 ar thiontú deontais (2023: gnóthachan €32,442).

## 2. b) Ioncam eile

| | Nóta | 2024<br>€ | 2023<br>€ | 2024<br>£ | 2023<br>£ |
|---|---|---|---|---|---|
| Glanchistiú iarchurtha le haghaidh pinsean | 17(c) | 1,120,000 | 776,000 | 948,214 | 674,957 |
| | | 1,120,000 | 776,000 | 948,214 | 674,957 |

## 3. Costais foirne

**a)** Ba é seo an meánlíon ball foirne (baill foirne gníomhaireachta san áireamh):

| Stiúrthóireachtaí | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| An Lucht Ardbhainistíochta | 5 | 5 |
| Oibríochtaí Corparáideacha | 8 | 9 |
| Sábháilteacht Bia | 6 | 6 |
| Cothú | 4 | 4 |
| Cumarsáid | 7 | 7 |
| Iomlán | 30 | 31 |

**b)** Ba iad seo na costais a tabhaíodh i leith na mball foirne sin:

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ | 2024<br>£ | 2023<br>£ |
|---|---|---|---|---|
| Costais Tuarastail | 2,095,912 | 1,944,018 | 1,774,440 | 1,690,888 |
| ÁSPC ón bhFostóir | 215,378 | 198,755 | 182,344 | 172,875 |
| Baill Foirne Gníomhaireachta | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Costais Phinsin: | | | | |
| Costais Reatha Seirbhíse Pinsin | 1,418,927 | 983,505 | 1,201,292 | 855,442 |
| | 3,730,217 | 3,126,278 | 3,158,076 | 2,719,205 |

Le linn na bliana, asbhaineadh ranníocaíochtaí aoisliúntais breise arbh fhiú €50,899/£43,092 (2023: €45,428/£39,512) faoi Chuid 4 den Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017, agus íocadh ar aghaidh leis an Roinn Sláinte iad.

**c)** Tá an fhaisnéis seo a leanas tugtha maidir leis an bhFoireann Ardbhainistíochta:

| | Díolaíochtaí | Díolaíochtaí | Fíor-Mhéadú/ (Fíor-Laghdú) i bPinsean a Tuilleadh | Fíor-Mhéadú/ (Fíor-Laghdú) i bPinsean a Tuilleadh | Luach an Phinsin Fhabhraithe ag deireadh na bliana | Luach an Phinsin Fhabhraithe ag deireadh na bliana | Aois (blianta) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | € | £ | € | £ | € | £ | |
| An Dr Gary Kearney (a ceapadh go foirmiúil mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin i mí Aibreáin 2024) | 130,000-135,000 | 108,724-114,154 | 4,000-4,500 | 3,386-3,810 | 56,000-57,000 | 47,411-48,257 | 59 |

Leis an Treoir maidir le Tuarascálacha Bliantúla agus Cuntais Bhliantúla na gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas, foráiltear d'fhaisnéis a nochtadh faoin luach saothair agus faoi na teidlíochtaí pinsin de chuid ball foirne sinsearach áirithe. I bhfianaise na reachtaíochta Cosanta Sonraí, ní dhearna an Bord na nochtaí sin toisc go bhféadfadh sé sin a bheith ina shárú ar an reachtaíocht. Níor thoiligh Fiona Gilligan Uas. (Stiúrthóir, Cumarsáid), an Dr Aileen McGloin (Stiúrthóir, Cothú), Patricia Fitzgerald Uas. (Stiúrthóir, Oibríochtaí Corparáideacha) ná Patricia Twohig Uas. (Stiúrthóir, Sábháilteacht Bia) leis an bhfaisnéis thuas a nochtadh.

Tá na díolaíochtaí uile ar aon dul leis na díolaíochtaí caighdeánacha earnála poiblí do na gráid lena mbaineann. B'ionann an luach saothair iomlán a íocadh leis an bpríomhfhoireann bhainistíochta sa bhliain 2024 agus €567,681.52/£480,611 (2023: €513,716/£446,825).

## 4. Costais oibriúcháin eile

| | 2024 | 2023 | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | £ | £ |
| Cíos agus Leictreachas* | 592,979 | 604,941 | 502,028 | 526,172 |
| Priontáil, Tuarascálacha agus Litríocht | 17,629 | 23,256 | 14,925 | 20,227 |
| Taisteal agus Cothú** | 142,229 | 108,231 | 120,414 | 94,138 |
| Tacaíocht Ríomhaire | 209,352 | 231,859 | 177,240 | 201,668 |
| Teileafón | 40,884 | 54,788 | 34,613 | 47,654 |
| Postas agus Páipéarachas | 1,588 | 4,373 | 1,344 | 3,803 |
| Costais Chruinnithe *** | 10,955 | 9,630 | 9,275 | 8,376 |
| Speansais Oifige *** | 55,944 | 40,342 | 47,363 | 35,089 |
| Difríocht Airgeadra | -14,218 | 7,197 | -12,037 | 6,260 |
| Speansais Earcaíochta | 14,482 | 21,117 | 12,261 | 18,367 |
| Oiliúint | 37,375 | 32,082 | 31,642 | 27,904 |
| Árachas | 24,144 | 23,840 | 20,441 | 20,736 |
| Síntiúis | 11,063 | 15,075 | 9,366 | 13,112 |
| Luach Saothair na nIniúchóirí | 24,500 | 26,700 | 20,742 | 23,223 |
| Táillí Dlí agus Gairmiúla | 89,702 | 167,251 | 75,943 | 145,473 |
| Glantóireacht agus Lónadóireacht | 14,308 | 19,674 | 12,113 | 17,113 |
| Cothabháil agus Deisiúcháin | 105,498 | 113,725 | 89,317 | 98,917 |
| Muirir Bhainc | 1,900 | 2,278 | 1,609 | 1,982 |
| | 1,380,314 | 1,506,359 | 1,168,599 | 1,310,214 |

*Sa bhliain 2016, rinne an Bord comhaontú chun cuid den bhunurlár den Oifig i gCorcaigh a ligean ar léas le Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn (Oifig na nOibreacha Poiblí) ar feadh tréimhse 10 mbliana. Is é €76,667 in aghaidh na bliana an cíos bliantúil don léas sin, rud atá iníoctha ina thráthchodanna ráithiúla.

**B'ionann na costais a tabhaíodh ar an Taisteal Eachtrach sa bhliain 2024 agus €12,025/£10,181 (2023: €4,824/£4,196).

***B'ionann an ghné fáilteachais de na costais sa bhliain 2024 agus €3,922/£3,320 (2023: €6,603/£5,743).

## 5. Caiteachas faoin gclár taighde

| | 2024 | 2023 | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | £ | £ |
| Sábháilteacht Bia | 450,676 | 581,518 | 381,551 | 505,799 |
| Cothú | 559,463 | 369,779 | 473,653 | 321,630 |
| Tionscadail Socrúcháin Taighde | 70,064 | 57,622 | 59,318 | 50,119 |
| Tionscnaimh Bhia Pobail | 245,402 | 222,215 | 207,762 | 193,280 |
| | 1,325,605 | 1,231,134 | 1,122,284 | 1,070,828 |

## 6. Sócmhainní Seasta

| | Trealamh Oifige | Costais Réadmhaoine agus Feistithe | Daingneáin agus Feistis | Trealamh Ríomhaire agus Bogearraí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| **Costas nó Luacháil** | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | 225,227 | 1,768,949 | 381,760 | 431,565 | 2,807,501 |
| Breiseanna | 0 | 0 | 0 | 24,548 | 24,548 |
| Diúscairtí | 0 | 0 | 0 | (21,498) | (21,498) |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 225,227 | 1,768,949 | 381,760 | 434,615 | 2,810,551 |
| **Dímheas** | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | 223,471 | 1,591,995 | 324,325 | 411,631 | 2,551,422 |
| Soláthar don bhliain | 0 | 70,811 | 14,004 | 19,157 | 103,973 |
| Diúscairtí | 0 | 0 | 0 | (21,498) | (21,498) |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 223,471 | 1,662,807 | 338,329 | 409,290 | 2,633,897 |
| **Glanluach de réir na Leabhar ag an 31 Nollaig 2024** | 1,756 | 106,142 | 43,431 | 25,325 | 176,654 |
| **Glanluach de réir na Leabhar ag an 31 Nollaig 2023** | 1,756 | 176,954 | 57,435 | 19,934 | 256,079 |

| | Trealamh Oifige | Costais Réadmhaoine agus Feistithe | Daingneáin agus Feistis | Trealamh Ríomhaire agus Bogearraí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | £ | £ | £ | £ | £ |
| **Costas nó Luacháil** | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | 195,734 | 1,537,305 | 331,769 | 375,052 | 2,439,859 |
| Coigeartú Malairte | (8,980) | (70,528) | (15,221) | (17,206) | (111,935) |
| Breiseanna | 0 | 0 | 0 | 20,355 | 20,355 |
| Diúscairtí | 0 | 0 | 0 | (17,836) | (17,836) |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 186,754 | 1,466,777 | 316,548 | 360,365 | 2,330,443 |
| **Dímheas** | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | 194,207 | 1,383,524 | 281,854 | 357,728 | 2,217,313 |
| Coigeartú Malairte | (8,909) | (64,709) | (13,174) | (16,371) | (103,163) |
| Soláthar don bhliain | 0 | 59,951 | 11,856 | 16,219 | 88,026 |
| Diúscairtí | 0 | 0 | 0 | (18,201) | (18,201) |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 185,298 | 1,378,766 | 280,536 | 339,375 | 2,183,975 |
| **Glanluach de réir na Leabhar ag an 31 Nollaig 2024** | 1,456 | 88,011 | 36,012 | 20,990 | 146,469 |
| **Glanluach de réir na Leabhar ag an 31 Nollaig 2023** | 1,526 | 153,782 | 49,915 | 17,324 | 222,547 |

## 7. Suimeanna Infhaighte

| | 2024 | 2023 | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | £ | £ |
| Suimeanna Infhaighte | 2,285 | 14,298 | 1,895 | 12,426 |
| Réamhíocaíochtaí agus Ioncam Fabhraithe | 257,937 | 363,883 | 213,876 | 316,233 |
| | 260,222 | 378,181 | 215,771 | 328,659 |

## 8. Suimeanna iníoctha (suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)

| | 2024 | 2023 | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | £ | £ |
| Suimeanna Iníoctha agus Fabhruithe | 365,540 | 588,322 | 303,099 | 511,280 |

## 9. Cúlchiste deontais caipitil

| | 2024 | 2023 | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | £ | £ |
| Iarmhéid Tosaigh | 256,081 | 337,997 | 222,547 | 299,780 |
| Breiseanna Caipitil | 24,548 | 28,638 | 20,783 | 24,909 |
| Diúscairtí Caipitil – Costas | (21,498) | (24,313) | (18,201) | (21,147) |
| Diúscairtí Caipitil – Dímheas | 21,498 | 24,313 | 18,201 | 22,147 |
| Coigeartú Aistriú Airgeadra | 0 | 0 | (8,825) | (5,984) |
| Lúide an tsuim a eisíodh chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais * | (103,974) | (110,554) | (88,026) | (96,158) |
| | 176,655 | 256,081 | 146,479 | 222,547 |

| *** Suim a eisíodh chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais** | 2024 | 2023 | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | £ | £ |
| Suim a amúchadh ar aon dul le dímheas | (103,974) | (110,554) | (88,026) | (96,158) |
| | (103,974) | (110,554) | (88,026) | (96,158) |

## 10. Glan-insreabhadh airgid/(glan-eis-sreabhadh airgid) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

| | 2024 | 2023 | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | £ | £ |
| Barrachas/(Easnamh) don tréimhse | 82,155 | (229,452) | 69,553 | (199,575) |
| Aistriú chuig an gCúlchiste Deontais Caipitil | (103,974) | (110,554) | (88,026) | (96,158) |
| Muirir Dhímheasa | 103,974 | 110,554 | 88,026 | 96,158 |
| (Méadú)/Laghdú i bhFéichiúnaithe | 117,959 | (183,050) | 112,888 | (155,591) |
| Méadú/(Laghdú) i gCreidiúnaithe | 222,782 | 138,415 | (208,182) | 112,245 |
| Coigeartú Aistriú Airgeadra | | 0 | (28,828) | (16,219) |
| | (22,668) | (274,087) | (54,569) | (259,140) |

Léirítear sa choigeartú aistriú airgeadra an méid gluaiseachta i luach na sócmhainní agus na ndliteanas reatha, ar gluaiseacht í is féidir a chur síos don athrú i rátaí malairte le linn na bliana.

## 11. Anailís ar na hiarmhéideanna airgid, mar atá léirithe sa Chlár Comhardaithe

| | Ag an 01.01.24 | Sreabhadh Airgid | Ag an 31.12.24 |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| Cuntas Euro | 260,562 | 304,461 | 565,023 |
| Cuntas Steirling | 628,729 | -317,664 | 311,065 |
| Cuntas Taisce | 52 | 0 | 52 |
| Mionairgead | 539 | -449 | 90 |
| Cártaí Creidmheasa | 7,392 | -9,016 | -1,624 |
| Iomlán | 897,274 | -22,668 | 874,608 |

| | Ag an 01.01.24 | Sreabhadh Airgid | Ag an 31.12.24 |
|---|---|---|---|
| | £ | £ | £ |
| Cuntas Euro | 226,441 | 242,065 | 468,506 |
| Cuntas Steirling | 546,397 | -288,468 | 257,929 |
| Cuntas Taisce | 45 | -2 | 43 |
| Mionairgead | 468 | -393 | 75 |
| Cártaí Creidmheasa | 6,424 | -7,770 | -1,346 |
| Iomlán | 779,775 | -54,568 | 725,207 |

## 12. Gníomhaíochtaí cur chun cinn

| | 2024 | 2023 | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | £ | £ |
| Costais Meán | 1,942,720 | 2,487,771 | 1,644,745 | 2,163,838 |
| Costais Mhargaíochta | 398,323 | 257,232 | 337,228 | 223,738 |
| Imeachtaí | 50,437 | 77,580 | 42,701 | 67,479 |
| Foilseacháin | 65,926 | 8,136 | 55,814 | 7,076 |
| Urraíocht Tionscadal agus Comhdhálacha | 53,447 | 38,474 | 45,250 | 33,464 |
| Forbairt Oideachasúil | 69,626 | 122,107 | 58,947 | 106,208 |
| Gníomhaíochtaí Líne Cabhrach | 16,072 | 9,836 | 13,607 | 8,555 |
| | 2,596,551 | 3,001,136 | 2,198,292 | 2,610,358 |

## 13. Cúlchiste ginearálta

| | 2024 | 2023 | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | £ | £ |
| Iarmhéid Tosaigh | 687,134 | 916,586 | 597,154 | 812,948 |
| Barrachas/(Easnamh) | 82,155 | (229,452) | 69,553 | (199,576) |
| Coigeartú Aistriú Airgeadra | 0 | 0 | (28,828) | (16,218) |
| Iarmhéid Deiridh | 769,289 | 687,134 | 637,879 | 597,154 |

## 14. Idirbhearta páirtithe gaolmhara

Tá an Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia ina chomhlacht forfheidhmithe trasteorann a n-urraíonn an Roinn Sláinte (Éire) agus an Roinn Sláinte (Tuaisceart Éireann) é, ar ranna iad a meastar gur páirtithe gaolmhara iad. Ba iad na ranna sin a chistigh an Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia go príomha le linn na bliana agus bhí idirbhearta éagsúla ag an mBord leo. Ní dhearna aon chomhalta Boird, aon phríomhbhainisteoir ná aon pháirtí gaolmhar eile aon idirbhearta ábhartha leis an mBord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia le linn na bliana.

## 15. Caiteachas caipitil amach anseo

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil ar an mBord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia ag an 31 Nollaig 2024.

## 16. Léasanna/ceangaltais

### (a) Íoscheangaltais léasa amach anseo

Ag an 31 Nollaig 2024, bhí ceangaltais ar an mBord faoi léasanna oibriúcháin mar a leanas:

| | 31.12.24 | 31.12.23 | 31.12.24 | 31.12.23 |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | £ | £ |
| Laistigh de Bhliain Amháin | 483,333 | 483,333 | 400,770 | 420,042 |
| Idir Dhá Bhliain agus Cúig Bliana | 720,253 | 1,203,586 | 597,219 | 1,045,976 |
| Tar éis Cúig Bliana | 556,769 | 556,769 | 461,662 | 483,860 |
| | 1,760,355 | 2,243,688 | 1,459,651 | 1,949,878 |

Sa bhliain 2016, rinne an Bord comhaontú chun cuid den bhunurlár den Oifig i gCorcaigh a ligean ar léas le Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn (Oifig na nOibreacha Poiblí) ar feadh tréimhse 10 mbliana. Is é €76,667 in aghaidh na bliana an cíos bliantúil don léas sin, rud atá iníoctha ina thráthchodanna ráithiúla.

Tá an cíos bliantúil foriomlán atá iníoctha i leith áitribh léasaithe miondealaithe mar a leanas:

**Cíosanna atá iníoctha/(infhaighte)**

| Láthair | Dáta Éaga | 31.12.24 | 31.12.23 | 31.12.24 | 31.12.23 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | € | € | £ | £ |
| Corcaigh | 2026 | 370,000 | 370,000 | 306,797 | 321,549 |
| Foléas i gCorcaigh | 2026 | (76,667) | (76,667) | (63,571) | (66,627) |
| Baile Átha Cliath | 2031 | 190,000 | 190,000 | 157,544 | 165,120 |
| Costais Bhliantúla Iomlána (Glanchostais) | | 483,333 | 483,333 | 400,770 | 420,042 |

Sa bhliain 2023, shínigh an Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia léas ar feadh tréimhse 10 mbliana ó mhí na Nollag 2022 go mí na Nollag 2031.

### (b) Ceangaltais Eile

Bhí ceangaltais eile €265,984/£231,406 (2023: €511,935/£444,897) ar an mBord i leith conarthaí ceadaithe taighde ag an 31 Nollaig 2024.

## 17. Sochair scoir

Is é atá sa scéim sochar scoir ná roinnt ranna a bhfuil struchtúir dhifriúla sochar ag baint leo. Is iad seo na príomhranna:

An Chroíroinn Tuarastail Deiridh - is socrú pinsin tuarastail deiridh é seo, áit a bhfuil na sochair múnlaithe ar an roinn Chlasaiceach den Phríomhscéim Pinsean Státseirbhíse i dTuaisceart Éireann. Leis an scéim, soláthraítear sochar scoir (ochtóduithe in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin do chéilí agus do leanaí. Is í an ghnáthaois scoir ná 60ú breithlá an chomhalta. Méadaítear na Sochair Scoir atá á n-íoc (agus atá á n-iarchur) ar aon dul le boilsciú ginearálta praghsanna.

An Chroíroinn Alfa - is socrú sochair scoir atá bunaithe ar thuilleamh meánaithe athluacháilte gairme é seo, áit a bhfuil na sochair múnlaithe ar an roinn Alfa den Phríomhscéim Pinsean Státseirbhíse i dTuaisceart Éireann. Leis an scéim, soláthraítear sochar scoir atá bunaithe ar chéatadán (2.55%) de phá inphinsin do gach bliain comhaltais ghníomhaigh (méadaítear an sochar scoir i dtús gach bliana scéime ar aon dul le boilsciú ginearálta praghsanna) agus pinsin do chéilí agus do leanaí. Is í an Ghnáthaois Scoir ná Aois Pinsin Stáit an chomhalta sa dlínse lena mbaineann. San am i láthair, b'ionann an aois sin agus 67 mbliana d'aois, 68 mbliana d'aois nó idir 67 mbliana d'aois agus 68 mbliana d'aois sa Ríocht Aontaithe agus b'ionann í agus 66 bliana d'aois in Éirinn. Méadaítear na Sochair Scoir atá á n-íoc (agus atá á n-iarchur) ar aon dul le boilsciú ginearálta praghsanna.

Beidh na sochair a carnadh i leith seirbhís a rinneadh suas go dtí an 31 Márta 2015 fós iníoctha tráth an scoir ar bhonn tuarastail deiridh. Dá bhrí sin, gheobhaidh formhór na gcomhaltaí den Chroíroinn sochair ón Roinn Tuarastail Deiridh agus ón Roinn Alfa araon agus, i bhformhór na gcásanna, éireoidh na daoine a rachaidh isteach sa scéim tar éis an 1 Aibreán 2015 ina gcomhaltaí den Chroíroinn Alfa.

An Roinn Ceart Forchoimeádta - tugadh an rogha do gach Comhalta den Chroíroinn sa Deisceart athrú go catagóir comhaltais atá bunaithe ar an Scéim Aoisliúntais do Státseirbhísigh Bhunaithe (ar Scéim Státseirbhísigh na hÉireann í). Tháinig an cleachtadh roghanna chun deiridh an 31 Márta 2015 agus roghnaigh 14 fhostaí a gcatagóir comhaltais a athrú.

Tá an luacháil sochair scoir ag an 31 Nollaig 2024 bunaithe ar choinbhinsiún FRS 102 agus chuir achtúire cáilithe neamhspleách i gcrích í. Rinneadh soláthar do mhortlaíocht ionchais thar an tréimhse agus don ghluaiseacht iarbhír i ndálaí airgeadais ón dáta luachála. Ullmhaíodh na torthaí don bhliain seo ach luacháil iomlán a dhéanamh ar dhliteanais na scéime, agus dálaí margaidh agus sonraí scéime ag an 31 Nollaig 2024 á gcur san áireamh. Is iad seo na príomhthoimhdí a úsáideadh chun dliteanais scéime a ríomh:

### a) Na príomhthoimhdí achtúireacha a úsáideadh do na ríomhaireachtaí

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| Ráta lascaine (Éire) | 3.57% | 3.40% |
| Ráta lascaine (Tuaisceart Éireann) | 5.51% | 4.54% |
| Ráta boilscithe (Éire) | 1.95% | 2.10% |
| Ráta boilscithe (Tuaisceart Éireann) | 2.70% | 2.55% |
| Ráta méadaithe i dtuarastal (Éire) | 2.70% | 2.55% |
| Ráta méadaithe i dtuarastal (Tuaisceart Éireann) | 2.70% | 2.55% |
| **Ráta méadaithe i bpinsin (Éire):** | | |
| Comhaltaí den Chroíroinn | 1.95% | 2.10% |
| Gach comhalta eile | 2.70% | 2.55% |
| Ráta méadaithe i bpinsin (Tuaisceart Éireann) | 2.70% | 2.55% |
| Ráta malairte ag deireadh na bliana (Steirling : Euro) | 1.21 | 1.15 |
| Ráta malairte i lár na bliana (Steirling : Euro) | 1.18 | 1.15 |
| **An meánlíon blianta a mheastar a bheith fágtha ag na daoine seo a leanas agus iad 65 bliana d'aois:** | | |
| Fear atá 65 bliana d'aois faoi láthair | 86.7 bliain | 86.80 bliain |
| Bean atá 65 bliana d'aois faoi láthair | 89.1 bliain | 89 mbliana |
| Fear atá 45 bliana d'aois faoi láthair | 87.9 bliain | 88.10 bliain |
| Bean atá 45 bliana d'aois faoi láthair | 90.5 bliain | 90.40 bliain |

### b) Gluaiseacht sa Ghlandliteanas Pinsin le linn na bliana airgeadais

| | 2024 | 2023 | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | £'000 | £'000 |
| (Easnamh) sa dliteanas sochair scoir ag an 1 Eanáir | (15,722) | (15,168) | (13,663) | (13,453) |
| Sochair Scoir a íocadh le linn na bliana | 299 | 208 | 253 | 181 |
| Costas seirbhíse reatha | (875) | (402) | (741) | (350) |
| Creidmheas seirbhíse roimhe sin | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Glanaistrithe isteach sa scéim/(amach as an scéim) | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Ioncam/(muirear) maoiniúcháin eile | (544) | (582) | (461) | (506) |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach | 601 | 222 | 509 | 193 |
| Difríochtaí malairte – comparáidí Steirling | 0 | 0 | 636 | 272 |
| (Easnamh) sa dliteanas pinsin ag an 31 Nollaig | (16,241) | (15,722) | (13,467) | (13,663) |

Tá an anailís ar an ngluaiseacht (san easnamh) sa Phlean le linn na bliana mar a leanas

| | 2024 | 2023 | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | £'000 | £'000 |
| Gnóthachan/(caillteanas) ar an athrú i dtoimhdí airgeadais | 661 | (828) | 560 | (720) |
| Gnóthachan/(caillteanas) de bharr athruithe i dtoimhdí déimeagrafacha | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Gnóthachan/(caillteanas) ó thaithí | (60) | 1050 | (51) | 913 |
| Gnóthachan/(caillteanas) de bharr gluaiseachtaí airgeadra | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Difríochtaí malairte – comparáidí Steirling | 0 | 0 | (0) | (0) |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach | 601 | 222 | 509 | 193 |

**c) Anailís ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais don bhliain airgeadais**

Tá an anailís ar an nglanchistiú iarchurtha le haghaidh sochar scoir mar a leanas:

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 | 2024 £'000 | 2023 £'000 |
|---|---|---|---|---|
| Costas seirbhíse reatha | 875 | 402 | 741 | 350 |
| Costas maoiniúcháin eile | 544 | 582 | 461 | 506 |
| Sochair Scoir a íocadh le linn na bliana | (299) | (208) | (253) | (181) |
| Glanaistrithe (amach as an scéim)/isteach sa scéim | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Difríochtaí malairte – comparáidí Steirling | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | 1,120 | 776 | 949 | 675 |

Tá an anailís ar na costais seirbhíse reatha sochair scoir mar a leanas:

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 | 2024 £'000 | 2023 £'000 |
|---|---|---|---|---|
| Costas seirbhíse reatha | 875 | 402 | 741 | 350 |
| Costas maoiniúcháin eile | 544 | 582 | 461 | 505 |
| | 1,419 | 984 | 1,202 | 855 |

**d) Cistiú iarchurtha sochair scoir**

De réir an chleachtais cuntasaíochta do chomhlachtaí neamhthráchtála Státurraithe in Éirinn, aithníonn an Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia sócmhainn arb ionann í agus na hacmhainní atá le cur ar fáil ag Státchiste na Ríochta Aontaithe agus ag Státchiste na hÉireann don dliteanas iarchurtha neamhchistithe le haghaidh sochair scoir, bunaithe ar roinnt eachtraí san am atá thart. Áirítear leis na heachtraí sin an tacaíocht reachtúil do na scéimeanna aoisliúntais, mar aon leis an mbeartas agus leis an gcleachtas i dtaca le sochair scoir seirbhíse poiblí a chistiú sa dá dhlínse, lena n-áirítear an próiseas meastachán bliantúil.

Cé nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil i bhfeidhm leis na comhlachtaí cistiúcháin maidir leis na suimeanna sonracha sin agus nach bhfuil aon ráthaíocht ann go bhfaighfear iad dá bharr sin, níl aon fhianaise ag an mBord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia nach leanfaidh an beartas cistiúcháin sin ar aghaidh leis na suimeanna a íoc de réir an chleachtais reatha. Tá an cur chuige sin ar neamhréir leis an gcleachtas cuntasaíochta do Chomhlachtaí Neamhrannacha sa Ríocht Aontaithe, áit arb amhlaidh, in éagmais ráthaíocht fhoirmiúil, nach n-aithnítear dliteanas cistiúcháin go dtí go dtagann an ceangaltas chun bheith dlite.

B’ionann an tsócmhainn cistiúcháin iarchurtha le haghaidh sochair scoir amhail an 31 Nollaig 2024 agus €16.241m/ £13.467m (2023: €15.722m/£13.663m).

| | 2024 | 2023 | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | €’000 | €’000 | £’000 | £’000 |
| Iarmhéid Tosaigh ag an 1 Eanáir | 15,722 | 15,168 | 13,663 | 13,453 |
| Méadú/(Laghdú) i gCistiú Iarchurtha Pinsin | 519 | 554 | (196) | 210 |
| Iarmhéid ag an 31 Nollaig | 16,241 | 15,722 | 13,467 | 13,663 |

**e) Stair na ndliteanas sochair shainithe**

| | 2024 | 2023 | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | €’000 | €’000 | €’000 | €’000 |
| (Easnamh) amhail an 31 Nollaig | (16,241) | (15,722) | (15,168) | (21,368) |
| Coigeartú ó thaithí ar dhliteanais, lena n-áirítear an gnóthachan/(caillteanas) de bharr an ráta malairte | (60) | 1,050 | (784) | (48) |
| Céatadán de Dhliteanais Scéime | 0.4% | 6.7% | 5.2% | 0.2% |

| | 2024 | 2023 | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | £’000 | £’000 | £’000 | £’000 |
| (Easnamh) amhail an 31 Nollaig | (13,467) | (13,663) | (13,453) | (17,955) |
| Coigeartú ó thaithí ar dhliteanais, lena n-áirítear an gnóthachan/(caillteanas) de bharr an ráta malairte | (51) | 913 | (669) | 41 |
| Céatadán de Dhliteanais Scéime | 0.4% | 6.7% | 5.2% | 0.2% |

**f) Anailís íogaireachta**

| | |
|---|---|
| Athrú i luach na ndliteanas | **€’000** |
| Ráta lascaine + 0.5% | (1,437) |
| Boilsciú + 0.5% | 1,571 |
| Mortlaíocht (bliain amháin níos óige) | 506 |

## 18. Dliteanais theagmhasacha

**An Rialú i gcásanna McCloud agus Sargeant – Nóta maidir le Dliteanas Teagmhasach**

Chinn an Chúirt Achomhairc i gcásanna McCloud agus Sargeant gurbh idirdhealaitheach a bhí na cosaintí idirthréimhseacha a tugadh isteach mar chuid de na hathchóirithe a rinneadh ar phinsin seirbhíse poiblí sa bhliain 2015. Mar fhreagairt do na breithiúnais sin, deimhníodh leigheas "ionchasach" agus "cúlghabhálach". Mar thoradh ar an ngné "ionchasach", b'amhlaidh, ón 1 Aibreán 2022, a aistríodh comhaltaí den Chroíroinn Tuarastail Deiridh agus den Roinn Ceart Forchoimeádta den Scéim Pinsean Thuaidh/Theas (Tuaisceart Éireann) chuig an scéim alfa i ndáil le haon fhabhrú ón dáta sin i leith. Rinneadh soláthar sna nochtaí thuas do thionchar an athraithe sin ar na dliteanais.

Tá na Comhlachtaí ag obair le riarthóirí faoi láthair chun déileáil leis an leigheas "Cúlghabhálach". Mar thoradh ar an leigheas sin, tabharfar do na comhaltaí lena mbaineann "fothaca rogha iarchurtha" don tréimhse idir an 1 Aibreán 2015 agus an 31 Márta 2022. Féadfaidh comhaltaí an modh fabhraithe sochair (tuarastal deiridh nó tuilleamh meánaithe athluacháilte gairme sa roinn alfa) a roghnú thar an tréimhse leighis as a mbainfidh siad an buntáiste is mó. Níorbh eol costas deiridh an leighis sin go dtí go mbeadh gach comhalta lena mbaineann dulta ar scor. Ríomhadh dliteanas teagmhasach, ar meastachán é ar an dliteanas breise féideartha a bhaineann leis an ní seo. De réir mar a imíonn am thart agus a théann comhaltaí ar scor agus a dhéanann siad a rogha, measaimid go dtiocfaidh laghdú ar an dliteanas teagmhasach mar chion den dliteanas iomlán.

Ní dhearnadh aon soláthar sna nochtaí thuas don ghné Chúlghabhálach den leigheas.
Ar bhonn na nótaí dliteanais theagmhasaigh roimhe a ullmhaíodh do gach Comhlacht, measaimid go mbeidh costais bhreise an leighis chúlghabhálaigh cothrom le suas le €109k don Chomhlacht seo amhail an 31 Nollaig 2024 (an bhliain airgeadais 2023: €163k). Áirítear leis sin lamháil le haghaidh riaráistí atá dlite do chomhaltaí is pinsinéirí reatha.

## 19. An dáta a údaraíodh eisiúint

Rinne an Duine Cuntasach (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin) eisiúint na ráiteas airgeadais seo a údarú an 17/12/2025.

# Aguisín 1 – ordachán cuntas

**An Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia**

**An t-ordachán cuntas a thug Roinn Sláinte an Tuaiscirt agus Roinn Sláinte an Deiscirt, le ceadú na Ranna Airgeadais ó Thuaidh agus ó Dheas, de réir an Ordaithe um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann), 1999, agus an Achta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999.**

Tabharfar sna cuntais bhliantúla léargas fírinneach cóir ar an ioncam, ar an gcaiteachas agus ar an sreabhadh airgid don bhliain airgeadais agus ar an staid gnóthaí amhail deireadh na bliana. Faoi réir an cheanglais sin, ullmhóidh an Comhlacht cuntais don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2018 agus do na blianta airgeadais ina diaidh de réir na nithe seo a leanas:

a) an Treoir maidir le Tuarascálacha Bliantúla agus Cuntais Bhliantúla na gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas;

b) treoir eile a eiseoidh na Ranna Airgeadais ó am go chéile i ndáil le cuntais a gceanglaítear go dtabharfaí léargas fírinneach cóir iontu; agus

c) aon nochtaí sonracha eile a cheanglaíonn na Ranna Urraíochta, ach amháin i gcás go gcomhaontófar a mhalairt leis na Ranna Airgeadais. Sa chás sin, tuairisceofar an eisceacht sna nótaí leis na cuntais.

Arna shíniú le húdarás na ranna seo a leanas

An Roinn Sláinte (Tuaisceart Éireann)

Dátaithe
1 Deireadh Fómhair 2019

An Roinn Sláinte (Éire)

Dátaithe
30 Deireadh Fómhair 2019